

Cuirim

An Síoladóir Nua

Iml. 1

Uimhir 2



"Scaipió an síol ó máirín go h-oiréce
1r tiosparó an tomaid i n-éiríonn lá."—An t-Áirínginead.

CLÁR

Preafáid Séamus Ó hÉanaigh	i
Focal ó na Eagarthóirí Mairtín Mac Conmara & Fearghus Ó Fearghail	iii
Cuimhní Cinn Pádraig Ó Fiannachta	1
Úrscéalaíthe Éireannacha an Bhéarla san Fhichiú hAois agus an Caitliceachas Eamon Maher	15
An Bíobla i nGaeilge Breandán Ó Madagáin	28
Amharc Gnúise Dé: An Ann do Dhia? Monadiachas; Íosa na Staire; Inspioráid an Scriptorúir Máirtín Mac Conmara	41
Bunáit Cheilteach cois na Danóibe Micheál Ó Meachair, MSC, RIP	70
AN BHRÍ SPIORADÁLTA I SEANCHAS CHOLMCILLE Philip Baxter, OFM Cap.	77

PREAFÁID

Cuirim fáilte roimh an dara eagrán den Síoladóir Nua. Tá sé tráthúil go bhfuil sé ag teacht amach ag tús na bliana seo. Tá dhá alt san eagrán seo faoi aistriú an Bhíobla go Gaeilge. Sé an fáth go bhfuil siad tráthúil ná go bhfuilimid ag ceiliúradh daichead bliain ó foilsíodh an chéad eagrán de An Bíobla Naofa. Tá alt amháin ag tabhairt léargas dúinn ar an saothar a bhí ar siúl sa chúlra chun go bhféadfaí an seoid sin a sholáthar dúinn. Tá sé tráthúil freisin mar go bhfuil sé i gceist eagrán nua de An Bíobla Naofa a fhoilsiú roimh dheireadh na bliana. Tá fáth eile go bhfuil an teagrán seo de An Síoladóir tráthúil. I mbliana táimid ag ceiliúradh 1500 bliain ó rugadh Naomh Colmcille. Tuigimid go raibh tionchar mór aige ar an eaglas lena linn agus tá a rian fágtha ar chreideamh na ndaoine go fóill. Bainfear taitheamh as an talt faoin an Naomh Uasal seo. Tá alt eile faoi an stair i bhfad siar. Baineann sé le scéal na Ceiltigh i bhfad sul ar tháinig said go dtí na hoileáin seo. Alt spéisiúl atá ann cé nach gcloisimid faoi an gné seo den stair ró-mhínic.

Tá dhá alt ag tagairt do cheisteanna comhaimseartha. Tá ceann acu ag cur síos ar roinnt scríobhnóirí Béarla ón 20ú aois agus an dearcadh a bhí acu ar an gcreideamh agus ar an eaglais Chaithliceach. Tugann an ceann eile aghaidh ar cuid de cheisteanna móra na linne seo. Is cinnte go gcuirfidh an talt seo tús le díospóireacht faoi na ceisteanna a pléitear ann agus is mithid an díospóireacht sin a bheith againn.

Tá súil agam go mbainfidh ár léitheoirí taitheamh as na haltanna spéisiúla seo. Cuirimid fáilte roimh tuairimí ó léitheoirí faoi na hábhair a pléitear anseo.

Seamus Ó hEanaigh
An tUachtarán

Focal ó na Eagarthóirí

Seo dhuit, a leitheoir, *An Sioladóir Nua*, uimhir a dó. Tá dha alt ó údar nach maireann – Pádraig Ó Fiannachta agus Micheál Ó Meachair.

Mairtín Mac Conmara
Fearghus Ó Fearghail

Cuimhní Cinn

Pádraig Ó Fiannachta

Bhain bunú Chumann na Sagart in 1916 le hathbheochan ár dtíre sna blianta sin faoi mar a bhain an fuinneamh nua miseanta a tháinig chun cinn san Eaglais in Éirinn ag an am. Nuair a tharla comóradh leathchéad bliain Éirí Amach na Cásca in 1966 is cuimhin liom gurb é an chuid ba thábhachtaí den chomóradh a rinne an Cumann ná gluaiseacht na gcampaí oibre. Spreag sin a leithéid eile i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus dhírigh idéalaithe óga ansiúd ar a leithéid eile a bhunú i gCorca Dhuibhne. Ar Chléire a dhírigh Chumann na Sagart toisc go raibh baint chomh dlúth ag an Athair Donnchadh Ó Floinn leis an bpobal ansiúd. Bhí páirt mhór ag cléirigh Mhaigh Nuad san iarracht sin. Bhí mhic léinn eile, tuataí, cailíní agus buachaillí páirteach. Is cuimhin liom go raibh Máire Roycroft, iníon le ministir d'Eaglais na hÉireann a bhí sa Daingean, an-ghníomhach. Bhí gné éacúiméineach ag an mbeartas. Is aisteach liom anois, cé go rabhas ar dhuine díobh siúd a mhol an bheart, nár ghabhas páirt sa champa oibre a chuaigh go Cléire. Bhíos an-ghafa ag na trí spriocanna, na *desiderata*, a bhí agam ag filleadh dom ó mo thréimhse pastúireachta i gCymru:

Sprioc 1: an Foclóir Sean-Ghaeilge a thabhairt chun críche. An tAthair Donnchadh Ó Floinn a spreag mé, agus mé fós im' fhochéimí chun an chúraim sin. D'fhágadh sé cóipeanna de na fascúil a bhí ar fáil ar bhord na leabharlainne i dTeach na Sóisear agus thug sé le tuiscint go raibh an fómhar mór ach an mheitheal beag. Ní rabhas ach breis bheag agus bliain ar ais sa Choláiste nuair a fuair cuireadh dul ar an meitheal; chuas agus d'fhanas uirthi go raibh an clabhsúr againn in 1975. Le linn an téarma acadúil chaithinn lá sa tseachtain ar

dtús agus tar éis tamaill dhá lá sa tseachtain ó dh'osclaíodh an tAcadamh Ríoga ar a naoi ar maidin go dtí tamaill tar éis a iata, ar an obair sin. Bhíodh mo chairt páirceálta de ghnáth i Sr. Dásan. Le linn saoire an tsamhraidh chaithinn gach re coicíós ó Luan go hAoine ar an obair sin.

Spríoc 2: leagan nua-aimseartha Gaeilge den Bhíobla a sholáthar. Tuigeadh do Chumann na Sagart go raibh seo práinneach go háirithe de bharr na béime a bhí curtha ag Dara Comhairle na Vatacáine ar an liotúirge i dteanga an phobail. Bhí spéis ar leith ag an Athair Tomás Ó Fiaich, an tAthair Colmán Ó hUallacháin agus agam féin sa chúram seo. Bhí m'aighe-se dírithe sa treo sin ón lá a shiúil an tAthair Donnchadh isteach sa rang Gaeilge in 1946 agus a dúirt sé linn go raibh coimisiún de thriúr bunaithe ag an gcliarlathas chun leagan Gaeilge den Nua-Thiomna ón nGréigis bhunaidh a sholáthar. D'iarr sé orainn a bheith ag bailiú sleachta nó véarsaí den Nua-Thiomna a bhuaileadh linn i dtéacsanna a bheadh á léamh againn. Is beag tor a tugadh ar a achainí, ach chuir sé ar ár súile dúinn a ghátaraí a bhí Bíobla údarásach Gaeilge a bheith ar fáil. Nuair a dh'fhilleas ar an gcoláiste trí bliana déag ina dhiaidh sin fuair amach ná raibh a lán déanta ag an gCoimisiún de bharr drochshláinte. Cailleadh Uachtarán an Choláiste agus Cathaoirleach an Choimisiúin, an Moinsíneoir Éamann Ó Cíosáin, seachtain tar éis dom filleadh. Ar mholadh ó bhail Chumann na Sagart agus ón Athair Tomás Ó Fiaich go háirithe, chuir an cliarlathas triúr nua leis an gcoimisiún a bhí i mbun an Nua-Thiomna, an tAthair Tomás Ó Fiaich, an tAthair Colmán Ó hUallacháin, agus an tAthair Pádraig Ó Fiannachta mar rúnaí. Leag siad mar chúram orthu Bíobla iomlán i Nua-Ghaeilge a sholáthar bunaithe ar an nGréigis agus an Eabhrais chomh luath agus ab fhéidir. Faoi dheireadh na bliana bhí Colmán imithe go Coláiste Bhaile Mhic Gormáin i mbun cúraimí eile, bunú na chéad teanglainne agus gnóthaí troma eile. Bhí cead ár gcinn ag an mbeirt eile againn. Ní raibh aon aird fós poinn ar éacúiméineachas agus níor chuimhníomar nó go raibh sé ródhéanach ach ar an bpobail Caitliceach. Bheartaíomar leabhair uile an Bhíobla a roinnt idir na sagairt ab eol dúinn a

bheith oilte go maith ar an nGaeilge ach ceangal a bheith orthu scoláire Scrioptúr leis an gcéim LSS a bheith mar chomhlairleoir ag gach duine díobh. Bhí an tAthair Caoimhín Condún CM mar chomhairleoir agamsa. Chuireas aithne air an chéad lá a shiúil sé isteach sa rang chugainn i gColáiste na Naomh Uile an Luan tar éis an chéad Domhnach den Aidbhint. Bhí sé tagtha ón Róimh agus a chéim LSS faighte aige, é bríomhar fuinniúil. Ina lámha bhí an *Liber Usualis* agus an Vulgáid. Nuair a bhí an phaidir ráite aige, shuigh síos agus léigh Ainteafan na hIontróide don Domhnach roimhe sin as an *Liber Usualis* agus ansin as an Vulgáid an téacs ag freagairt dó ach é beagán difriúil. ‘Aon mhíniú ag éinne agaibh ar an difir seo?’ ar sé. Bhí tracht éigin cloiste agam ar an *Vetus Itala*. Chuireas mo lámh in airde. ‘Tusa thíos ag bun an ranga, Patrick Fenton. Cad a cheapann tú? ‘Is ón *Vetus Itala* an téacs sa *Liber Usualis*’ Ón lá sin amach bhí tuiscint eadrainn. Ní raibh sé chomh heolach ar an nGaeilge ach thuigeas go mba chomhairleoir iontach don Pheintiteoch é. Scríobhas chuige á rá go rabhamar ag cur Bíobla nua Gaeilge ar fáil a luaithe ab fhéidir. Mar thosnú go mbeinn féin i mbun an Pheintiteoch. D’iarras air cabhrú liom agus a bheith mar chomhairleoir agus mar chúntóir agam; an scríobhfadh sé Brollach agus a leithéid ar leith ansin don Pheintiteoch, agus dílse an leagain de na chéad leabhair sin don Eabhrais a chinntiú. Bhí sé lánsásta sin go léir a dhéanamh. Bhí dréacht agam dá lán de Gheineasas ón Athair Colm Cille O. Cist. Dá bharr sin go léir sheol An Canónach Coslett Ó Cuinn an Peintiteoch, ‘I gcuimhe Uilliam Bedel Easpag 1571-1642’ sa Chabhán in 1971. Glacadh le saothair a foilsíodh faoi chomhairle an Athar Wilfrid Ó hUrdail; Leabhar Dhainéil liomsa (1963) agus Leabhair Ióna (IMN 1962). Ní dearnadh aon socrú cinnte faoi fhoilsiú na leabhar a rabhthas ag glacadh leo mar chuid den Bhíobla nua. Is é Muintir Ghill a d’fhoilsigh Matha leis an Athair Donnchadh agus an coimisiún úd, ach *An Sagart* agus Gill Lúcas (1983) leis an Athair Donnchadh le Tomás Ó Fiaich agus Pádraig Ó Fiannachta mar eagarthóirí clabhsúir. Bhí glactha leis cheana féin mar chuid de An Bíobla Naofa. D’iarr an tAthair Donnchadh orm a raibh

gan aistriú aige féin de Mharcas, ó chaibidil 11 ar aghaidh a aistriú sa stíl chéanna agus súil agam ar Mhatha agus ar Lúcas. Chuir Seán Ó Floinn réamhrá leis (1972). Bhí cúplaí eile ag obair leo go neamhspleách agus saothair den scoth á bhfoilsiú acu: Leabhar Ezicéal (An Sagart 1970) leis na sagairt Seosamh Ó Dufaigh agus Seán Ó Coinnealláin; Leabhar Irimíá le Augustine Valkenburg agus Wilfrid Harrington (An Sagart 1975); Íseáia (An Sagart agus Veritas 1975) le Breandán Ó Doibhlin agus Seán Ó Coinleáin. Sholáthraigh an Dr. Seán Mac Cárthaigh leagan den Corpus Paulinum seachas Eabhraigh a dh'fhoilsigh *An Sagart* (1977) le beagán eagarthóireachta. Inár n-iriseán *An Sagart* a foilsíodh leagan le Tomás Mac Aoidh agus Seán Ó Floinn de Litreacha Eoin. Glacadh le leagan an Athar Colm Cille de Leabhar na Salm le beagán eagarthóireachta in A(n) B(íobla) N(aofa). Ní bhacaim a thuilleadh anseo le leabhair eile, ná leis na leabhair a dh'aistríos féin le comhairle na scoláirí Scriptor Dónall Ó Conchúir, Gearóid Ó Meachair agus Seán Ó Gríocha. Tá mioneolas fúthu sa Réamhrá le ABN.

Nuair a bhí gach leabhar den Bhíobla, idir chanónach agus dheotracanónach i gcló agus scaipthe ar fud Fódla, bhí an eagarthóireacht chlabhsúir le déanamh. Ní raibh fonn orm sin a dhéanamh mar bhí eagla orm go mbeadh daoine ag gearán go raibh sé ró-Mhuimhneach. Ach b'iontach an rud é go raibh caoi ag pobal na tíre agus lasmuigh de leasuithe a mholadh, agus a dtuairimí a chur chugam. Bhí an litriú socair le breis is tríocha bliain agus caighdeánú déanta geall leis ar an bhfoclóir agus ar an ngramadach, comhréir agus eile, faoin am gur foilsíodh ABN. B'iontach an máistir caighdeáin é Muiris Ó Droighneáin, beannacht Dé leis. Throideas mo chath deireanach leis faoi *ar an bhfear beag agus ar an fhear bheag*. Theastaigh uaimse iad araon a cheadú agus gan cur isteach ar na daoine a scríobh *ar an fhear bheag*. Ní réiteodh sé. Ghéilleas dó ar deireadh nuair a chruthaigh sé dom go raibh an nós tuaisceartach teoranta, ná raibh sé le fáil ach lastuaidh de líne ó Shligeach go Loch Cairlinne.

Idir an dá linn tharla práinn eile in 1968 nuair a dh'fhógair an Cliarlathas ag a gcrúinniú fómhair 1968 go mbeadh an tAifreann i dteanga na ndaoine, i mBéarla agus i nGaeilge, ón gcéad Domhnach den Charghas ar aghaidh an bhliain a bhí chugainn. Bhí an t-ádh linn in Éirinn go raibh Cathal Ó Háinle ar fáil i Maidh Nuad chun an Leicseanár don bhliain ar fad, do na Domhnaí A B C agus do na Dálaigh 1 agus 2 a sholáthar dúinn. Fuair sé bliain saor óna chúraimí ollún chun é seo a chur i gcrích. Phléigh sé an cúram trom sin liomsa ó thaobh foilsiú agus lena lán eile ó thaobh dearadh. Bheartaíomar go dtabharfadh *An Sagart* faoina fhoilsiú d'fhonn moilleadóireacht a sheachaint; go dtosnódh sé le Carghas agus Cáisc mar Chuid II; ansin Domhnaí 1-17 mar chuid III, Nollaig mar Chuid I; Domhnaí 18-34 mar Chuid IV, Féilire na Naomh agus a raibh fágtha, mar aon le hinnéacs iomlán mar Chuid V. Thugas ainmneacha na foirne go léir a bhí ag plé le ABN dó, cuid acu a raibh a saothar foilsithe agus a thuilleadh ná raibh. Ba mhór an gaisce é Cuid I---IV a bheith ar fáil go tráthúil agus gan ach moill bheag le Cuid V. Chaith Cathal na sleachta a bhailiú ó na haistritheoirí, gach focal a chlósábh, na prófaí a cheartú.

Luíos féin isteach ar chúrsaí gnó. D'fhógraíomar go mbeadh an leicseanár ar fáil ina choda, gach cuid ar £8 ach é a cheannach roimh ré agus go mbeadh sé ar fáil in am gach tráth. Timpeall trí chéad caoga ordú a fuair ar dtús. Is trua liom nár choimeádas an liosta úd, ach dh'fhágas Maigh Nuad faoi dheifir agus chuaigh mo leabhar mór cuntais amú. Rinne na clódóirí, *The Leinster Leader*, agus an bainisteoir W.D. Britton comhar iontach linn agus mar an gcéanna an clóchuradóir Stan Hickey agus Michael Kean ceann na foirne. Bhí moill áirithe ar chuid V. Nuair a bhí sin scaipthe bhí roinnt mhaith cóipeanna den iomlán fágtha. Ceanglaíodh iad sin faoi cheangal cruá dearg in aon imleabhar amháin. Tá deisiú de dhíth ar chuid acu faoi láthair. Ní dócha go mbeidh aon leasú ar an Leicseanár oifigiúil ar feadh a lán blianta. Tá cóipeanna de Leabhar Aifreann an Domhnaigh leis na léachtaí do bhlianta A, B agus C, agus Ord an Aifreann leis an ceithre Paidreacha Eocairisteacha nua, ar fáil fós ach gan na hathruithe breise

atá sa tríú heagrán tipiceach Rómhánach ann. Go maithe Dia dom é, mar is mé is mó atá ciontach, níor ceiliúradh riamh an gaisce seo Chathail Uí Hainle. Sin rud eile a d'fhéadfadh Cumann na Sagart a cheiliúradh in 2016.

Nuair a tharla an leasú mór ar an *Leabhar Aifrinn Rómhánach* sa dara heagrán iarradh ormsa leagan Gaeilge de a sholáthar. Tugadh bliain saor dom ó léachtaí agus ó chúraimí m'ollúnachta sa tSean-Ghaeilge agus léachtóireachta sa Bhreatnais. D'éirigh liom scoláire óg dícheallach ó Antwerp na hOllainne Hans Oskamp a fháil chun mo ranganna Sean-Ghaeilge a theagasc, ach an triúr a bhí agam ag déanamh na Breatnaise ní raibh seomra agam dóibh agus bhíodh cúig rang sa tseachtain agam leo im' sheomra suite féin. An-scoláire agus múinteoir den scoth ab ea Hans. Ba speisialtóir é sa gcóidéacseolaíocht agus sa phailéagrafaíocht. D'fhreastalaíos féin ar léachtaí sna hábhair sin. Ba mhór an méala a bhás ina óige tar éis dó fillleadh ar Antwerp. Chuireas fáilte roimh dhréachaí ó chuid d'fhoireann an Bhíobla don *Leabhar Aifrinn* agus bhaineas feidhm astu de réir mar a tuigeadh dom.

Bhí Easpag Mac Cormaic na Mí i gceannas ar chúrsaí Gaeilge sa liotúirge san am sin. Chuireas ceist air ar ghá na Praenotanda i Laidin nó i nGaeilge a ghabháil leis an leabhar. 'Ní fiú é' ar sé 'is beag duine a léifeadh iad. Beidh siad sa leagan Béarla.' Dheineas rud air. Bhí Ord an Aifrinn, na Paidreacha Eocairisteacha ar fáil cheana. Chabhraigh Muiris Ó Droighneáin arís le cúrsaí caighdeáin. Nuair a bhí an Nihil Obstat agus an Imprimatur faighte agam chuas ar aghaidh leis na doiciméid oifigiúla le síniú dóchasúil mar ba ghá sin le bailíocht: faoin am go mbeadh an leabhar foilsithe chreideas go mbeadh sin faighte ag an gcliarlathas. Bhí an *Leabhar Aifrinn Rómhánach* ar fáil ag Gaeilgeoirí sa bhaile agus i gcéin chomh luath agus a bhí gá leis. De réir mar a chloisim faoin bPápa Proinsias thuigfeadh sé mo chás. Thuig an Cairdinéal Mac Con Midhe dom chomh maith. Ghlac na húdaráis leis an iomlán le moladh go bhfoilseofaí, sa chéad eagrán eile, téacs Ord an Aifrinn agus na Praenotanda i

Laidean. In 1973 foilsíodh *An Leabhar Aifrinn* faoi cheangal maisiúil gan a bheith chomh taibhseach leis an gceann Béarla a foilsíodh bliain ina dhiaidh sin. Cúig chéad cóip a clóbhuaileadh; £15 an praghas. Bhí roinnt mhaith díobh fágtha. Bhí sé mar nós agam cóip a bhronnadh ar gach sagart óg a d’oirnítí i Maigh Nuad a raibh spéis aige sa Ghaeilge nó a bhain le deoise ina raibh Gaeltacht go dtí gur fhágas Maigh Nuad in 1992. Níorbh aon ionadh gur chaitheas an dara cló a sholáthar in 1978; níorbh eagrán é, áfach, mar ná raibh de dhifir idir é agus an chéad cló ach dhá dhearmad cló a cheartaíos ann. Níl aon ollamh ná léachtóir le Gaeilge i gColáiste Phádraig ná san Ollscoil Phointifiúil i Maigh Nuad anois—ach tá an teanga go maith ag cuid den fhoireann. Ní hionadh go mbeimid blianta eile fós gan leagan Gaeilge den tríú heagrán tipiceach den *Leabhar Aifrinn*.

Níl aon tslí is fearr a dhéanfadh Cumann na Sagart agus Coláiste Phádraig 1916 a chomóradh ná iarracht láidir a dhéanamh ollúnacht sa Nua-Ghaeilge a bhunú i gColáiste Phádraig agus ollamh a cheapadh. Tá sin chomh práinneach inniu agus a bhí fadó nuair a dh’éiligh an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh ar iontaobhaithe an Choláiste ollamh le Gaeilge a cheapadh. Ceapadh eisean féin. Bheinnse ró-aosta (89). Bliain i ndiaidh na bliana i Maigh Nuad bhínn féin, le tacaíocht ón Athair Tomás Ó Fiaich ar feadh roinnt mhaith blianta, ag scríobh chun Dámh na Diagachta ag éileamh cúrsa ar Dhiagacht agus Spiordáltacht na hÉireann a thairiscint. Mo bhliain dheireanach, faoi chathaoirleacht an Mhoinsíneora Micheál Ledwith, cuireadh cúrsa roghnaíoch ar fáil agus iarradh ormsa dul ina bhun. Dheineas amhlaidh; bhí cúigear agus fiche scoláire díograiseach agam, cléirigh agus tuataí agus lucht na beatha rialta. D’éirigh go maith leo. D’fhonn go leanfaí leis an gcúrsa thugas urraíocht dó, oiread agus ab fhéidir dom as mo phinsean ó Ollscoil na hÉireann. Bhí díomá orm nuair a chonaic ná raibh sé fiú luaite sa *Kalendarium* blianta beaga ina dhiaidh sin. Ní haon ionadh go bhfuil deireadh mo shaoil á chaitheamh agam ag iarraidh an Díseart a chur chun cinn mar Institiúid Diagachta agus Cultúir Ghaelaigh anseo

sa Daingean. Ní leor liom an Celtic Spirituality atá gan bunús staire ná téacsach ach é mar ‘arómaiteiripe’ mar a thug scoláire Albanach air.

Faoin am go raibh deireadh agam i Maigh Nuad bhí forbairt mhór déanta ar Dhámh an Léinn Cheiltigh. Nuair a d’fhág an tAthair Donnchadh Ó Floinn in 1964 ní raibh ach aon bhall amháin lánaimsire sa Dámh. Gháir mo mhic léinn fúm sa rang lá nuair a léas focail Mhic Coinghlinne ag tagairt dó féin: Is uathad mo dám! Ní mar sin a bhí go luath ina dhiaidh sin le fosc oibre ar gach ball breise a fuairamar mhéadaigh líon na bhfochéimithe agus na n-iarchéimithe. Chomh fada agus is cuimhin liom bhí seachtar déag lánaimsire agus fiche páirtaimsire againn faoin am a diúltaíodh bliain bhreise dom, nó cead fanacht sa choláiste ar scor mar a rinne a lán ball foirne ina dhiaidh sin. Bhí ár nDámh ag saothrú go daingean leis an Ollamh Kim McCone, ar a raibh cáil idirnáisiúnta cheana féin i bhfeighil na Sean-Ghaeilge, agus scoláire ainmniúil eile i bhfeighil na Nua-Ghaeilge. Bhí cúrsaí breise fochéime agus iarchéime ar siúl. Ansin fuair an Coláiste nach raibh ann ach Coláiste Aitheanta d’Ollscoil na hÉireann stádas neamhspleách faoi chairt Ollscoil na hÉireann. B’ionadh liom gur faoi chairt Ollscoil na hÉireann, mar a bhí ó thosach é sin gan cead diagacht ar bith a mhaoiniú. Ar ghlac na hiontaobhaithe leis an socrú sin? Is léir go raibh míthuiscint orm agus mé ’om’ cheistiú féin – ar phléigh an cliarlathas an cheist seo lenár ndiagairí cáiliúla, go háirithe iad siúd a raibh staidéar déanta acu in ollscoileanna mór le rá, in Tübingen, in München, in Münster, agus a thug léachtaí nó a bhí mar léachtóirí ar cuairt in ollscoileanna thar lear. Níor ghá dom bheith ’om shuaitheadh féin mar sin óir bhí an cosc ar mhaoiniú na diagachta curtha ar ceal sara bhfuair an Coláiste Aitheanta stádas iomlán ollscoile. D’oirfeadh sé don Ollscoil nua a bhfuil an daonnachas ina chuid lárnach dá páirc ollúnacht sa diagacht a bunú inti; ní leor go mbeadh Dámh diagachta san Ollscoil Phointifiúil, i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad. A bhalla an Chumainn, a léitheoirí, ar aghaidh libh. Is léir ón aineolas ar dhiagacht atá forleathan i measc iriseoirí agus polaiteoirí Caitliceacha na tíre go bhfuil gá le scólaire ollún

sa diagacht in Ollscoil na hÉireann Má Nuad, agus spéis aige inár dtraidisiún diagachta agus spioradáltachta féin.

Filleam ar an mBíobla. Nuair a bronnadh an gradam Cairdinéal ar Thomás Ó Fiaich, bhí muintir na hÉireann agus Gaeil thar lear ag ceiliúradh. Bhí ceiliúradh ar leith ag an gCumann Cultúrtha Gael-Mheiriceánach a bhunaigh agus a bhí faoi threoir Eoin Mhic Thiarnáin, ollamh le Béarla tráth in Ollscoil N. Tomás i gcathair N. Pól in Minnesota. Tharla sin sa Dánlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Lena linn bhronn Eoin Mac Thiarnáin seic \$10,000 ar an gCairdinéal le Bíobla aon imleabhair Ghaeilge a sholáthar. Shín an Cairdinéal an tseic chugamsa agus d'iarr orm an bheart sin a chur i gcrích. Ghlacas léi agus gheallas go mbeadh sin déanta agam laistigh de thrí bliana. Abhaile liom. Fuair eas carn mór de bhileoga A4, mar a deirtear anois, agus dhá chóip de gach leabhar agus aiste ina raibh téacsanna uile an Bhíobla foilsithe, agus brollaigh a scríobh na comhairleoirí léannta. Thuigead go mbeadh gá le cuid de na brollaigh a scríobh as an nua; as Béarla ba ghnáth a scríobhtí iad siúd. Bhí moltaí leasaithe go leor ag léitheoirí le cur san áireamh chomh maith. Leagas an téacs i lár an leathanaigh á ghreamú le téip; ar na himill bhreacas na leasuithe litríthe, caighdeáin agus eile a bhí le déanamh. Chuas chun cainte leis an *Leinster Leader*. Bhí Stan Hickey ullamh chun na hoibre agus cúrsa oíche sa Scrioptúr déanta aige. Shocraíos ABN a chur ar fáil i dtrí ceangail, 100 i gceangal dearg leathair ar £90; 500 i rexin dearg £30 agus 4,400 i gcairtchlár gorm ar £15. Fuair eas cead ó Choláiste na Tríonóide grianghraf profisiúnta de cheithre leathanach as Leabhar Cheanannais a fhoilsiú iontu go léir. D'fhógraíos ansin go mbeadh lacáiste £5 ar fáil acu siúd a cheannódh roimh ré an ceann faoi cheangal cairtchlár, £10 acu siúd a dhéanfadh amhlaidh don cheann ar £30, agus £30 dóibh siúd a dhéanfadh don cheann ar £90. Bhí leabhar mór cuntais ullamh dóibh seo agus ba ghearr go raibh £14,000 bailithe agam. Chuas leis an tsuim sin agus leis an gcéad phunann den téacs go dtí an *Leinster Leader*. Phléas an téacs agus an leagan amach le Stan Hickey. Bhí an fhótailiteagrafaíocht, modh

nua clódoireachta, in úsáid agus taithí ag an bhfoireann air. Thugas an £14,000 don bhainisteoir agus leis sin, chuala, gur ordaigh sé go leor páipéir do chúig mhíle Bíobla óna chomarsa Clondalkin Paper Mills. Níor chuimhníos ar shaoire óm' chúraimí mar ollamh agus mar cheann dáimhe a lorg. Choinnigh an tsuim airigid úd an comhlacht páipéir formhór seachtaine óna leachtú. Chuaigh an clóchuradóireacht, an phrúfáil, na grianghraif, an scrúdú don Imprimatur ar aghaidh go seolta, ansin an ceangal. Socraíodh go mbeadh bosca geal cairtchláir ar fáil do gach cóip. Bhí ABN sa cheangal gorm ar fáil faoi cheann 27 mí. Tháinig na céadta cóip go Maigh Nuad chugam. Chaith a bhformhór tamall sa spás fé bhun an staighre i dTeach Reitrice. Phiocas amach láithreacha ar fud na tíre ina raibh Coiste Ghlór na nGael agus roinnt mhaith cóipeanna ceannaithe roimh ré sa chomharsanacht. Chuireadh an Coiste scéal amach go mbeadh na Bíoblaí á ndáileadh agus á ndíol ar dheireadh seachtaine ar leith san áit sin. Bhí Peugot bán agam; chuirinn ansiúd isteach oiread agus ab fhéidir dom de bhreis ar an méid a bhí ceannaithe cheana le díol ar an bpraghas iomlán. Bhí an-spéis ag an bpobal sa Bhíobla nua. Ceannaíodh a lán le fonn agus buíochas. Nuair a théinn i bhfad ó bhaile chaithinn an oíche nó an deireadh seachtaine amuigh. Is cuimhin liom fanacht i gcóngar Dhoire na bhFlann go luath tar éis na seoda úd, an chailís agus an paiteana, a aimsiú ansiúd. Bheartaíos dul chun na láithreach ar bhóthar portaigh. Bhí Bíoblaí fós i gcúl mo ghluaisteáin agus ní maith a chuaigh mo thuras dom' ghluaisteán bocht, ach b'fhiú an láthair a fheiscint agus bualadh leis na seandálaithe a bhí ag obair ann.

Scaipeamar agus dhíolamar na Bíoblaí go léir de réir a chéile. D'iompraíos 240 cóip go Béal Feirste le tabhairt don Mgr. Rae Ó Muirí agus do shéiplíneach mná rialta le haghaidh na bpríosúnach sa Cheis Fhada. Is é Lá 'le Pádraig 1981 an dáta atá leis an síniú atá ar an gcuid is déanaí a chuireas chun an chlódora. Bhí formhór an díolacháin thart faoin am a scaipeadh an cuireadh: 'Fearann a Shoilse Tomás Cairdinéal Ó Fiaich, Uachtarán Chomhdháil Chliarlathas na hÉireann, fíorchaoin fáilte roimh [aíonna iomadúla] go dtí seoladh An Bhíobla

Naofa i gColáiste Phádraig, Má Nuad, ar 7 p.m., 13 Deireadh Fómhair 1981.’
An Dr. Olden, Uachtarán an Choláiste, a bhí ina fhear tí. Ina thuairisc ar an
ócáid dúirt Risteárd Ó Glaisne:

Bhí mé ann, mise agus lán an phroinnseomra sa Choláiste. Lear mór de dhaoine a raibh baint phearsanta acu leis an leabhar bhreá seo, ón gCairdinéal féin go dtí an fear óg a chlóchuir gach uile litir dá bhfuil ann, Stan Hickey; aistritheoirí...scoláirí scríoptúir... Eoin Mac Thiarnáin.... Bhí iontas orm faoi roinnt áirithe de na cúntóirí ná raibh ann. Ar shlua na marbh atá cuid de na daoine a bhí ar an bhfoireann a dheimhnigh go mbeadh barr feabhais agus slachta ar an mBíobla seo gan amhras----Colmán Ó Huallacháin agus Muiris Ó Droighneáin, mar shampla... B’aisteach liom nach raibh Teilifís Éireann go mór chun tosaigh ag an ócáid stairiúil seo, tráth ar seoladh an chéad Bhíobla iomlán Gaeilge a fuairamar ó fhoinsí Caitliceacha Rómhánacha riamh. An féidir a shamlú gur mar sin a bheadh an scéal dá mba aistriúchán Éireannach go Béarla a bhí ann. Is maith nach ndearna Donncha Ó Dúlaing faillí san ócáid. Bhí clár eifeachtach aigesean ina thaobh ar Radio Éireann. Agus, ar ndóigh tugadh spás áirithe don Athair Ó Fiannachta ar chlár creidimh de chuid Theilifís Éireann go gairid ina dhiaidh sin chun beagán a rá faoina leabhar nua’.

D’eisigh Cliarlathas Caitliceach na hÉireann ‘Ráiteas Tréadach... ar ócáid fhoilsithe an Bhíobla Naofa i Maigh Nuad 13.X.1981. Is dócha nár mhiste a admháil gur mise a sholáthraigh an chéad dréacht den ráiteas sin i mBéarla agus i nGaeilge. Bhíos an-sásta gur beag athrú a cuireadh air ag cruinniú na nEaspag seachas an t-eireabaillín atá i gcló Iodálach san abairt seo leanas: ‘na hábhair sagairt do dheoisí ina bhfuil pobail Ghaelacha, agus go háirithe Gaeltachtaí, is léir go gcaithfear féachaint chuige go mbeidh cumas teagaisc, seanmóra, agus ceiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí acu; ní bheidh aon dhoicheall ach fáilte ansin roimh iarratas do sheirbhís ar bith i nGaeilge, *a fhad is atá sé soiléir go dtuigfidh an chuid is mó den lucht éisteachta an tseirbhís sin*’. Tá sé in am againn a thuiscint go bhfuil dhá Ghaeltacht in Éirinn anois, an Ghaeltacht

oifigiúil a bhfuil teoranna tíreolaíochta léi, agus Gaeltacht na nGaeilgeoirí atá ag fás in aghaidh an lae, agus go minic idéalachas mar bhonn fúithi. B'fhéidir gur cheart an Ráiteas a chur i gcló arís mar tháth beag i bpunann ár gceiliúradh céad bliain. Fairis sin b'fhiú an Brollach a chuir an Cairdinéal Ó Fiaich leis an gcéad chló, agus an 'Focal ón bhFear Eagair' chomh maith. Níor tugadh riamh aon aird ar dhá dhuais a fuair an chéad chló úd—duais ó Chlódóirí Éireann mar an sampla is fearr fós an uair úd den bhfótailiteagrafaíocht; bhíos i láthair in Óstán Sachs nuair a fógraíodh an duais sin. Bhuaigh foireann John F. Newman, ná fuil ann a thuilleadh, duais ag taispeántas idirnáisiúnta in Ottawa ar son an leabhair is áille a bhí ar taispeáint—an leagan lámhcheangailte leathair lena mhaisiúcháin. I gan fhios domhsa, a déarfainn, a chuir Eoin Mac Thiarnáin é sin ar taispeáint. Nuair a bhí an chéad chló go léir díolta, scaipthe, chuireamar amach, in 1992, an dara cló, i dtoisí beagán níos lú, i gcairtchlár dearg, gan na léarscáileanna Béarla nár thaitin le daoine, ná na leathanaigh ó Leabhar Cheanannais. Níl sin chomh dochaite leis an gceann gorm bunaidh. Bhí éileamh fós ar leagan so-iompair, Bíobla Póca. Fuaireamar deontas fial ón Údarás [Údarás na Gaeltachta] chuige sin. Bhí deacrachtaí agam faoi thoisí na leathanach, faoin gcló, agus faoin gceangal. Shárófaí na deacrachtaí sin ach an gnó a thabhairt do shiopa allais sa Chian-Oirthear, rud ná ceadódh mo choinsias dom. B'é Colourbooks a chlóigh agus a cheangail sa bhliain 2000. Tá an cló mion, níos mine fós sna brollaigh; tá sé deacair a léamh gan gloine méadaithe. Dá ainneoin sin tá éileamh fós air. Bheartaíos é a scaipeadh sa Ghaeltacht go deonach, in aisce is é sin, do sheomraí tithe ósta agus i seomraí tithe lóistín, tithe le comhartha mar B&B. Fuaireas cara dom a bhí ar scor, Dan, agus shocraíomar go gcabhródh seisean liom ag cur na gcóipeanna im' ghluaisteán, ansin nuair a thiocfaimis ar thigh a mbeadh comhartha lóistín in airde aige, agus go mbuailfinnse ar an ndoras agus go gcuirfinn ceist 'An mó seomra agaibh?' nuair a fhaighainn freagra, deirinn leo go raibh bronntannas den líon sin Bíoblaí agam dóibh; thugainn comhartha nó focal do Dan ansin agus thugadh seisean an

lÍon sin Bíobla Póca chugam. Thosnaíos dar ndóigh i gCorca Dhuibhne agus ghlaos ar óstán mór. ‘An mó seomra agaibh?’ ‘Céad agus a hocht.’ ‘Tá Bíobla beag in aisce agam do na seomraí sin go léir. Ach an gcuirfidh sibh vean ag triall orthu?’ Chuireadar an vean chugainn agus chuireamar na Bíoblaí ann. Ar an mbóthar linn ansin le misneach. Dheineamar Corca Dhuibhne gan dua, ach gur dhiúltaigh aon úinéir iostais amháin glacadh le Bíobla. ‘Má tá Bíobla uathu, tugaidís leo é’ ar sí. Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur ghlaoigh an t-óstán mór úd orm. ‘D’fhan a lán díobh siúd a bhí ag freastal ar an Oireachtas i dTrá Lí anseo, ach d’imíodar le fiche ded’ Bhíoblaí’ arsa an guth. ‘Táid agam,’ arsa mise, ‘ach aon seans go ndíolfadh sibh as na cinn bhreise seo?’ B’in b’in. Dheineamar Corca Dhuibhne, Múscaí, Conamara Theas, ach sin uile. B’fhéidir go ndéanfadh mic léinn ó Ollscoil an Phápa i Maigh Nuad na Gaeltachtaí eile i samhradh 2016. Tá roinnt beag Bíoblaí beaga dearga fós againn. Idir an dá linn i gcomhair le Fios Feasa d’éirigh linn ABN a chur amach ar dhlúthdhiosca, agus mo leagan féin de Litreacha Phádraig mar bhreis. Tá cóipeanna de sin ar fáil fós ó ÁIS, agus ó An Sagart. B’ionadh linn a laghad ceannach a bhí air. Sea, fuaireas an-scéala ó John Duffy, Bóthar na Sean-Chille, Béal Feirste, timpeall seacht mbliana ó shin. Theastaigh uaidh go mbeadh ABN ar fáil saor ar an idirlíon. Loirg sé cead orm sin a dhéanamh agus thugas sin dó le fonn. Chaith sé trí bliana á chur sin i gcrích leis na ceangail go léir a chinnteodh go bhféadfadh an té ar fonn leis sliocht a léamh nó a íoslódáil agus sin a dhéanamh gan dua. Níor chaitheas ach leagan Gaeilge de na treoracha go léir a mbeadh gá leo go háirithe ag, abair, Seapánach a mbeadh beagán Gaeilge aige/aici ach a bheadh gan Bhéarla. Tá an gnó sin go léir curtha i gcrích, moladh le Dia. Dá bharr sin fuaireas cuireadh ó Rúnaí Ginearálta Chumann an Bhíobla i mBéal Feirste, teacht go ceiliúradh ar leith d’fhoilsiú ABN agus an Bhíobla in ‘Ulster Scots’, ceathrú Samhain, 10.30 a.m. 2013 i Halla na Cathrach Béal Feirste. Tugadh cead duine eile a thabhairt liom. Luas go nglaofaínn ar an Moinsíneoir Rae Ó Muirí. Fuaireas treoracha á rá go gcuirfí in aithne don lucht éisteachta mé le

freagra uaim ar chúpla ceist shimplí. Go léifinn leagan ABN de Shalm 23. Go léifeadh duine eile an Salm céanna in ‘Ulster Scots’ agus duine eile sa tSeapáinis. Thaistealaíos go saor le compánach go Béal Feirste. Turas éacúiméineach ab ea é agus ba mhór an spéis a chuir na meáin thuaidh san ócáid. In ionad an Bíobla Gaeilge a bheith ina ábhar spairne, le cúnamh Dé, beidh sé ina dhlúthcheangal síochána as seo amach.

Ag cruinniú de Choiste Náisiúnta Chumann na Sagart i gColáiste na Naomh Uile 10 Márta 2015 fógraíodh nárbh fhéidir leanúint ar aghaidh le foilsíú an ráitheacháin *An Sagart*. Bhí sagart óg bríomhar i láthair agus thoiligh sé dul i mbun na meán sóisialta a úsáid chun gnó *An Sagart* a chur chun cinn ar na meáin seo. Tá lipéid ár síntiúsóirí curtha againn go dtí *An Timire* le súil go ndéanfar teagmháil libh de réir a chéile. Míle buíochas libhse go léir a thacaigh le cabhair airgid, a léigh sinn, a scaip sinn, a scríobh dúinn, a ghuigh orainn, a chuir lúcháir orainn, a chabhróidh leis an Athair Brian Ó Fearaí SC, Gaoth Dobhair, rúnaí óg Chumann na Sagart.

ÚRSCÉALÁITHE ÉIREANNACHA AN BHÉARLA SAN FHICHIÚ HAOIS
AGUS AN CAITLICEACHAS

Eamon Maher[†]

“Gníomhairí rúnda an Spioraid Naoimh”. Sin a thug Mark Patrick Hederman, údar agus manach i nGleann Stail, ar ealaíontóirí ina leabhar *Underground Cathedrals* (2010). Dúirt sé an méid seo:

Art has the imagination to sketch out the possible. When this happens something entirely new comes into the world. Often it is not recognised for what it is and is rejected or vilified by those who are comfortable with what is already there and afraid of whatever might unsettle the *status quo*.

Ceist mar sin. Cé chomh mór is atá an ról tábhachtach úd a luaigh Hederman comhlíonta ag úrscéalaithe na hÉireann? San am atá thart go cinnte, is dearcadh eile ar an saol a chuir siad ar fáil, an alternative view of existence; dearcadh eile ar a bhfuil i gceist le bheith beo. Rinne siad é sin trí dhúshlán gnéithe de smacht na heaglaise agus an stáit a cheistiú. Is trom mar a d'fhulaing siad dá bharr. Sa bhiaín 1965, mar shampla, foilsíodh an dara húrscéal le John McGahern. Nocht sé Éire ina raibh ciontacht, foréigean teaghlaigh, fímníocht, agus drochíde ghnéasach forleathan. Agus sin i dtír a bhí ceaptha a bheith 'Caitliceach.' Tháinig an leabhar faoi bhráid an Bhoird Cinsireachta. Cuireadh faoi chosc é agus chaill an scríbhneoir a phost mar mhúinteoir bunscoile i gCluain Tarbh. Ní cosúil go raibh McGahern searbh i ndiaidh na heachtra mífhortúnaí sin. Bhí a fhios aige go raibh sé ag maireachtáil i dtír dhialathach, ‘a theocracy in all but name’. Mar seo a dúirt sé faoi Éirinn nuair a bhí sé ina pháiste agus ina fhear óg.

[†] Tá Eamon Maher ina Stiúrthóir ar The National Centre for Franco-Irish Studies ag Institiúid Teicneolaíochta Tamhlacht. An leabhar is déanaí leis, a chuir sé in eagar in éineacht le Eugen O'Brien, *Tracing the Cultural Legacy of Irish Catholicism*

Hell and heaven and purgatory were places real and certain we would go to after death, dependent on the Judgement. Churches in my part of Ireland were so crowded that children and old people who were fasting to receive Communion would regularly pass out in the bad air and have to be carried outside. Not to attend Sunday Mass was to court social ostracism, to be seen as mad or consorting with the devil, or, at best, to be seriously eccentric.

Tá an roth tar éis casadh go hiomlán, le déanaí. Is minice go mór anois daoine ag lochtú ghníomhartha na hEaglaise Caitlicí ná a bheith ag géilleadh don institiúid. A thoradh sin go leor úrscéalaithe ag lochtú easpaí an chórais, mar a fheiceann siad iad, agus gan aon dul amú orthu sa méid sin, b'fhéidir. Mar sin feicimid John Boyne in *A History of Loneliness* (2014), ag leanúint saol sagairt i mBaile Átha Cliath, Fr Odran Yates. Ní fheiceann sé claonadh péidifiliach a chomhscoláire sa chliarscoil, Fr Tom Cardle, nó a roghnaíonn gan é a fheiceáil. Toradh tubaisteach atá ar an daille sin nó imríonn Cardle drochíde ar a nia, Aidan. Pléann an t-úrscéal den chuid is mó leis an drochthionchar a d'fhéadfadh an Caitliceachas a imirt ar dhearcadh na cléire i leith na collaíochta go háirithe. Ach amanna, ligeann an t-údar scód lena thuairimí pearsanta féin. Breathnaímis mar shampla ar a ndeir Cardle le Yates tar éis dó teacht amach as príosún, áit ar cuireadh é de bharr drochíde a imirt ar pháiste.

You knew it, you kept it secret and this whole conspiracy that everyone talks about, the one that goes to the top of the Church, well it goes to the bottom of it too, to the nobodies like you, to the fella that never even had a parish of his own and hides away from the world, afraid to be spotted. You can blame me all you like, Odhran, and you'd be right to, because I've done some terrible things in my life, but do you ever think of taking a look at yourself? At your own actions? At the Grand Silence that you've maintained from the very first day?

Ag scríobh dó ar an *Irish Times* go gairid tar éis dó *A History of Loneliness* a fhoilsiú, dúirt Boyne an méid seo:

A novelist looks for the stories that haven't been told. It would be very easy to write a novel with a monster at the centre of it, an unremitting paedophile who preys on the vulnerable without remorse. The challenge for me was to write a novel about the other priest, the genuine priest, the one who has given his life over to good works and finds himself betrayed by the institution to which he has given everything. In doing so, I was trying to uncover goodness where I had spent a lifetime finding evil.

Tá an méid sin le moladh, gan amhras. Ach rithfeadh sé le duine agus é ag léamh cuid Tom Cardle thuas go bhfuil an t-úrscéalaí ag úsáid na pearsan aige mar urlabhraí, urlabhraí a úsáideann sé chun ráiteas poiblí a dhéanamh thar a cheann féin. Sa chás seo ráiteas faoin drochláimhseáil a rinne an Eaglais Chaitliceach in Éirinn ar an drochíde a rinne an chléir. Tá dualgas ar an úrscéalaí plé le gach gné d'iompar an duine idir iompar táir agus iompar uasal. Ach caithfidh sé a bheith ag faire amach do ghaiste na teagascachta, is é sin a bheith teagascach, go háirithe i gcúrsaí reiligiúin. Níl aon amhras ach go bhfuil an ceart ag Boyne chomh fada is a bhaineann le teip na heaglaise plé go sásúil le drochíde i measc na cléire. Ach ní éiríonn le *A History of Loneliness* dul isteach dáiríre in intinn na príomhphreasan. A thoradh sin gur duine gan aird é Fr Odhran Yates, agus duine leithleach.

Tá cáil ar Éirinn mar gheall ar a traidisiún Caitliceach. Is aisteach mar sin nár chuir an t-úrscéal Caitliceach, an 'Catholic novel', fréamhacha síos in ithir na hÉireann mar a rinne sa Fhrainc nó i Sasana. Cuimhnímis ar leithéidí Georges Bernanos, François Mauriac, Graham Greene and Evelyn Waugh. Ach céard iad príomhthréithe an 'úrscéil Chaitlicigh' dáiríre? Bhí amhras ar Kathleen O'Flaherty in alt léi in eagrán Gheimhridh 1956 de *The University Review*, go raibh a leithéid ann ar chor ar bith. Bheifí in amhras cinnte go bhféadfadh a leithéid a bheith ann más éard a bhí i gceist leis an lipéad 'Caitliceach' "a novel which offers, as a true picture of life, the spectacle of men living in complete conformity with Christian doctrine". Chuirfeadh sin srian le dearcadh an

úrscéalaí sa chaoi is nach bhféadfaí an saol a fheiceáil ach ar bhonn réamhshocruithe absalóideacha. Chiorródh sé sin neamhspleáchas an ealaíontóra sa deireadh. Conclúid O'Flaherty:

It is neither desirable nor possible that the Catholic author should, in a novel, usurp the functions of the moralist by giving us an idealised picture of what man should be; his role is to show us life as he sees it.

Saothar litríochta ar bith, cibé rud faoi chreideamh pearsanta an scríbhneora, caithfear é a mheas go bunúsach mar shaothar ealaíne. Níl spás san ealaín mhaith don bholscaireacht nó don fhéinsásamh pearsanta. ‘Taispeáint’ a bhíonn san ealaín; ní ‘insint’. Fear a raibh ard-mheas ag John McGahern air, an t-úrscéalaí Francach, Gustave Flaubert, thug sé rabhadh faoin bhféinléiriú. Dúirt sé: “The author must be like God in nature, always present, but nowhere visible”.¹

Tá dualgas faoi leith ar an úrscéalaí Caitliceach gan ligean dá chóras creidimh féin tionchar a imirt ar an gcaoi a gcuireann sé an t-ábhar i láthair. In agallamh raidió a thug sé i naoi déag fiche trí do Frédéric Lefèvre thug François Mauriac, a ghnóthaigh Duais Nobel ina dhiaidh sin, aghaidh ar an gceist dhána: “Monsieur François Mauriac, an úrscéalaí Caitliceach thú?” An freagra:

I am a novelist; I am a Catholic – and therein lies the conflict. I believe, in fact, that it is fortunate for a novelist to be a Catholic, but I am also quite sure that it is very dangerous for a Catholic to be a novelist.²

Níl aon cheist faoin gcoimhlint a rianaítear ansin idir ról an ealaíontóra agus é ag plé le paisin an duine, agus, dá réir sin, leis an bpeaca, agus ról an Chaitlicigh a bhfuil sé de dhualgas air gan a chuid léitheoirí a ligean i gcontúirt

¹ “L’auteur, dans son œuvre, doit être, comme Dieu dans l’univers, présent partout et visible nulle part”.

² “Je suis romancier, je suis catholique : c’est là qu’est le conflit ! Je crois qu’il est heureux pour un romancier d’être catholique, mais je suis sûr aussi qu’il est très dangereux pour un catholique d’être romancier?”

mhorálta. Níor éirigh le Mauriac an dá cheann a réiteach le chéile ar fad. Ach tugtar suas dó gur scríbhneoir maith a bhí ann. Cinnte ní urlabhraí glan ar son na hEaglaise Caitlicí é.

Níl aon scoil aitheanta de scríbhneoirí Caitliceacha ann, ar an gcaoi chéanna nach bhfuil bealach aitheanta le léamh a dhéanamh nó leis an litríocht a mheas. Sa leabhar leis *Art and Scholasticism*, dúirt an fealsamh Francach, Jacques Maritain, “A Christian work would have the artist, as artist, free”.³

B'fhiú go mór do gach scríbhneoir, cuma cén dílseacht chreidimh atá aige – má tá a leithéid aige – an riail sin a leanúint. Ní bhaineann an ealaín le hoiliúint; baineann sé le mothúcháin an duine agus suíomhanna daonna a chur in iúl ar bhealach a léiríonn rud éigin agus atá sásúil ó thaobh na haeistéitice de. Léiríonn filí mar Kavanagh agus Heaney cumha mór i ndiaidh deasghnátha caitliceacha a n-óige chomh maith le tnúthán i ndiaidh ruda éigin tarchéimnitheach. Ach ní miste a thabhairt faoi ndeara go bhfuil go leor d'úrscéalaithe beo an lae inniu níos tógtha le diúltú don Chaitliceachas mar chóras creidimh seachas a bheith ag déanamh iniúchadh ar mhistéirí an chreidimh. Tá an chuma ar an scéal go mbreathnaíonn siad ar an gCaitliceachas mar chonstráid shóisialta seachas mar chuid bheo lárnach de thaithí saoil an duine.

Ainneoin gur séantóir mór é Joyce, léirigh sé tuiscint dhomhain ar dheasghnátha an Chaitliceachais. In *Portrait of the Artist as a Young Man*, deir cara Stephen Dedalus, Cranley, go bhfuil dhá rud i gceist nach bhfuil ag teacht le chéile: “It is a curious thing, do you know, how your mind is supersaturated with the religion in which you say you disbelieve”. D'fhéadfaí an ráiteas sin a lua le go leor úrscéalaithe eile Éireannacha. Ní bhraitheann siad go bhfuil an reiligiún Caitliceach ag réiteach lena samhlaíocht ealaíne. Mar sin féin níl aon neart acu air ach a bheith báite ina iarmhairtí. B'fhéidir go raibh an Caitliceachas

³ ‘L’oeuvre chrétienne veut l’artiste libre, en tant qu’artiste’

agus an tÉireannachas fite fuaite ina chéile rófhada. A thoradh sin dearcadh neamhchriticiúil i leith cúrsaí creidimh, agus dearcadh neamhleor ó thaobh na diagachta de. D'fhéadfadh sé go mbeadh go leor scríbhneoirí Éireannacha níos 'Caitlicí' ach a gcomhthírigh gan a bheith chomh Caitliceach is a bhí. Rud a dúirt Dermot Bolger liom (a rugadh i naoi déag caoga naoi) in agallamh a rinne mé leis, caitheann sé solas nach beag ar an gceist:

Growing up in Ireland in the 1960s, it was like you had huge puppets of oppression, to whom you could take a baseball bat and smash them. There's a new generation for whom de Valera or John Charles McQuaid [Ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath tráth] mean nothing – their shadows don't stretch that far – and that's great. But their targets are far less obvious than mine were.

Chomh fada is a bhain le Bolger agus leis an nglúin sin, 'targets' nó 'spriocanna' ba ea an eaglais agus an stát; b'ionann an dá rud, geall leis, dar leo. Ní raibh sé chomh héasca aghaidh a thabhairt ar na hinstiúidí sin i mblianta tosaigh an chéid seo caite is atá sé anois. Cosúil le go leor scríbhneoirí eile lena linn, d'éirigh Kate O'Brien (1897-1974) as a bheith ag cleachtadh a creidimh. Mar sin féin, is beag nach bhféadfaí a rá gur úrscéal Caitliceach é *The Ante-Room* (1934).

Déanann an leabhar cur síos ar chrá croí Agnes Mulqueen agus í tarraingte idir a creideamh Caitliceach agus an tarraingt mhór dhomhain atá ag Vincent, fear céile a deirféar, uirthi. Socraíonn muintir Mulqueen tréan aifreann dá máthair atá ag fáil bháis. Le go mbeidh sí in ann páirt a ghlacadh ann, téann Agnes ar faoistin. Insíonn sí a peaca do shagart Íosánach. Míníonn sé seo di go bhfuil grá an duine teoranta agus tá go bhfuil smaoineamh Dé gan teorainn: “whereas in the idea of God there is matter for eternity”. Faoiseamh sealadach amháin a thugann na focail sin di. Mar a deir Agnes tamaillín ina dhiaidh sin:

Yes, holy Jesuit, that's all very fine. But we aren't made in the most convenient form in which to pursue ideas, and we have no notion at all of how to front eternity.

An scrúdú seo a dhéanann O'Brien ar an gcoimhlint idir an spiorad agus an cholainn, chuirfeadh sé Mauriac i gcuimhne dúinn. (Bhí tionchar mór ag Mauriac ar roinnt scríbhneoirí Éireannacha.) Léiríonn sí tuiscint aibí ar an teagasc Caitliceach. Léiríonn sí chomh maith tuiscint inbheirthe ar chumhacht an deasghnátha daoine a chur ar a suaimhneas. Tá sin le feiceáil ar an gcur síos ar an gcaoi a dtéann an t-aifreann sa teach i bhfeidhm orthu siúd a bhí i láthair:

Silence relaxed into quietude. God was present; the room and the morning were full of peace. The Latin murmuring of the priest, the holy sighs of old Bessie, the prayerful sibilations of Sister Emmanuel, softly relaxing tension, brought back its human reality to each consciousness, though keeping it mercifully illumined by the miracle in which it was participant.

Tá codarsnacht ghéar idir an tsíocháin a mhothaigh an pobal a bhí i láthair agus an cruachás ina bhfuil Agnes féin. Socraíonn sí nach féidir léi a cuid scrupall creidimh a chur i leataobh, go háirithe dá gcuirfeadh sin an teaghlach brónach seo trí chéile agus dá gcuirfeadh sé a hanam féin i gcontúirt. Deir sí le Vincent go bhfuil an grá atá eatarthu as an gceist. Mar gheall air sin cuireann sé lámh ina bhás féin.

In *Mary Lavelle* (1936) téann an phríomhphearsa den ainm sin chun na Spáinne ag obair mar mhúinteoir baile. Titeann sí i ngrá le fear pósta, mac an teaghlaigh a bhfuil sí ag obair dóibh. Chomh maith leis sin admhaíonn múinteoir baile eile, Agatha Conlon, go bhfuil grá lespiach aici di agus deir sí gur peaca é mothúchán mar sin a bheith aici do bhean eile. Freagra Mary air sin gur peaca gach rud: 'Oh everything's a sin!'. Is cinnte gur chuidigh an líne sin leis an leabhar a chur faoi chosc. Ní go ró-mhaith a réiteodh dearcadh ar nós cuma liom mar sin i leith an pheaca le dearcadh an chuid is mó de mhuintir na

hÉireann ag an am. D'fhéadfadh sé freisin gur spreag sé úrscéalaithe eile a raibh meas acu ar O'Brien le dul síos an bóthar céanna sin.

Bhí scríbhneoirí eile ann a léirigh tuiscint bháúil don Chaitliceachas. Duine acu ba ea Francis McManus. Tá léiriú den chéad scoth aige ar an gcaoi ar phléigh easpag go híogair le sagart mícheansa in *The Greatest of These* (1943). Duine eile ba ea Richard Power ar athfhoilsíodh a chur síos clasaiceach ar shaol sagairt Chaitliceach Éireannach faoin tuath le déanaí, *The Hungry Grass* (1969). Tá scríbhneoirí eile ann. Mar shampla an t-úrscéalaí as Áth Luain, John Broderick (1924-89) a bhí dána go leor le dúil homaighnéasach a léiriú in úrscéalta mar *The Pilgrimage* (1961), *The Waking of Willie Ryan* (1965) agus *The Trial of Fr Dillingham* (1982). Scríobh sé chomh maith faoi shagart a bhí i ngrá le hiníon lánúin shaibhir ina pharóiste in *An Apology for Roses* (1973). Díoladh tríocha míle cóip den leabhar sin taobh istigh d'ocht lá tar éis a fhoilsithe.

Ba dhomhain í tuiscint Broderick agus é ag cur na ndrámaí a bhain leis an gcreideamh Caitliceach i láthair. Ag deireadh an chéad úrscéil leis, *The Pilgrimage*, mar shampla, fear céile tinn corbach na príomhphearsan, Julia Glynn, faighimid amach go dtagann sé abhaile ó Lourdes agus é leigheasta go hiomlán. Ba é tuairim Julien Green faoin eachtra sin gur léirigh sé nach do dhaoine córa amháin grá Dé ach gur shín sé chomh fada leis na peacaigh. Dar leis gur “an extraordinarily captivating book” é leabhar Broderick. Bhí an creideamh agus an duáilce fite fuaite ina chéile ann ar bhealach álainn. Bhí Broderick iontach tógtha leis an gCaitliceachas ar chúiseanna a mhínigh sé do David Hanly in agallamh a rinne sé go gairid sula bhfuair sé bás: “Anyone who is reared in a Catholic atmosphere first of all takes in that Catholic atmosphere more or less through their pores”. Má ghlacaimid leis sin is cosúil nach bhfuil aon éalú ag go leor scríbhneoirí Éireannacha ón gCaitliceachas a bhí thart orthu agus iad óg.

Is cuimhin le go leor againn go ndúirt Brian Moore (1921-99) gurb é Graham Greene an t-úrscéalaí beo ab ansa leis. Scríbhneoir eile a raibh nasc láidir aige leis an gCaitliceachas é Moore. Dar leis go raibh Béal Feirste a óige agus an t-oideachas a fuair sé in St. Malachy's dúntach daoirsiúil agus b'fhada leis go n-éalódh sé uaidh. Dúirt sé in go leor agallamh gur rídheacair a bheith ar nós cuma liom faoi chúrsaí creidimh – mar a bhí sé féin – i gcathair sheicteach mar Bhéal Feirste áit ar bhraith oiread sin ar an seict lenar bhain tú. In go leor d'úrscéalta Moore tagann pearsana chun tosaigh a dtarlaíonn géarchéim dóibh nuair a chaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar cé chomh sobhriste is atá an creideamh acu. Ab ar mhainistir amach ó chósta thiar na hÉireann in *Catholics* (1972), agus an sagart in *No Other Life* (1993), déanann siad araon machnamh ar an gceist cé acu a bhfuil Dia ann nó nach bhfuil. Is í an aincheist chéanna í a gcaithfidh an phríomhphearsa Íosánach aghaidh a thabhairt uirthi in *Black Robe* (1985). Dlúthchuid dá scríbhneoireacht nach bhféadfadh sé dul gan é ba ea an Caitliceachas, dar le Moore. Mar a dúirt sé i litir:

... while I left the Church, I've always had a very strong interest in Catholicism. I've felt as a writer that man's search for a faith, whether it is within the Catholic Church or a belief in God or a belief in something other than merely the materialistic world, is a major theme.

Spéis í sin atá aige i bpáirt le Edna O'Brien ar cuireadh a céad úrscéal *The Country Girls* faoi chosc agus ar fógraíodh ón gcrannóg é nuair a céadfhoilsíodh é i naoi déag seasca. B'fhéidir gurb iad McGahern agus O'Brien an bheirt úrscéalaithe is fearr a léiríonn an streachailt ar son saoirse an ealaíontóra i gcoinne chaolrach na heaglaise agus an stáit in Éirinn sna seascaidí, tréimhse nuair a bhí dúil mhór san athrú ag teacht chun cinn. Ach bhí codanna den tsochaí in Éirinn nach raibh réidh dó: léiriú oscailte ar mhná ag baint trialach as an gcollaíocht nó fir óga sna déaga a raibh fadhbanna acu leis an lámhchartadh. Dhá théama a phléitear in *The Country Girls* agus *The Dark* faoi seach.

Ainneoin na híde a fuair siad ón Eaglais Chaitliceach, d'fhill O'Brien agus McGahern arís is arís eile ar an gcreideamh ina saothar. Ba é an Caitliceachas teanga a n-óige agus níor fhéad siad diúltú dó an oiread is a d'fhéadfaidís diúltú don aer a thóg siad isteach ina scamhóga. B'fhéidir go bhfuil míniú ansin ar chinneadh McGahern sula bhfuair sé bás socrú a dhéanamh lena chol ceathair, an tAthair Liam, go mbeadh aifreann traidisiúnta sochraide aige mar aon le deichniúr den phaidrín pháirteach cois uaigne in Achadh an Mhuilinn (shocraigh a chara, Seamus Heaney, ar shearmanas cosúil leis sin i mBaile Achaidh i gCo. Dhoire). Bhí an-aiféala air gur bhris sé geallúint a thug sé dá mháthair agus í ag fáil bháis go rachadh sé le sagartóireacht. Tháinig sé ar an tuiscint sa *Memoir* gurb í an litríocht an tsagartacht aige. Ar an gcaoi chéanna d'admhaigh Edna O'Brien do Judith Weinraub ón *New York Times* i naoi déag seachtó sé gurb é a theastaigh uaithi thar aon ní eile a bheith ina naomh: “The Catholic religion really is the most primitive in the world. One never gets over it”.

Ní mhothaíonn an ghlúin scríbhneoirí i ndiaidh O'Brien agus McGahern ar an gcaoi chéanna acu, gan ceachtar acu fuath fíochmhar nó luiteamas leis an gCaitliceachas. Is í Éire i ndiaidh an Chaitliceachais is mó atá i gceist ag scríbhneoirí beo mar Kevin Barry, John Boyne, Dermot Bolger, Emma Donoghue, Roddy Doyle, Anne Enright, Colum McCann, Lisa McInerney, Mary O'Donnell, Donal Ryan (gan ach beagán a lua). Níl reiligiún an tromlaigh ina fhórsa chomh forleathan ná chomh forleatach is a bhí do na scríbhneoirí a chuaigh rompu. Ní thagann an Caitliceachas i gceist ar chor ar bith ina saothar, in go leor cásanna. Eisceacht shoiléir é Bernard MacLaverty a bhfuil casadh suntasach 'Caitliceach' i gceist leis na húrscéalta leis is mó cáil *Lamb* (1980) agus *Cal* (1993). Insíonn *Lamb* scéal Bhráthar Chríostaí atá míchompordach leis an gcaoi a bpléitear leis na páistí sa scoil cheartúcháin a bhfuil sé ann. Éalaíonn sé go Londain in éineacht le Owen, buachaill óg a bhfuil

cion aige air. Maidir le *Cal*, gné shuntasach de an chaoi a ndéanann an príomhpearsa ionannú láidir le Críost ag fulaingt tar éis dó baint a bheith aige le dúnmharú oifigigh sna póilíní. Scrúdaíonn an leabhar gnéithe den reiligiún Caitliceach i dTuaisceart Éireann atá cráite ag na Trioblóidí. Éiríonn iarrachtaí Cal íoc as a choir níos casta nuair a thiteann sé i ngrá le baintreach an fhir a dúnmharaíodh.

Dúirt Roddy Doyle in agallamh le Liam Fay, gur bhraith sé go raibh gá aige le spás agnóisíoch dá chuid féin a chruthú, 'agnostic space'. Ní raibh sin éasca, fiú sna naoi déag ochtóidí.

It basically was the Catholic Church against everyone else. It was the insistence that if you're Irish, you're white and you're Catholic as well, and if you're not both of these things then you're not fully Irish.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an Caitliceachas tar éis cúlú sa suíomh uirbeach de chuid an lucht oibre ina bhfuil úrscéalta Doyle suite. Níl ar a chumas dul i bhfeidhm ar iompar daoine mar a rinne roimhe seo. In *The Gathering* (2008) le hAnne Enright déanann an phríomhpearsa, Veronica, machnamh ar dhúthracht a hathar i leith an Chaitliceachais:

Of course Mammy is a Catholic, in the way that Mammys are, but for fourteen years or so I sat by or behind my father, on a wooden church bench every Sunday morning and in all that time, I never saw his lips move. I never heard him pray aloud, or even saw him bend his head, or do anything that might be considered remarkable were he sitting on the top deck of a bus.

Is mór idir sin agus na suíomhanna a chastar orainn in úrscéalta McGahern, mar shampla. Rithfeadh sé le duine go bhfuil an difríocht aoise idir an bheirt scríbhneoirí tar éis tionchar a imirt ar an gcaoi ar léirigh siad an Caitliceachas, sin agus taithí phearsanta Enright.

Is í an t-úrscéal an fhoirm ealaíne is sóisialta. Bíonn claonadh ann athruithe nósanna agus dearcadh a rianadh, nó teacht rompu. Deacair imeacht uaidh go bhfuil an Caitliceachas traidisiúnta ag le fána in Éirinn. Titim leanúnach i líon na ndaoine a théann ar aifreann agus chuig na sacraimintí, géarchéim ó thaobh gairmeacha de, fearg faoi dhrochíde scannalach na cléire ar daoine óga, faoin gcruálachas gan chroí a imríodh ar na mná óga i dtithe níocháin an Magdalene agus ar na buachaillí agus ar na cailíní sna Scoileanna Tionsclaíocha agus sna díleachtlanna; iad sin uile is cúis le claochlú mór ar ról an Chaitliceachais sa tír seo. Aisteach go leor, d'fhéadfadh sé gur anois an t-am a d'fhéadfadh scríbhneoirí teacht ar thuiscint don neart drámatúlachta atá sa Chaitliceachas; an choimhlint idir an peaca agus an grásta, idir maith agus olc, idir Dia agus rachmas. Ní móide go dtiocfadh Graham Greene nó George Bernanos as ár measc. Ach féadfaimid scríbhneoir a fheiceáil ag teacht chun cinn a bheadh toilteanach scrúdú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le dúspéis shíoraí an duine sa tarchéimnitheacht. An dtabharfaí 'úscéalaí Caitliceach' ar an duine sin? Táim in amhras. Mar ní léir gur féidir an seánra sin a bheith i dtír a bhfuil dhá ghlúin daoine óga, dar leis an Ardeaspag Diarmuid Martin, ar bheagán eolais faoin teagasc Caitliceach, sin nó neamheolach ar fad faoi. Ach, le teacht ar ais chuig an bhfear a luaigh mé i dtús na cainte seo, Mark Patrick Hederman, the Spirit works in mysterious ways! Is diamhair iad bealaí Dé.

AN BÍOBLA I NGAEILGE

Breandán Ó Madagáin

Níor tháinig aon leagan Gaeilge den Bhíobla anuas chugainn a bhí ar fáil roimh an 17ú haois agus ní móide go raibh a leithéid ann lasmuigh de chodanna beaga. Tá tuairiscí amhrasacha ann faoi aistriúchán ar na Scriptoriúir a bheith ag Risteard Mac Ráulbh (Fitzralph), Ardeaspag Ard Mhacha (1346-60) agus deir Annála Connacht gur iompaigh Urard Ó Maolchonaire (+ 1482) “blogh den Scriptoriúir” ón Laidin go Gaeilge. Na giotaí as na Scriptoriúir atá le fáil sna gluaiseanna Sean-Ghaeilge (8-9ú haois) nó i leithéidí na bPáiseanna agus na Seanmóirí sa *Leabhar Breac* (11ú haois) agus *Smaointe Beatha Chríost* (15ú haois), etc., is cosúil gurbh aistriúcháin *ad hoc* iad. Ní haon chúis iontais an t-easnamh seo.

Nuair a tháinig Pádraig go hÉirinn (agus le cúpla céad bliain roimhe sin), sa Laidin is ea a bhí na Scriptoriúir á léamh go coitianta san Eaglais in iarthar domhain (sa Ghréigis roimhe sin arís) agus lean an scéal amhlaidh go ceann na gcianta ina dhiaidh sin. Ní raibh aistriúchán ar bith den Bhíobla sa chuid is mó de ghnáth-theangacha na hEorpa go dtí an dara nó an tríú haois déag agus an uair sin féin, níorbh é an gnás é leaganacha mar sin a bheith ar fáil. Ní hionadh, más ea, gur sa Laidin atá na lámhscríbhinní Éireannacha ar fad de na Scriptoriúir chanónta a tháinig anuas chugainn ó na meánaoiseanna (idir leabhair mhaisithe, ar nós *Leabhar Cheanannais*, agus chóipeanna staidéir, ar nós *Codex Paulinus Wirziburgensis* a bhfuil gluaiseanna Gaeilge agus Laidine ann ón 8ú haois). Ar aon chuma, ní raibh scríobh ná léamh teanga ar bith ach ag an mbeagán (ba mhó a d'fhóin pictiúir agus clocha greanta don phobal) agus bhí

an meamram chomh costasach sin (agus gan páipéar in úsáid go dtí an 15ú haois) go mbeadh leabhar ar bith thar acmhainn an ghnáthdhuine. Tá go leor fianaise ann gur lean an Laidin i ngnáthúsáid i gcúrsaí creidimh sa tír seo go dtí an 17ú haois go háirithe. Mar shampla, giotaí den Scríptúr a luann Dáibhí Ó Bruadair de ghlanmheabhair, is i Laidin atá siad; agus dá mba iad na gnáthphaidreacha féin iad, an Phaidir agus an Chré, ghearáin an tAth. Teabóid Galldubh (*Teagasc Críostuidhe*, Páras, 1639) gur “i Laidin ró-bhriste” gan tuiscint a bhíodar ag gnáthphobal a linne féin. Nuair a thosaigh na Protastúnaigh ag clóbhualadh na Scríptúr (agus eile) i nGaeilge, ba é freagra na gCaitliceach ar an mbeartas sin na leabhair deabhóide agus Chrábhaidh a cuireadh i gcló ar an Mór-roinn (ó 1611 ar aghaidh) a smugláil isteach sa tír seo. Níor thug siad faoi na Scríptúir a chur ar fáil ina dteanga féin ar an gcuma sin (mar a rinne an tAth. Gregory Martin sa Bhéarla: *New Testament*, Rheims, 1582; *Old Testament*, Douay, 1609-10). Míníonn an tAth. Proinsias Ó Maolmhuaidh (*Lóchrann na gCreidmheach*, an Róimh, 1676) an imní a chuir drogall orthu san aimsir chorráithe sin, á rá go raibh léamh an Bhíobla “*toirmisce the . . . ar dhaoinibh ainbhíosaicha, go sonrach i dteanga a máthar*” toisc gan é a bheith “*sothuigse do na huilibh . . . ach ró-chrua in iomad dh’áitibh*”. Níorbh é toirmeasc na Banríona amháin a stop iad, más ea, cé go raibh a leithéid i bhfeidhm ó thús a réime, á ordú, “*That no manner of person shall print any manner of boke or paper ... except the same be first licinsed by maiestie . . . so that nothing therein should be either heretical seditious or unseemly for Christian eares.*”

Tiomna Nuadh 1603

Leis an mbéim a bhí ag na Protastúnaigh ar an “mBíobla amháin”, ní raibh moill orthu ag baint leasa as gléas nua na clódóireachta chun leaganacha i dteangacha na ndaoine a scaipeadh sa Ghearmáinis (Luther 1534), sa

Bhéarla (Tyndale 1525, Coverdale 1535, etc.), sa Bhreatnais (1567, ar ordú an Rialtais). Bhí clódóireacht ar bun in Éirinn, den chéad uair, 1550-1556, ag Humphrey Powell, Sasanach, clódóir na Banríona. Is cosúil gur lena linn sin a chuir Eilís £66.13s.4d. (suim mhór san am) ag triall ar Adam Loftus, Ard Mhacha, agus Hugh Brady, Easpag na Mí, “*for the making of character to print the New Testament in Irish*”. Nuair nach raibh toradh ar an deontas faoi dheireadh 1567, bagraíodh ar na heaspaig go mbeadh a cuid airgid ag teastáil ar ais ón mBainrion “*unless they do presently put the same in print*”. Ní fios faoin airgead ach sa bhliain 1571, chuir Eilís foireann cló go Baile Átha Cliath (múnlaíthe cuid éigin, b’fhéidir, ar litreacha Angla-Shasanacha Day) go dtí Ard-Eaglais N. Pádraig ag triall ar Sheán Ó Cearnuigh, “*treisinéir*” (cisteoir), agus ar Nioclás Bhailis, seansailéir, “*in the hope that God in mercy would raise up some to translate the Newe Testament into their mother tongue*”. (As Luighne i gCo. Shligigh don Chearnach; mac ab ea Bhailis le Pádraig, iar-Chaitliceach, easpag Protastúnach Phort Láirge; bhí an bheirt acu ina mic léinn le chéile in Ollscoil Cambridge.) Chrom an bheirt ar an aistriú gan mhoill agus cabhair acu ó Fhearganainm Ó Domhnalláin (as Gaillimh, ina Ardeaspag ar Thuaim ar ball); níos déanaí d’oibrigh Uilliam Ó Domhnaill (as Cill Chainnigh, comhalta de chuid Choláiste na Tríonóide, ina Ardeaspag ar Thuaim 1609) ar an aistriú, agus cabhair aige ón bhfile léannta Maoilín Mac Bruaideadha (mac Mhaoilín mhic Conchubhair, as Tuath-Mhumhain, d’éag 1602). Bhí sé ag dul díobh ar feadh i bhfad clódóir a fháil go dtí go bhfuair siad Uilliam Ó Cearnuigh (fear gaoil le Seán) a bhí siar is aniar go Sasana ag gabháil don cheird. Bhí cuid den aistriúchán ina lámh aige faoin mbliain 1587 agus bhí sé tosaithe á chlóbhualadh faoin mbliain 1595 i gColáiste na Tríonóide. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, ar a dhéanaí, d’imigh sé go buan as an áit nuair a bhí cló curtha aige ar an téacs amach go dtí an 6ú caibidil de Shoiscéal N. Lúcas agus “*an chuid eile*

dhon tsoisgéul sin, & soisgéum Eóin, scríobhtha ré láimh gan chur a gcló an tan sin". Ar Uilliam Ó Domhnuill a thit sé "*críoch dho chur uirrthe*", le cúnamh ó Dhomhnall Óg Ó hUiginn (as Cill Cluaine, Co. na Gaillimhe, is cosúil) "*air ar chuir mé ualach na coda eile dho sgríobhadh de réir óghuim agus chirt na Gaoidhilge*". Maíonn sé gur cheangail sé é féin leis an mbun-Gréigis. Seon Francke (Franckton ar ball) an clódoir agus é ag obair "*i dtigh (agus ar chosdus) mhaighistir Uilliam Uiséir, Cléireach na Comhairle*". Críochnaíodh an clóbhualadh 1602, ach faoin am go raibh na bileoga réidh le ceangal, bhí Eilís tar éis bháis agus bhí Séamas I i gcoróin, 1603, sa chaoi gur dó a toirbríodh é: ***Tiomna Nuadh, Uilliam Ó Domhnaill.***

Tiomna Nuadh, Athchló 1681

Cúig chéad cóip den NT a clóbhuaileadh sa bhliain 1603 agus níorbh fhada go raibh sé as cló. Lean an scéal amhlaidh go dtí gur chuala Robert Boyle faoi sa bhliain 1678 ("Athair na Ceimice" a rugadh i gcaisleán an Leasa Mhóir sa bhliain 1626, mac le hIarla Mór Chorcaí; cónaí air i Sasana ach cíos mór aige as cuid de thailte a athar in Éirinn, é an-diaganta agus flosc air ag íoc as aistriú agus as clóbhualadh na Scrioptúr san iliomad teangacha ar leith). Fuair sé cabhair óna chara Andrew Sall (as Caiseal, iarphroibhinsial na nÍosánach in Éirinn, a bhí tar éis iompú ina Phrotastúnach, 1674). Chuir Boyle foireann nua chló Ghaeilge á gearradh i Londain ag Joseph Moxon (múnlaíthe, is cosúil, ar chéad chló na bProinsiasach, Antwerp, 1611, agus Lobháin ina dhiaidh sin). Robert Ebheringtham a chlóbhuail i Londain, 1681, faoi phromhadh Raghallaigh áirithe (a rinne, is dócha, na hathruithe beaga atá ann ó théacs 1603 agus a chuir Gaeilge ar an réamhrá Béarla a scríobh Sall air — inar chuir seisean dua air féin ag bréagnú argóintí faoi na Scrioptúir a bheith contúirteach don ghnáthphobal).

Sean-Tiomna 1685

Ar Robert Boyle leis a bhí a bhuíochas gur clóbhuaileadh den chéad uair an leagan den ST a chuir Uilliam Bedel á dhéanamh breis agus dhá scór bliain roimhe sin. Sasanach ba ea Bedel a rugadh in Essex sa bhliain 1571, céimí de chuid Oxford, fear teangacha, ord air agus é ina reachtaire ar Theampall Mhuire, Bury St. Edmond's, gur ceapadh é ina phropast ar Choláiste na Tríonóide sa bhliain 1627(-29). D'ainneoin na bpolaiteoirí (agus an dlí leo), chuir sé an Ghaeilge chun cinn sa Choláiste (Léachtóireacht agus scoláireachtaí breise, paidreacha i nGaeilge sa séipéal, an NT á léamh le linn dinnéir, an teanga á foghlaim aige féin) d'fhonn na mic léinn a oiliúint chun an creideamh a chraobhscaoileadh san aon teanga amháin a thuig formhór mhuintir na hÉireann. Lean sé den pholasaí réabhlóideach sin tar éis a cheaptha ina easpag ar Chill Mhór (agus ar Ardach i dtosach) sa bhliain 1629: d'fhoilsigh teagasc Críostaí i nGaeilge agus i mBéarla, chuir an Urnaí Choiteann á léamh as Gaeilge san ardeaglais ar an Domhnach, Gaeilgeoirí á gceapadh aige ina ministrí. Bheartaigh sé an ST a chur i nGaeilge. Ba mar phríomhaistritheoir a d'fhostaigh sé Muirheartach Ó Cionga, file, as Uíbh Fhailí (mar a raibh "eastát maith" aige), ainm in airde air le Gaeilge, (comharthaí Chúige Laighean ar an teanga aige) agus eolas cruinn aige ar an mBéarla. (Nuair a bhí Bedel fós i gColáiste na Tríonóide, fuair sé aistriúchán samplach ón gCiongach ar an gcéad salm.) Mar "*athbhreithneoir agus ceartaitheoir*", d'fhostaigh sé Séamas de Nóglá (Nangle). Seirbhíseach de chuid an easpaig a bhí mar scríobhaí acu, "*Gael (as deisceart Uladh?) a raibh an pheannaireacht go maith cruinn aige*"; ní ainmnítear é seo, agus ní móide gurbh Donnchadh Ó Sirideáin é (cé go ndúirt Marsh go raibh lámh éigin ag an Sirideánach sa ghnó). D'fhonn páirt a ghlacadh san obair mhór, lean Bedel air ag cur feabhais ar a chuid Gaeilge. Bhí tosaithe ar an aistriú faoin mbliain 1632. Ó Authorized Version an Bhéarla a bhí sé á dhéanamh. Gach tráthnóna tar éis dinnéir,

shuíodh an t-easpag i gcoiste ar chuid den aistriúchán, á chur i gcomparáid leis an mBéarla, leis an Eabhrais, leis an Seachtód agus le haistriúcháin Iodáilise (Diodati), agus cheartaíodh nuair ba ghá leis. I litir dár scríobh sé sa bhliain 1637, deir sé go raibh an ST ar fad aistrithe um an dtaca sin ag an gCiongach agus ceist ar an easpag faoina chur i gcló. Faoin am sin, áfach, bhí mórán daoine naimhdeach leis an scéim. Ionsaíodh an príomhaistritheoir, Muirheartach Ó Cionga, faoina chuid oibre agus le camastaíl dlí, baineadh de an beathúnas (Teampall an Phoirt) inar cheap an t-easpag é tar éis dó é a oirniú (d'iompaigh Ó Cionga agus de Nóglá ina bProtastúnaigh le linn dóibh a bheith ag plé le Bedel), agus ba é críoch a rug é, agus é thart ar cheithre scór bliain d'aois, ná “haled by the head and feet to horseback”, pionós £100 agus príosún. Chuir Éirí Amach 1641 deireadh le cibé seans a bhí ann go gcuirfeadh Bedel an clóbhualadh ar aghaidh ina theach féin mar a bhí beartaithe. Bhí d'urraim dó féin ag na Gaeil nár cuireadh isteach air go dtí go ndearnadh tearmann dá theach ag Sasanaigh an chontae agus gur dhiúltaigh sé pas coimirce as an tír; gabhadh é féin agus a chlann agus coimeádadh iad i gCaisleán Locha Uachtair. Saoradh iad faoi cheann seachtaine agus thug Donnchadh Ó Sirideáin, máistir Dhroma Lobhar, bheith istigh dóibh ina theach féin. Leath fiabhras sa teach plódaithe agus fuair an t-easpag bás in Eanáir na bliana 1642.

Dhá scór bliain ina dhiaidh sin nuair a bhí athchlóbhualadh an TN idir lámha ag Robert Boyle, fuair sé amach go raibh lámhscríbhinn Bhedel den ST i seilbh Henry Jones, Easpag na Mí, agus tharla comhfhreagras eatarthu d'fhonn í a chur i gcló. (Mac le Donnchadh Ó Sirideáin a thug an ls do Jones – cóip amháin den dá chóip a rinneadh den aistriúchán.) Chuir sé an ls agus an-drochbhail uirthi, ag triall ar Andrew Sall. Fuair seisean Duinníneach áirithe (“Mr. Denine”) chun cóip ghlan a dhéanamh di chun a chlóbhuailte, ar a phá ó Boyle. Chuir Narcissus Marsh, propast Choláiste

na Tríonóide (1678-83, Sasanach) seomra ar fáil sa Choláiste i gcomhair an Duinnínigh agus de réir mar a bhí cuid den athscríbhinn réidh aige sin, bhíodh Marsh ina chathaoirleach ar choiste a scrúdaíodh í, á cur i gcomparáid leis an mbunscríbhinn agus le cóip den *Polyglot Bible*. Ar an gcoiste sin, bhíodh Sall, Pól Ó hUiginn (iarshagart Caitliceach, ina Bhíocáire ginearálta tamall ar dheoise Chill Ala, nó gur iompaigh ina mhinistir; múineadh agus seanmóireacht Ghaeilge ar siúl aige sa Choláiste agus an teanga á múineadh aige do Marsh), Maolánach (“Mr. Mullen, M.A.”, céimí leighis de chuid an Choláiste), an Duinníneach, agus daoine eile ó am go chéile. Bhásaigh Sall sa bhliain 1682, ach críochnaíodh an obair dá éagmais sular imigh Marsh féin ón gColáiste (1683, ina easpag ar Fhearna agus Leithghlinn), is é sin athscríobh ar an ST ar fad (Apacrafa agus uile), agus scrúdú ar athscríbhinn na Leabhar Canónta. (Bheartaigh Boyle gan na hApacrafa a chur i gcló.) Bhí an leabhar réidh don chlódóir faoin mbliain 1685. Chuir Ebheringtham i gcló é i Londain, 1685, le cló Moxon, agus an Raghallach á phromhadh: *Leabhar na Seintiomna ar na tarraing go gaidhlig tre chúram agus dhúthracht an Dochtúir Uilliam Bedel*. Tá an bhunlámhscríbhinn de na Leabhair Chanónta, amach go dtí Caintic Sholaimh, i Leabharlann Marsh i mBaile Átha Cliath i gcónaí, chomh maith leis an athscríbhinn de na hApacrafa (Ls Dd. 9. 7., agus an-drochbhail uirthi).

Níor cuireadh aon chuid de Leabhar na nApacrafa i gcló go dtí an bhliain 1971 nuair a chuir Coslett Ó Cuinn, Canónach, trí pháosa in eagar as an athscríbhinn i Leabharlann Marsh: Scéalta as an Apacrafa. (Caibidil amháin, Barúch 2, i gcló ag Breandán Ó Madagáin in *Studia Hibernica*, 14, 1974, díreach as an mbunlámhscríbhinn in Cambridge.)

Cuireadh roinnt cóipeanna de ST 1685 go hAlbain agus sa bhliain 1690, chuir Ebheringtham cló Rómhánach ar NT Uí Dhomhnaill agus ar

ST Bhedel in aon leabhar amháin agus Gaeilge na hAlban ar chuid de na cora cainte ba dhorcha leis na hAlbanaigh sa bhunleagan. (Bíobla i nGaeilge na hAlban ar fad sa bhliain 1767.)

Robert Boyle a d'íoc ar fad as clóbhualadh na bliana 1685 (d'éagmais sintiúsóirí a chuideodh leis). “*We can discover but faint traces of any good resulting from this liberal donation (450 cóip in Éirinn), or of any anxiety to promote the spiritual instruction of the native through the medium of the Irish language during the entire of the eighteenth century*” – Monk Mason, céadrúnaí an Irish Society a scríobh sa bhliain 1854. Dá chomhartha sin, níor cuireadh athchló ar aon chuid den Bhíobla go dtí 1799 nuair a chuir Whitley Stokes eagar ar Shoiscéal Lúcaís agus ar Ghníomhartha na nAspal, an Ghaeilge agus an Béarla le hais a chéile – leagan Ghaeilge Uí Dhomhnaill ach litriú foghraíochta uirthi faoi chló Rómhánach (clódóir Watson, BÁC). Agus chuir sé eagar sa bhliain 1806 ar *Na Ceithre Soisceula agus Gníomhartha na Neasbal a nGaidheilg agus a mBéarla* – Gaeilge Uí Dhomhnaill, seanlitríú. Cuireadh *Seanráite Sholaimh* amach, i nGaeilge agus i mBéarla, sa bhliain 1815.

Faoin am seo, bhí na cumainn bhíoblóireachta i mbun oibre — *British and Foreign Bible Society* (a bunaíodh sa bhliain 1804), *Hibernian Bible Society* (1806), *The Irish Society for promoting the Education of the Native Irish through the medium of (the Scriptures in their own language* (1818), etc. Faoi choimirce na gcumann seo, nó faoi anáil na gluaiseachta dar di iad, cuireadh athchló arís is arís eile ar aistriúcháin Uí Dhomhnaill agus Bedel. Ní áireofar anseo ach na heagráin shonracha. An chéad cheann an NT, 1810, in eagar ag James M'Quige (agus téacs na bliana 1681 á leanúint aige) don *British and Foreign Bible Society* (cló Rómhánach, T. Rutt, Shacklewell, Sasana). Chuir siad an Bíobla ar fad amach, leis an eagarthóir céanna, 1817, agus faoi chló Gaelach sa bhliain 1827. Athchló eile den

Bhíobla ar fad, le Edward O'Reilly mar eagarthóir don *Hibernian Bible Society*, sa bhliain 1830. Cuireadh athchló ar leabhair ar leith ó am go chéile agus ba mhinic an Ghaeilge agus an Béarla le chéile iontu (go hidirlínteach fiú amháin) d'fhonn Briathar Dé agus an teanga Bhéarla a leathadh in éineacht. Orthu sin, bhí go háirithe leabhair Thaidhg Choinnialláin ón gCorcaigh Bhig, Co. Shligigh (*The First Two Books of the Pentateuch*, 1819, i gcló Gaelach Dr. Fry, do Ghaeilgeoirí “*who, if taught through the medium of their vernacular tongue, would learn with greater avidity, and would obtain an acquaintance with the English in half the time they otherwise could*”; *The King's Letter* agus Lúcas ann, 1822; *An Irish Spelling Book*, le sleachta as an Scrioptúr, 1823; etc.).

“*A good, plain, familiar translation*”, dar leis na “*vulgar people*”, a dúirt Marsh faoi ST Bedel. Ach is cosúil go raibh Gaeilge an Bhíobla dothuigthe go maith ag Gaeilgeoiri na Mumhan ach go háirithe sa 19ú haois (“*drabhuíol cainnte*” a thug an tAth. Peadar Ua Laoghaire uirthi, “*tuathalach . . . diomblasta . . . grána . . .*”) sa chaoi gur braitheadh gá le heagráin leasaithe ar chuid de NT Uí Dhomhnaill: *The Irishman's Treasure*, “*A Harmony of the Four Gospels in the Munster Vernacular Irish with the English Version (Protastúnach) and Douay (Caitliceach) in Parallel Columns*”, Luimneach, 1833; *The Irishman's Friend*, “*A Three Version Testament . . . Adapted to the Irish-speaking population of the province of Munster. Each page of Irish to be accompanied with a corresponding page of English, either from the Protestant or Douay Versions*” (luaite sna teidil), Luimneach, 1838; *The Four Gospels in the Irish Language* “*adapted principally for the populous province of Munster*”, Londain, 1849, “*Sold at the Tract Depositories in Limerick and Cork*”; *The Book of Revelation* “*for the use of the working classes in the South and West of Ireland*”, i gcomhcholúin leis an Douay Version,

“innumerable obsolete words and phrases, in Bedel's version, being exchanged for those that are idiomatic and plain . . . prepared by the late T. Gahagan (scríobhaí, file agus scoláire Gaeilge as Co. Luimnigh), revised and compared with the original Greek, by a Friend to Ireland”, London, 1849; **Tiomna Nuadh** “aisdrighthe go Gaoighailge Chúige-Múmhan, le Riobeárd [sic] Ó Catháin ó (Charraig an Chabhaltaigh) *Chontae an Chláir*”, i gcló Gaelach an Irish Archaeological Society ag M. H. Gill, University Press, 1858. Sa bhliain 1886, chuir an British and Foreign Bible Society eagrán leasaithe de Lúcas amach ina raibh athrú déanta ag na heagarthóirí (Goodman agus Murphy) ar chora cainte seanaimseartha. Ach nuair a cuireadh Matha amach (1907) agus ina dhiaidh sin na ceithre Shoiscéal agus Gníomhartha na nAspal (1910, eagarthóir J. E. H. Murphy), fillleadh ar ais ar an seantéacs. I ndeireadh thiar, d'fhoilsigh an *Hibernian Bible Society* eagrán de **Tiomna Nuadh Uí Domhnaill** “do athscríobhadh as Gaedhilg na h-aimsire seo le Earnán de Siúnta”, 1953. Bhí leagan Uí Dhomhnaill á fhoilsiú, mar sin, go dtí go ndearna an Canónach Cosslett Ó Cuinn an t-aistriúchán úr ar fad den Tiomna Nua (ón **Revised Standard Version** agus ón nGréigis) a d'fhoilsigh Cumann Gaelach na hEaglaise i gcomhar leis an *Hibernian Bible Society* sa bhliain 1970.

Aistriúchán Caitliceach

Go dtí an dara leath den aois seo caite, bhí na Caitlicigh gan a leagan féin ar leabhar ar bith den Bhíobla (siúd is go raibh leabhair Chaitliceacha á bhfoilsiú i nGaeilge, ar an Mór-roinn ón mbliain 1611 agus in Éirinn ón mbliain 1736 nuair a clóbhuaileadh Seanmóirí Uí Ghallchóir den chéad uair). D'fhág sé seo na sagairt i dtaobh leis an mBíobla Protastúnach (rud a bhíodh in úsáid acu os íseal, mar is léir ó *Theagasg Críostaidhe Uí Dhuinnléibhe*, 1742, mar shampla, nó ó sheanmóirí Mhuiris Paor, 1864,

seq., Teagasc ar an Sean-Tiomna) nó lena gcuid iarrachtaí féin. Nuair a bhí an tAth. Máirtín Ó Lachtnáin ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Mhaigh Nuad (1820-6), is é a bhíodh á theagasc aige in éineacht leis an teanga féin ná conas seanmóirí a cheapadh agus conas na Soiscéil a aistriú go Gaeilge. D'ordaigh na hEaspaig aistriúchán a chur ar fáil ach ní raibh toradh ar an ordú. Dá uireasa sin, thug an tArdeaspag Seán Mac Éil (cainteoir dúchais) faoin obair, agus an tAth. Uileog de Búrca ag cabhrú leis. Chuir sé an chéad imleabhar i gcló sa bhliain 1861, Geineasas go dtí Iósua (neamhiomlán), aistrithe ón Laidin agus an Béarla i dteannta na Gaeilge. Gheall sé go misniúil (in aois 70 dó) an Bíobla ar fad a chur amach ach níor tháinig a thuilleadh.

An tAth. Peadar Ua Laoghaire an chéad duine eile a chrom ar an ngnó. Chuir sé *“An Soisgéal as Leabhar an Aifrinn”* amach sa bhliain 1902. (Sa bhliain chéanna sin, foilsíodh *“Na hEipistile agus na Soisgéula de réir na nDomhnach agus na saoire tríd an mbliadhain”* leis an Ath. Clement Ó Luaghnaidh agus dhá bhliain ina dhiaidn sin, d'aistrigh Seaghan S. Mac a’ Bháird *“Na hEpistlí agus na Soisgéil do na Domhnaighibh agus Laethaibh Saoire”* faoi stiúru easpaig Rátha Bhoth, agus cuireadh an Béarla i dteannta na Gaeilge.) Sa bhliain 1915, foilsíodh *“Na Ceithre Soisgéil”*, a d'aistrigh an tAth. Peadar ó Laidin na Sean-Vulgáide agus an tAth. Gearóid Ó Nualláin (ollamh na Gaeilge i Maigh Nuad) a chur i gcomparáid leis an nGréigis agus le haistriúcháin eile. Thosaigh an tAth. Peadar ar an ST 9 Samhain 1915 agus bhí an t-aistriúchán críochnaithe aige, ach é a cheartú, faoi Nollaig 1916; an gnó ar fad críochnaithe aige Meitheamh 1917 (in aois 78 dó). Tar éis a bháis, rinneadh socrú idir Conradh na Gaeilge agus a sheiceadóir (an tAth. Reisteard Pléimeann) chun a fhoilsithe. Chlóbhuail muintir Dollard an Tiomna Nua amach go dtí Taisp. 22:21 agus stopadh. Ní fios cén fáth. Nuair a cuireadh an Saorstát ar

bun, ghabh an Rialtas nua air féin a bheith freagrach as an gcostas agus chuaigh an gnó tamall eile chun cinn faoi stiúir an Phléimeannaigh. Cuireadh profai timpeall chuig scoláiri áirithe chun go gcuirfidís breis slachta orthu, agus is cosúil nárbh fhéidir an gnó a chur i gcrích chun a sástachta: níor críochnaíodh riamh é. Cuireadh “*Gníomhartha na nAspal*” amach sa bhliain 1921; é sin agus eipistilí an Domhnaigh, a foilsíodh in “*Eochair na bhFlaitheas*” (1932), agus roinnt salm in “*Mo Shlighe chun Dé*” (1921), b’in an méid a foilsíodh de shaothar seo an Athar Peadar. Chuir an tAth. Donnchadh Ó Floinn profaí leathanaigh an NT á gceangal ina leabhar, agus bhronn ar Choláiste Mhaigh Nuad é mar a bhfuil sé sa Leabharlann i gcónaí. Fuinneamh agus nádúrthacht na cainte an bua ba mhó as ar moladh aistriúcháin an Ath. Peadar.

Sa bhliain 1929, chuir an tAth. Pádraig Ó Baoighealláin agus an tAth. Pádraig de Brún “*Beatha Íosa Críost*” amach: is é a bhí ann comhleagan de na Ceithre Shoiscéal, aistrithe ón nGréigis (féach “*An Leabhar Aifrin*” thíos). Sa bhliain 1943, d’fhoilsigh Comhaltas Uladh “*An Scriptoriúir Naomhtha: na Ceithre Soiscéil agus Gníomhartha na n-Abstal*”, aistrithe ag an gCanónach Pádraig Mac Giolla Cheara ó Laidin na SV i gcóimheas leis an nGréigis. Bhí sé i gceist ag an gComhaltas an Bíobla ar fad a chur amach ach níor tháinig a thuilleadh uathu. Thart ar an mbliain chéanna a foilsíodh *Bíobla Naomhtha – an chéad Leabhar den tSean-Tiomna* “*cóirithe i Nua-Ghaedhilig le C. I. Ó D(ochartaigh) Sagart san Ard-Díogóise Sícao - Na Stáit Aontuighthe Americe – go curamach do réir chialluighthe aistrighthe Douai, A.D. 1609*”. Sa bhliain 1948, foilsíodh aistriúchán eile leis an Ath. Micheál Mac Craith, SJ, ar *Litre Canónda an Tiomna Nuaidh mar aon le Taisbeánadh Eoin*, Fáidh, i nGaeilge shean-aimseartha thacair. Chuir an tAth. Benedictus, OCD, *An Leabhar Aifrin* amach sa bhliain 1952: as *Beatha Íosa Críost* (Ó Baoighealláin agus de

Brún) a bhain sé an leagan Gaeilge de na Soiscéil, ach aistriúchán dá chuid féin ón Laidin ba ea na sleachta eile ar fad as na Scriptorúir, faoi chomaoin, dúirt sé, ag gach aistritheoir roimhe agus go háirithe ag an Ath. Peadar Ua Laoghaire. Níor cuireadh cló riamh ar an aistriúchán den Bhíobla ar fad a rinne Peadar Ó Dubhda ar a údarás féin: is sa bhliain 1954 a chríochnaigh agus a bhronn sé ar an náisiún é; tá an lámhscríbhinn sa Leabharlann Náisiúnta.

Bíobla Mhaigh Nuad

Chuir na hEaspag coimisiún ar bun sa bhliain 1945 chun an NT a chur ar fáil mar chéad chéim. Triúr sagart i gColáiste Mhaigh Nuad a bhí ar an gcoimisiún sin: An Mgr. Éamann Ó Cíosáin, Uachtarán; Donnchadh Ó Floinn, Ollamh le Gaeilge; agus Seán Ó Floinn, Ollamh le NT. Cuireadh moill ar obair an choimisiúin agus taobh amuigh de shliocht dhá chaibidil (26-7) as Soiscéal Mhatha a foilsíodh sa *Furrow*, Aibreán 1950, ba é chéad toradh a gcuid oibre ná “Lúcás” (1964) arna aistriú ag Donnchadh Ó Floinn agus nótaí leis ag Seán Ó Floinn. Faoin am seo, bhí práinn leis an ngnó agus na teangacha dúchais á dtabhairt isteach san Aifreann (dá chomhartha sin tugadh *Scriptúir an Domhnaigh* amach i nGaillimh sa bhliain 1964; an tAth. Colm Ó Faoláin agus an tAth. Leon Ó Mórcháin a d'aistrigh). Cé go raibh Matha réidh don chlódóir ag an Ath. Donnchadh (chomh maith le *Leicseanáir an Domhnaigh*) agus *Leabhar Ióna agus Dhainéil* (1963) i gcló ón Ath. Pádraig Ó Fiannachta, thuig na sagairt seo go raibh géarghá leis an obair a bhrostú go mór agus í a chur ar bhonn nua ar fad. Ar mholadh uathu, chuir na hEaspag Coiste Stiúrtha i mbun an ghnó sa bhliain 1966. Ba iad baill an Choiste ná an ceathrar sagart a rinne an moladh: Seán Ó Floinn, Donnchadh Ó Floinn, Tomás Ó Fiaich agus Pádraig Ó Fiannachta, agus an cúigiú duine leo, an tAth. Colmán Ó

hUallacháin, OFM. Bhí údarás acu foireann líonmhar a chur ag obair mar aistritheoirí agus mar chomhairleoirí (sriptúir agus teanga). Ón mbunteanga a bhí an t-aistriú le déanamh agus súil ar leaganacha eile. Ceapadh Pádraig Ó Fiannachta ina rúnaí agus cuireadh cúram an fhoilsithe air. Chuir an Coiste péire i mbun gach leabhair (don chuid is mó), i.e. aistritheoir agus scoláire Sriptúir agus bhí leabhair le foilsiú de réir mar a bheidís réidh. Ar an gcuma sin, bhí an Bíobla ar fad, geall leis, foilsithe ina leabhair faoin mbliain 1977 (na Mion-Fháithe in uimhreacha den iris *An Sagart*) agus bhí réamhleagan dá lán de foilsithe sa *Leicseanáir* faoi eagarthóireacht Chathail Uí Áinle. Bhí obair mhór chomheagarthóireachta fós le déanamh, ach bhí an t-iomlán críochnaithe amach faoin mbliain 1981.

Tá liosta na foirne le fáil i mbrollach an Bhíobla. Ag seo na haistritheoirí (sagairt ar fad): Donnchadh Ó Floinn, Pádraig Ó Fiannachta, P. Ó Nualláin, OCSO (eisean a d'aistrigh *Leabhar na nOlagón agus Barúch*), an tAth. Colm Cille, OCSO, Seán de hÍde, SJ, Breandán Ó Doibhlin, Seosamh Ó Dufaigh (eisean a d'aistrigh *Leabhar Amós*), Aibhistín Valkenburg, OP, Seán Mac Cárthaigh, Tomás Mac Aoidh, agus Pól Ó hAonusa (a d'aistrigh cuid de *Leabhar Iúidit*). Chomh maith le cion fathaigh den aistriú a dhéanamh (26 leabhar), bhí Pádraig Ó Fiannachta ina eagarthóir ar an iomlán. Níorbh aon áibhéil ag an gCairdinéal Ó Fiaich é nuair a scríobh sé sa bhrollach “nach mbeadh Bíobla Mhaigh Nuad ann san aois seo ar chor ar bith murach dúthracht dhochloíte agus acmhainn mhillteanach oibre an Ath. Pádraig Ó Fiannachta”.

**AMHARC GNÚISE DÉ: AN ANN DO DHIA?
MONADIACHAS, ÍOSA NA STAIRE,
INSPIORÁID AN SCRÍOPTÚIR**

Máirtín Mac Conmara, MSC

1. Réamhrá

Le linn dom bheith ag múineadh cúrsaí lárnacha ar an mBíobla ar feadh na mblianta bhí cúrsaí roghnacha agam chomh maith ar ábhair faoi leith, mar shampla monadiachas (aondiachas), Íosa na staire agus inspioráid an Scríoptúir. Bhí ar aigne agam ábhar ar na téamaí sin a fhoilsiú nuair a théinn ar scor, dá mbeadh an t-am agus an chaoi agam chuige sin, in aistí nó fiú i leabhair. Agus ar ndóigh tá leabhair iomadúla foilsithe ar gach ceann de na hábhair sin.

Rud a rith liom ag machnamh ar na teidil sin ná go bhfuil aontacht eatarthu, agus sin go mbaineann siad go léir le láithreachtaí Dé do chreidmheach, agus dúil an té a chreideann bheith aontaithe le Dia, radharc a bheith acu le Dia sa mhéid is féidir sa saol seo agus ansin gnúis le gnúis, aghaidh ar aghaidh.

Tá an dúil dhomhain sin curtha go deas i ndán ag file den aonú céad déag - scríobh file (Maol Íosa Ua Brolcháin b'fhéidir; bhásaigh 1086) mar seo:

“Mian de mhianta m'anma amharc gnúise Dé; mian de mhianta m'anma an tsíoraíocht lena thaobh”.

Is álainn ar fad na briathra sin “mian ar amharc gnúise Dé”, a réitíonn le mianta chraifeacht Iosrael sa Bhíobla. Ar ndóigh is spiorad é Dia nach féidir a fheiceáil le súile daonna. Nach dúirt Dia féin le Maois (Eacsadas 33:20): “Ní féidir duit mo ghnúis a fheiceáil”, ar sé “óir ní féidir do dhuine mé a fheiceáil agus maireachtáil dá éis sin”. Ar uairibh nuair a d'fhoilsigh Dia é féin dá mhuintir, nó do bhall díobh, ba i bhfoirm fir nó aingil sin. Ach níor chuir briathra Dé do Mhaois as do lucht cráifeachta in Iosrael cíocras a bheith orthu gnúis Dé a fheiceáil, bíodh gur dócha gur bheith feasach de láithreachtaí Dé dóibh

an nath sin, go mór mór a láithreacaht ina Theampall in Iarúsailéim. Tá cur síos ar an gcíocracht sin ach go háirithe sna Saim, mar shampla: “Faoi mar a shantaíonn an eilit na sruthanna uisce is amhlaidh a shantaíonn m’anam thusa, a Dhia. Tá cíocras chun Dé ar m’anam chun Dé bheo; cá huair thiocfaidh mé go bhfeicfidh mé *gnúis mo Dhé*” (Salm 42[41]:2-3); “Dúirt mo chroí i do thaobhsa: ‘Bí ag lorg a *ghnúise*.’ Bím ag lorg do *ghnúise*, a Thiarna, ná folaigh d’aghaidh orm. Ná cuir do ghiolla uait i bhfeirg; is tú mo chúnaimh. Ná teilg uait mé is ná tréig mé: a Dhia mo shlánaithe! (Salm 26[27]:9-10); “Is ort a bhím ag éamh, a Thiarna, is chugat a thagann m’urnaí ar maidin. Cad chuige duit m’anam a ruaigeadh? cad fáth a bhfolaíonn tú *d’aghaidh (do ghnúis)* orm?” (Salm 87(88):14-15); “Cá fhad, a Thiarna, a fhágfaidh tú i ndíchuimhne mé? Cá fhad a choinneoidh tú d’aghaidh (*do ghnúis*) i bhfolach orm? Cá fhad a mhairfidh m’anam á bhuaireamh agus cathú i mo chroí i gcaitheamh an lae? Cá fhad a choimeádfaidh mo namhaid faoina réir mé? Féach orm agus freagair mé a Thiarna, a Dhia liom. (Salm 12[13]: 2-4); “Feicfidh mise, áfach, do aghaidh i bhfíréantacht, agus ag dúiseacht dom sásófar mé le *radharc do ghnúise* (Salm 16[17]):15.

Mar sin measaim gur féidir cur síos ar na téamaí éagsúla sin a luaigh mé -- monadiachas (aondiachas), Íosa na staire agus inspioráid an Scrioptúir -- faoin dteideal “Amharc Gnúise Dé”.

2. An ann do Dhia?

Blianta ó shin ní bheadh aon ghá le mír mar seo roimh chur síos ar stair an chreidimh i nDia in Iosrael agus san Eaglais. Ach le tamall anois tá an cheist á cíoradh go géar an ann do Dhia ar bith. Tá fréamhacha éagsúla leis an nua-léargas seo maidir le creideamh i nDia agus le cleachtadh an chreidimh mar a dhéantaí tráth.

Is fada siar a théann séanadh Dia a bheith ann ag lucht an léinn. Mar chuid de dhíonchruthúnas a gcreidimh mar Ghiúdaigh thart ar an mbliain 30 roimh

Chríost déanann údar Giúdach Leabhar na hEagna cáineadh géar orthu agus ar gach saghas íoladhradh chomh maith, sna briathra seo (Eagna 13:1-5, 8-9) :

Is baoth ó nádúr iad na daoine go léir a bhí aineolach ar Dhia
 agus nach raibh sé ar a gcumas fios a fháil
 ar an Té Atá Ann, ó na nithe maithe atá le feiceáil
 agus nár chuir aithne ar an gceardaí
 trí mhachnamh a dhéanamh ar a oibreacha,
 ach a cheap gur dhéithe a rialaíonn an domhan iad
 an tine nó an ghaoth nó an t-aer mear
 nó ciorcal na réaltaí nó an t-uisce suaite nó soilse neimhe.
 Má mheas siad gur dhéithe iad na nithe seo
 toisc gurbh ábhar aoibhnis dóibh a n-áilleacht,
 bíodh a fhios acu a oiread is atá a máistir níos fearr ná iad,
 óir is é údar na háilleachta a chruthaigh iad.
 Má chuir a gcumhacht agus a n-éifeacht ionadh orthu
 tuigidís uathu a oiread is atá a ndealbhóir níos láidre ná iad.
 Mar ó mhéid agus ó áilleacht nithe cruthaithe
 cuirtear eolas ar a ndéantóir (dá réir) -- go hanalachúil. (vv. 1-5)
 Ach arís, fiú amháin iad seo, níl siad inleithscéil.
 Óir, má bhí sé ar a gcumas an oiread sin feasa a fháil,
 gurbh fhéidir leo tuairimíocht a dhéanamh faoin saol,
 cén fáth nár chuir siad aithne ar mháistir na nithe seo níos luaithe? (vv. 8-9)

Tá an tAspal Pól faoi thionchar thraidisiún sin a mhuintire agus é ag cáineadh go géar drochiompar na bpágánach, a eascraíonn, dar leis, ó easpa eolais ar Dhia. Ag scríobh chuig na Rómhánaigh deir sé: (Rómhánaigh 1: 18-25):

Tá fearg Dé á foilsíú ó neamh in aghaidh éagraífeacht agus urchóid uile na ndaoine úd atá ag coinneáil na fírinne i ngéibheann lena gcuid urchóide. Óir tá a bhfuil le foghlaim faoi Dhia soiléir dóibh de bhrí gur nocht Dia féin dóibh é. Mar ó chruthú an domhain i leith tá a thréithe do-fheicthe – a chumhacht

shíoraí agus a dhiagacht – le haithint agus le feiceáil sna nithe atá déanta. Más ea, níl aon leithscéal acu, mar, cé go raibh eolas ar Dhia acu, níor thug siad dó an ghlóir ná an buíochas ba dhual dó mar Dhia. Is amhlaidh a chuaigh siad chun mearbhaill ina gcuid smaointe agus a dalladh an aigne dhúr iontu. Agus iad ag maíomh gur lucht gaoise iad féin, d’imigh siad le baois; mhalartaigh siad glóir an Dé neamhbhásmhair ar íomhánna a raibh cló an duine bhásmhair orthu nó cló éanlaithe nó ainmhithe nó péisteanna. Sin é an fáth ar thug Dia suas iad don mhígheanmnaíocht de réir ainmhianta a gcroí, sa tslí gur thug siad tarcaisne dá gcoirp eatarthu féin. Mhalartaigh siad fírinne Dé ar an mbréag agus thug ómós agus seirbhís don chréatúr mar rogha ar an gcruthaitheoir, moladh go deo leis. Amen.

Tháinig treise ar an séanadh bheith ann do Dhia leis an ngluaiseacht fealsúnachta den ochtu haois déag ar a dtugtar an Eagnaíocht, Ré na hEagnaíochta, ar a dtugtar sa Ghearmáinis Aufklärung, sa Fhraincis Le Siècle des Lumières. Chuir seo an bhéim ar an réasún agus ar an réasún amháin, gan foilsíú ó Dhia, mar threoir don saol príobháideach agus poiblí. Bheadh glacadh ag na saoithe seo le Dia a d’aimseodh an réasún, gan aon chur isteach aige (nó aici) ar chúrsaí daonna (dias, deism, seachas diachas, theism). Mhéadaigh ar an gclaonadh bheith ann do Dhia ar bith a shéanadh leis an éabhlóid agus dul chun cinn i gcúrsaí eolaíochta, amhail agus gur tháinig ann don dúine, don chine daonna agus don domhan atá ann trí éabhlóid, trí thaisme, trí thimpiste, trí éabhlóid bhitheolaíoch, seachas trí dhearadh éirimiúil ina mbeadh oibriú Dé gníomhach. Tá an Eagnaíocht mar ghluaiseacht agus mar fhealsúnacht beo beathach go fóill mar is léir ón leabhar seo a foilsíodh sa bhliain 1954, le hathchlónna níos déanaí: *Enlightenment Now. The Case for Reason, Science, Humanism and Progress*, le Steven Pinker, “Eagnaíocht Anois. Na hAragóintí i bhfabhar an Réasúin, na hEolaíochta, an Daonnachais agus an Dul Chun Cinn”, le críoch a chur leis an reiligiún, gach saghas de, agus ionadh ar an údar go bhfuil an méid den reiligiún ann go fóill agus atá. Agus nuair nach bhfuil an

naimhdeas chomh hoscailte sin is cuid d’atmaisféar ár lae féin an meon sin, agus ní mór do chreidmhigh bheith san airdeall faoi.

Mar a mhaígh údar Leabhar na hEagna, agus mar a ghlacadh leis sa tsean-ré, “ó mhéid agus ó áilleacht nithe cruthaithe cuirtear eolas ar a ndéantóir”, ar Dhia. A mhalairt ar fad maidir le roinnt eolaithe agus na fisiceoirí a scrúdaíonn oibriú na cruinne agus a bhfuil beo ann go mion agus a mheasann as seo nach bhfuil gá le neach taobh amuigh de leis an scéal a mhíniú, agus atá den tuairim fíu go mbeadh sé mímhacánta dul i mbun tuisceana dá leithéid. Mar sin ar uairibh tar éis do scoláire duais Nobel na fisice a fháil deir sé nó sí leis na meánna poiblí gur aindiachaí, daonnachaí, iar-Chríostaí é nó í, ag cur leis ar uairibh: “faoi mar an oireann d’fhisiceoir, nó, do dhuine acadúil”.

An freagra air sin, ar ndóigh, ná go bhfuil fisiceoirí agus scoláirí acadúla ann atá ina n-aindiachaithe agus a thuilleadh díobh ann nach bhfuil, a chreideann.

Má ghlactar leis an aindiachas toisc go meastar gur sin a oireann don réasún, ní de thoradh réasúnaíochta sin. Ní féidir a chruthú ón réasún nach bhfuil Dia ann. Is braistint, aireachtáil, *perception*, é, a thagann do dhuine ó éagsúlacht iomadúil cúiseanna, amhail rud éigin a mheasann duine a bheith neamh-comhoiriúnach do chreideamh i maitheas Dé, dá mba ann dó. Is gnáthach d’fhealsaimh, d’fhisiceoirí agus d’eolaithe **samplaí** a thabhairt, go minic ag tógaint leanbh óg sa **sampla**, mar **shampla** leanbh le hailse phianmhar scornaí agus an t-athair ar talamh ag tabhairt aire dó ach Athair ar neamh, dá mba ann dó, ag tabhairt neamh-airde air; **sampla** eile, péist ag lorg shúil linbh lena loiteadh, agus mar sin de.

Ní hé gur de theann drochthola go bhfuil daoine ina n-aindiachaithe. Ó thús bhí An Eagnaíocht tiomanta do chúrsaí dearfacha, dul chun cinn an chine dhaonna agus eile. Nuair a chuirtear an cheist faoi chumas an réasúin teacht ar eolas faoi Dhia dá stuaim féin, ní héasca freagra a thabhairt, mar is annamh a

bheadh “réasún glan” ann, gan cur isteach ón gcultúr lena bhaineann an duine aonair. Agus rud eile faoi ná an coincheap de Dhia a bheadh i gceist, neach éigin ar a mhéad a bheadh i bhfad i gcéin ón Dia a d’fhoilsigh é féin do Mhaois, agus a léirigh Íosa mar Athair trócaireach. Toisc laige an nádúir dhaonna sna cúrsaí seo d’fhoilsigh Dia é féin dá mhuintir Iosrael agus don domhan mór trína Mhac Íosa Críost. Is trí fhoilsiú ó Dhia seachas an réasún daonna agus a eagna a thagann eolas ar Dhia agus aithne air, mar a luaigh Pól do na Corantaigh (1 Corantaigh 1:21):

Nuair nár éirigh leis an saol, trína chuid eagna, aithne a chur ar Dhia, thograigh Dia as a chuid eagna féin na creidmhigh a shlánú trí dhíth céille an fhorógra seo againne.

3. Monadiachas -- tús agus fás

Is í is brí leis an téarma monadiachas (aondiachas) ná an tuiscint nach bhfuil ann ar bith ach an t-aon dia amháin. Sa mhéad seo tá sé éagsúil ó heinidiachas (henotheism), sin le rá adhradh aon dé amháin ag tír nó pobal gan bheith ann do dhia nó do dhéithe eile a shéanadh. Sampla maith de sin ná an dia Aten ag Faró Akhenaten na hÉigipte (1353-1336 roimh Chríost). Bhí iomrá ar an Éigipt de bharr a hildiachais. An ceann ba iomrátaí díobh ná Amun, dia na gréine. Ba é sin dia a bhí ag an bhFaró Amenhotep IV (le hainm Amun istigh ann), a d’athraigh a ainm agus cultas a dhé go Akhenaten sa cheathrú bliain dá réimeas agus nár cheadaigh ach cultas an dé Aten (“diosca na gréine”) amháin.

Mar a chuir scríbhneoir Giúdach amháin é, is é an t-éacht is mó againn ó na hEabhraigh ársa ná an monadiachas a thabhairt isteach i dtuiscint an chine dhaonna. Is iad na hEabhraigh, na Giúdaigh, nó Dia tríd an gcine sin, a thug dúinn an bua sin, mar a fheicimid, bíodh gur ann dó ó thús na staire de réir saoithe áirithe agus gur iompaigh an cine daonna é de réir a chéile ina ildiachas. Is fiú tús agus fás an chreidimh sin mar atá sé anois againn a ríomhadh.

1. *Luathstair an chine dhaonna agus Dia de réir saoithe áirithe.*

De bharr easpa fianaise níl aon eolas againn faoin gcoincheap de Dhia a bhí ag an gcine daonna ina luathstair, nó in aon chuid de. Ach mar sin féin léirigh saoithe áirithe a dtuairimí faoin scéal. Dar leis an daonnachaí agus réasúnaí Voltaire (1694-1778) ba mhonadiachaithe an cine daonna i dtosach agus monadiachas a reiligiún, ar tháinig deireadh leis, go hildiachas, toisc laige na haighe daonna. Dar leis an sagart agus eitneolaí iomráiteach Wilhelm Schmidt (1868-1954) an tátal a d'eascair as a chuid taighde ná gur monadiachas primitíbeach a bhí ann ar tháinig meath air níos déanaí gan ag fágaint ach Neachanna is Airde scaipthe agus Ard-Déithe mar fhianaise go raibh sé ann. Ó thaobh shaol an Bhíobla de bhí an scoláire cáiliúil Marie-Joseph Lagrange den tuairim gur thug na Chéad Seimítigh adhradh don Dia El amháin, agus níos déanaí gur dheighil El ina numina éagsúla, ina déithe faoi leith ag seasamh d'fhiniméin nádúrtha. Bhí an seandálaí agus scoláire cáiliúil ar reiligiún an Bhíobla agus Chanán William Foxwell Albright den tuairim gur thug an meas a bhí ann ar Ard-Dia amháin a lán pobal den Neasoirthear agus den domhan Gréagach Heilléanaíoch ráitis láidre mhonadiachacha a dhéanamh bíodh nár shroicheadar creideamh monadiachtach Iosrael nó geall leis. Ach tá scoláiri eile thar a bheith amhrasach faoina leithéid de thuairimí faoi luathmhonadiachas an chine dhaonna.

2. *Luathstair and chine dhaonna agus Dia de réir an Bhíobla*

Is féidir anois casadh go fianaise an Bhíobla. Ba é ainm dílis Dé Iosrael ná Iáivé, agus a chultas Iáivéachas. D'fhoilsigh Dia a ainm sin do Mhaois na céadta bliain tar éis aimsir Abrahám. Tá cur síos i leabhar Geineasas ar chruthú an domhain agus luathstair an chine dhaonna (Geineasas 1-11) ach ní eitneolaíocht ach ráiteas creidimh atá ann, ó phrionsabail chreidimh agus ó sheantraidisiúin an Oirthir agus Iosrael. Tá cur síos ann chomh maith ar

phatrarcaí Iosrael agus an Dia ar thugadar adhradh dó, nárbh ionann a ainm agus Iáivé: go ginearálta El Seaddaí (a aistrítear mar “Dia Uilechumhachtach”), El Olam (“Dia Síoraí”), Eagla Íósác, Neach Tréan Iacóib.

Rinne sliocht Abrahám dearmad ar Dhia a nAthracha fad a bhíodar san Éigipt, ach rinne Dia teagmháil leo arís, á rá leo gurbh é Dia a n-athracha é, agus d’fhoilsigh sé a ainm dílis féin Iáivé dóibh. Tá bunús agus luathstair an mhonadiachais in Iosarel ceangailte leis an gceist chasta faoi bhunadh eitneach na nEabhrach, pobal Iosrael, féin agus faoina seal san Éigipt agus a n-imeacht as. Bhí traidisiún acu faoi Iáivé, gur chuir sé béim air gurbh é fein an t-aon Dia amháin a bheadh acu. B’in é an chéad aithne den Deich gCinn:

Mise an Tiarna [Iáivé] do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse. Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair. Ná déan duit féin aon íomhá ghreanta, ná cosúlacht aon ní dá bhfuil ar neamh thuas, ná ar talamh thíos, ná sna huiscí atá faoin talamh. Ná sléacht rompu agus ná déan iad a adhradh. Óir is Dia éadmhar mise, an Tiarna do Dhia, agus déanaim coir an athar a agairt ar an gclann mhac, agus ar chlann a chlainne go dtí an ceathrú glúin díobh siúd ar fuath leo mé, ach déanaim cineáltas buan leis na mílte díobh siúd a thugann grá dom agus a choimeádann m’aitheanta.

(Eacsadas 20:2-6).

Fiú má ghlacaimid leis gur tugadh an aithne sin do Mhaois, agus sa dóú haois déag roimh Chríost b’fhéidir, ní monadiachas glan amach agus amach an aithne sin. Is Dia do phobal Iosrael amháin é. Ní shéantar ann nach bhfuil déithe ann [scrios déithe ann Éamonn] do phobail eile. Bhí deacracht ar leith ann faoi ómós a thabhairt do Dhia infheicthe, le cosc iomlán ar íomhánna. Léiríodh sin go luath nuair a rinne Arón, deartháir Mhaois féin, dealbh de lao óir, agus an pobal ag liú: “Seo é do dhia, a Iosrael, a thug thú amach as tír na hÉigipte!” Ní íoladhradh a bhí ann ach ómós do Iáivé faoi íomhá lao, nó tarbh óg, íomhá a sheas do Iáivé.

Is dócha gur lean ómós do Iáivé agus a chultas ar aghaidh i measc phobal Dé mar reiligiún oifigiúil, ach de réir fianaise an Bhíobla is meascán d'ómós do Iáivé agus déithe Chanán – sincréiteachas – a bhí ann go dtí gur bánaíodh Iarúsailéim agus an Teampall sa bhliain 586. Ar sheilbh a ghlacadh ar an dTír Tairngire, dar le leabhar Iósua, labhair Iosua mar seo le pobal Iosrael (Iósua 24:2-3, 14-15):

Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Bhí cónaí ar bhur n-aithreacha taobh thall den Abhainn anallód – Tearach, is é sin, athair Abrahám agus Náchór – agus rinneadar fónamh do dhéithe eile. Ansin thóg mé bhur n-athair Abrahám ón taobh eile den Abhainn anall, á threorú trí thír uile Chanán. Mhéadaigh mé a shliocht...Bíodh eagla oraibh roimh an Tiarna anois dá bhrí sin agus fónaigí dó go dílis dáiríre. Cuirigí uaibh na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn agus san Éigipt, agus déanaigí fónamh don Tiarna. Ach mura mian libh fónamh don Tiarna, déanaigí bhur rogha inniu idir na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn, agus déithe na nAmórach a gcónaíonn sibh ina ndúiche anois, le fónamh dóibh. Maidir liom féin agus le mo theaghlach, ámh, déanfaimid fónamh don Tiarna (Iáivé). D’fhreagair an pobal uile: “Déanfaimidne ... fónamh don Tiarna [Iáivé] óir is é ár nDia é. ... Is don Tiarna ár nDia a dhéanfaimid fónamh, agus is dá ghuth siúd a bheimid umhal”.

Ach ní mar sin a bhí de réir mar a deir Leabhar na mBreithiúna linn; thugadar omós do dhéithe (Bál) agus bandéithe (Aiséará, Aisteárót) Chanán, mar shampla (2:11-13):

Rinne clann Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna go ndearnadar fónamh do na Bálaím. Thréigeadar an Tiarna, Dia a sinsear, a threoraigh amach as tír na hÉigipte iad, agus leanadar déithe eile, déithe de chuid na gcíníocha ina dtimpeall. D’adhradar na déithe sin agus ghriogadar an Tiarna chun feirge. De bhrí gur thréigeadar an Tiarna agus go ndearnadar fónamh do Bhál agus do na hAisteárót.

Agus pas beag níos déanaí (3:7):

Rinne pobal Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna. Rinneadar dearmad ar an Tiarna, a nDia, go ndearnadar fónamh do na Bálaím agus do na hAiseárót.

Níos déanaí ina stair bhí ómós á thabhairt don bhandia Isteair san Aisiria, agus do mhóran déithe eile chomh maith. Tá fianaise don sincréiteachas seo in Iosrael ó fhoinsí taobh amuigh den Bhíobla in inscríbhinní ón ochtú céad, ceann ó Khirbet el-Qom in Iúda agus ceann eile ó oirthear Shíonáí. Labhraíonn an chéad cheann faoi Iáivé (YHWH) agus a Aiséará, agus an dara ceann faoi Iáivé na Samáire agus a Aiséará. Tá ceann de dhá bhrí ag baint le hAiséará sa Bhíobla, an bandia, nó cuaille nó crann a sheasann di. Is cuma faoi sin dáiríre, fiú más cuaille atá i gceist - léiríonn sé ómós do Iáivé agus d’Aiséará, agus b’fhéidir an tuiscint gur céile do Iáivé Aiséará.

Bhí cúrsaí go dona i Ríocht an Tuaiscirt (Iosrael) thart ar an mbliain 850 nuair a phós an rí Acháb Izebel iníon le rí Shiodón, a rinne iarracht a dia féin Bál a thabhairt isteach in Iosrael agus críoch a chur le cultas Iáivé. Chuir an fáidh Éilias go tréan ina choinne sin, le slad uafásach fháithe Bhál ag Sliabh Chairmeil.

Dia na torthúlachta bhí in Bál agus i mbandéithe Chanán chomh maith. Mheas ar chreid iontu gur bhraith torthúlacht na talún ar an ómós agus adhradh a tugadh dóibh. San ochtú céad rinne an fáidh Hóisé iarracht Iosrael, ríocht an Tuaiscirt, a mhealladh ar ais ó Bhál agus déithe Chanán go Iáivé, Dia an Chonartha. Is uaidh sin, agus ní ó Bhál a tháinig torthúlacht agus slánú. Deir Dia trína fháidh: “Is mise an Tiarna, do Dhia, ón uair a threoraigh mé thú as críocha na hÉigipte. Ní aithnid duit aon Dia eile ach mé, ná níl aon slánaitheoir eile ann ach mé. ... Is mise a rinne aoireacht ort san fhásach, i ndúiche an triomaigh mhóir. ... Bheathaigh mé iad agus fuair siad a sáith, ach nuair a bhí siad sách, tháinig éirí in airde ar a gcroí, agus mar sin de rinne siad dearmad

díomsa” (Hóisé 13:4-6). Ach ní raibh toradh ar a theachtaireacht faoi ghrá Dé dá mhuintir. Deir Hóisé leo go ndíolfaidís go daor as. Scriosadh an an tír go léir agus an mhórchathair sa bhliain 721, agus níor fagadh anois ach Iúda, Ríocht Dháiví.

Ní raibh staid an Iáivéachais níos fearr in Iúda, bíodh gur rinne na ríthe Hiziciá agus Ióisíá iarrachtaí ar leasú. Dhaor an fáidh Irimia (626 ar aghaidh) cultas Bhál agus dhéithe Chanán go láidir agus rinne iarrachtaí an pobal a thabhairt ar ais don chonradh le Iáivé. Bhagair sé díoltas Dé orthu. Bhí deireadh ré le ríocht Iúda, Iarúsailéim agus an Teampall beagnach tagtha. Sa bhliain 586 tugadh fíis den chultas bréige sa Teampall don fháidh Eizicéil, na mná ina suí ag gol ar son Thamúz, dia de chuid na hAisiria agus na Bablóine, a caoineadh gach bliain sa mhí Tamúz (Meitheamh-Iúil) lena sheal sa domhan thíos a chomóradh. Chonaic sé chomh maith fir agus iad ag adhradh na gréine i dtreo an oirthir -- agus gníomhartha gránna eile nach iad.

Da bharr sin bhí glóir Dé lena theampall a thréigean le dul soir le bheith leis na deoraithe sa Bhablóin. Treascradh Iarúsailéim agus an Teampall sa bhliain 586 agus díbríodh a thuilleadh deoraithe. Bhí cúis mhachnaimh anois acu ar mhí-éifeacht na ndéithe agus mbandéithe ar thugadar ómós agus cultas dóibh iad a shaoradh, agus go raibh tuar tagtha faoi thairngreachtaí Irimia. Ach níor tháinig aithrí ná athrú meoin ar na deoraithe ná ar an mbeagán a d’fhan fós in Iúda ach oiread. Tar éis threascairt Iarúsailéim chuireadar siúd iallach ar Irimia teacht leo chun na Éigipte. Uair amháin eile dúirt Irimia leo ansin gurbh é cultas na ndéithe bréige agus tréigean Iáivé ba chúis lena tharla dóibh. Thug na fir agus na mná freagra balbh ar an bhfáidh mar seo:

Ansin gach uile fhear dá raibh a fhios aige gur loisc a bhean chéile tuis do dhéithe eachtrannacha, agus an uile bhean dár sheas ina bhfochair, comhthionól mór (mar aon leis na daoine uile a chónaíonn i bPatros, i dtír na hÉigipte), d’fhreagair siad Irimia, á rá: “Níl aon rún againn éisteacht leis an

bhfocal seo a labhair tú linne in ainm an Tiarna, ach leanúint orainn ag déanamh gach ar gheallamar: ag loscadh túise do Bhanríon Neimhe agus ag doirteadh íobairtí dí di, faoi mar a dhéanaimis, sinn féin agus ár n-aithreacha, ár ríthe agus ár dtaoisigh, i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim: bhí fairsinge bia againn san am sin, bhíomar go maith as, ní fhacamar aon olc. Ach ón uair ar éiríomar as túis a loscadh do Bhanríon Neimhe agus íobairtí dí a dhoirteadh amach di, tá easpa gach ní orainn, agus maraíodh sinn leis an gclaíomh nó leis an ngorta.” [Agus dúirt na mná] “Nuair a loscaimid túis do Bhanríon Neimhe agus nuair a dhoirtimid amach a híobairtí dí, an dóigh leat gur ag déanamh **bairíní** (*kawannîm*) lena híomhá orthu agus ag doirteadh a híobairtí dí atáimid gan fhios dár bhfir chéile?”

Ionann “Banríon Neimhe” agus an bhandia Istear, bandia ón Measpatáim (bandia na réalta Véineas; Astarta i gCanán; Aphrodite sa Ghréig; Véineas sa Róimh); bairíní lena híomhá orthu, íomhá de bhean nocht agus béim sna comharthaí torthúlacha aici. Bandia na torthúlachta a bhí i “Banríon Neimhe”, in Istear.

Tar éis threascairt Iarúsailéim agus an Teampaill, ní nuair a bhí sé deimhin go raibh sin le teacht go luath, d’athraigh seanmóireacht Irimia agus Eizicéil ó bhagairt dhíoltas Dé go dóchas don todhchaí dá phobal. Bhí Eizicéil i measc na ndeoraithe sa Bhablóin ach is beag aird a thugadar ar a bhréithre dóchais. Bhí réimeas uilechumhachtach na Bablóine ann i gcónaí agus na seanmóirithe in íseal brí. Ach bhí athrú le teacht. Faoin mbliain 560 nó mar sin bhí ríocht na Peirse ag teacht chun tosaigh faoi Chíoras agus faoi 550 bhí sé soiléir go mbeadh seilbh na Bablóine aige. Bhí dea-theist air chomh maith maidir le deoraithe. Bheadh machnamh á dhéanamh ar chomhlíonadh na dtairngreachtaí i measc grúpaí fáidhiúla. Bhí déithe Chanán agus gach ar sheasadar dó cloíte, agus briathra Iáivé, an tAon Dia amháin, cruthaithe bheith fíor.

3. An Dara hÍseáia agus an Monadiachas

Thart ar 550 tháinig fáidh nua ar an bhfód ar a dtugtar anois An Dara hÍseáia a d'fhógair go poiblí nach raibh ach an t-aon Dia amháin ann, Iáivé, agus nach ann do dhéithe ar bith eile. Admhaítear ag cách gurbh eisean a chéad thug dúinn an monadiachas soiléir. Seo cuid dá ndúirt Dia trí bhéal a fháidh lena mhuintir faoi féin agus faoin ré le teacht:

Creideamh in aon Dia amháin (44:6-8)

Mar seo a labhraíonn an Tiarna, rí Iosrael,

agus a fhuascailteoir, Tiarna na Slua:

“Is mise an tús agus an deireadh;

ach mise amháin, níl déithe ar bith eile ann.

Cé atá inchurtha liomsa? Amach leis anseo agus labhraíodh sé;

taispeánadh sé é féin agus cuireadh sé a chás i mo láthair!

Cé hé a thug le fios anallód a raibh le teacht?

Fógraíodh siad na rudaí atá chugainn!

Ná bíodh uamhan ná eagla oraibh:

Nár thug mé le fios agus nár fhógair mé sin daoibh fadó?

Tá sibh féin in bhur bhfinnéithe agam,

an bhfuil Dia eile ann seachas mé féin?

Níl aon Charraig eile ann; ní eol dom a leithéid!” (44:6-8)

Is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna lena unghtach, Cíoras,

an té ar rug sé ar láimh dheis air

chun na ciníocha a leagan ina fhianaise

agus claíomhchrios na ríthe a scaoileadh ó chéile;

chun na comhlaí a bhriseadh roimhe isteach

ionas nach mbeidh na doirse dúnta níos mó.

“Siúlfaidh mise romhat mé féin

chun na cnapáin a dhéanamh cothrom.

Déanfaidh mé smionagar de na comhlaí práis,
 gearrfaidh mé na barraí iarainn ó chéile.
 Tabharfaidh mé ar láimh duit taiscí faoi choim
 atá cnuasta i gcillíní rúin,
 chun go dtuige tú gur mise an Tiarna,
 Dia Iosrael atá ag glaoch ort i d'ainm.
 Is ar mhaithe le mo ghiolla Iacób
 agus le hIosrael, mo rogha,
 a ghlaoigh mé i d'ainm ort,
 ag tabhairt gradaim duit agus gan aithne agat orm.

*Is mise an Tiarna; níl m'athrach eile ann;
 ach mise amháin, níl aon dia ann.
 Gan aithne agat orm, tá tú i mbun airm agam
 ionas go mbeidh a fhios ó éirí go luí na gréine
 gur neamhní an uile rud ach mise amháin” (45:1-6).*

Déanaigí fógra, cuirigí bhur gcás i láthair,
 gabhaigí i gcomhairle le chéile fiú amháin:
 Cé a d'fhógair an méid sin roimh ré,
 nó cé a d'fhoilsigh é ag an am?
 An ea nach mise, an Tiarna, a rinne?
*Níl aon dia eile ann ach mé féin,
 Dia cóir agus Fuascailteoir;
 níl dada eile ann ach mise amháin.
 Iompaigí chugamsa agus tá sibh slánaithe,
 a chríocha na talún uile,
 óir is mise Dia, agus níl m'athrach ann! (45:21-22)*

cuimhnigí ar rudaí atá thart le fada an lá.
*Is mise Dia agus níl m'athrach ann
 is mise Dia agus níl mo leithéid eile ar fáil! (46:9)*

4. An Monadiachas, réabhlóid, éabhlóid, nó trí fhoilsiú Dé?

Na scoláirí a dhéanann staidéar ar theacht ann don mhonadiachas in Iosrael tá siad ar aon fhocal ar rud atá soiléir ann féin: tá an foirmiú is soiléire de ar fáil ag an scríbhneoir den séú haois ar a dtugaimid an Dara hÍseáia. Ceist a bheadh ag eascairt as seo ná ar tháinig sé ann de thoirt, réabhlóid, nó trí éabhlóid fhada. Bheadh réabhlóid as an áireamh as fianaise an Bhíobla, an Chéad Aithne agus seasamh na bhfáithe ar son an chreidimh in Iáivé, agus i gcoinne ildiachhais agus sincréatachais. Maidir le héabhlóid de, ar éigin gur féidir a rá go raibh gluaiseacht i leith an mhonadiachais i reiligiún Chanán.

Ní féidir cur as an áireamh ar fad go raibh an Dara hÍseáia agus an grúpa ar bhain sé leis, má bhí a leithéid ann, faoi thionchar ón taobh amuigh, mar shampla diagacht fhoirfe faoi Marduk, dia na Baibealóine, agus an ról a bhí aige i gcruthú an domhain. Is feiniméan cultúir agus creidimh an monadiachas, a bhfuil spéis ag creidimh agus neamhchreidimh ann. Baineann aois an Dara hÍseáia leis an ré ar a dtugann staraithe den nua-aois den intleacht agus den chultúr reiligiúnda an “Ré Aiseach”, teideal a thug an fealsamh Gearmánach Carl Jaspers isteach -- (*Achsenzeit*, Axial nó Axis Age), is é sin an ré den tseanstair ón ochtú go dtí an tríú haois roimh Chríost. Tharla rudaí suntasacha sa ré sin sa Chianoirthear, sa Mheánoirthear agus sa Ghréig, amhail teacht ann do theagasc Confucius agus Lao-Tzu sa tSín, scríbhinní móra reiligiúnda agus ceannairí san India (Siddharts Gautama – an Búda san áireamh), traidisiún mór intleachtach na Gréige. Sa ré seo freisin tá an “Forás monadiachta”, mar a thugtar air, ó Zoroaster, Zaratustra, na Peirse agus (de réir scoláirí áirithe) den fhealsamh réamh-Shocraitéach Xenophanes, Xeineafón as Colophon.

Fiú má ghlactar le roinnt mhaith dá ndeirtear faoin “Ré Aiseach”, Axial Age, ní mór ceisteanna a chur faoi mhíreanna áirithe de. Ar a mhéad ní raibh a dúirt Xeineafón faoi mhonadiachas, aon dia amháin, ach tagairt nó smaoinemh fánach. Tá a lán tagairtí aige do dhéithe, agus ildiachas. Agus ar a mhéad ní

raibh ann ach smaoineamh, nach ndeachaidh thar a cheann le bheith ina ghluaiseacht sa phobal. In Iosrael monadiachas eiticiúil agus meitfisiciúil a bhí ann. Dia spioradálta agus pearsanta a bhí in Iáivé, le haigne, intinn agus toil, dírithe ar a phobal. Mar a chuireann an Dara hÍseáia i láthair é tá sé ceangailte le ré na deoraíochta a bhí thart agus fíis faoi ré nua le teacht, leis an gconradh le Dia. Is feiniméan cultúir agus reiligiúin an monadiachas, ar spéis é do chreidmhigh agus do scoláirí ar easpa creidimh nó ar bheagán de. Beidh míniú faoina theacht ann ag teastáil uathu araon, agus sin sa chomhthéacs de dhéithe agus bandéithe Iosrael agus an Neasoirthir. Cuireann an Dara hÍseáia i láthair é mar fhoilsiú díreach ó Iáivé, Dia Iosrael.

Tá an-taighde déanta ag scoláirí iomadúla ar thús agus fás an mhonadiachais in Iosrael agus sin i gcomhthéacs bhunadh eitneach phobal Iosrael agus déithe agus bandéithe agus ildiachais an Neasoirthir. Tá achoimre den chuid is mó díobh sin foilsithe ag Robert Karl Gnuse ina leabhar *No Other Gods. Emergent Monotheism in Israel*, Sheffield, 1997. Tá cur síos an-bhreá ar an ábhar ag John J. Collins ina leabhar breá *Introduction to the Hebrew Bible* (Minneapolis, 2004), agus cíortha go maith ag John Day, *Yahweh and the Gods and Goddesses of Canaan* (Sheffield, 2000).

4. Íosa na Staire

Don chreidmheach bhí Íosa beo i ngach aois. Lárphointe an chreidimh ná aithne phearsanta a chur ar Chríost agus aithris a dhéanamh air. Mar a deir an t-amhrán i mbéaloideas agus i litríocht na hÉireann, mar chomhairle don aos óg:

A dhuine atá i dtúis do shaoil mo theagasc go cruinn beir leat. ... Ná santaigh ráite baois' ná an dream go mbíd acu; *sara dtiocfaidh iomad ded aois, bíodh aithne ar Chríost agat.*

Sin Críost an chreidimh, teagasc a bhí ann ó chéad ré na Críostaíochta mar is léir ón méid a deir Chéad Litir Naomh Peadar do chreidmhigh a bhí faoi bhrú de

bharr a gcreidimh i gCríost, arbh údar lúcháire acu é, fiú más dobrónach féin iad ar feadh tamaill bhig, sin ag dul chun molta agus onóra agus glóire tráth a fhoilseofar Íosa Críost. Ansin deir Peadar:

Ní fhaca sibh é, ach tugann sibh grá dó; ní fheiceann sibh anois féin é, ach creideann sibh ann, agus is lúcháireach sibh le háthas glórmhar dolabhartha, agus slánú bhur n-anam á ghnóthú agaibh mar thoradh ar bhur gcreideamh (1 Peadar 1:8-9).

Pointí tábhachtacha a bhaineann leis an aithne sin ar Chríost, baineann siad leis an gcreideamh seachas le cúrsaí na staire, amhail éirí ó na mairbh, gabháil suas ar neamh, suí ar dheaslámh Dé. Ach baineann Íosa mar an té atá taobh thiar den Chríostaíocht leis an stair, ar spéis é agus gach a bhain leis do chreidmhigh agus d'ainchreidmhigh. Chuir Íosa féin a cheist ar na hAspail: “Cé a deir na daoine mé?”, “Ce hé a deir sibhse mé?” D’fhreagair Peadar, de réir Naomh Marcas, gurbh é an Meisias, an Críost, é, nó de réir Naomh Matha Críost Mac Dé Bhí, foirmiú a tháinig, is dócha, tar éis tuiscint níos doimhne ar phearsa Chríost agus a ghaol leis an Athair tar éis an aiséirí agus a dheascabhála chun an Athar. Leis an tuiscint sin tháinig soiléiriú ar phearsa Chríost agus ar a ráitis, an phearsa bhunaidh agus na ráitis agus na himpleachtaí a d’eascair astu don eaglais.

Le fada an lá, agus go mór mór sna blianta deiridh seo, tá an-spéis curtha sa togra ar a dtugtar “Tóraíocht Íosa na Staire”, iarracht teacht ar phearsa agus ráitis agus aidhmeanna Íosa mar a mhair sé agus mar ar labhair sé, mar is féidir teacht air sin ó dhoiciméid staire, seachas ó fhoinsí creidimh. Le céadta bliain anuas bhí “tóraíochtaí” éagsúla ann, le critéir, slata tomhais, difriúla ag iarraidh teacht ar an aidhm sin, Íosa na Staire a aimsiú, an Chéad, an Dara, an Tríú Tóraíocht, an Tóraíocht Nua agus mar sin de. Táthar ann a deir nach féidir teacht ar “Íosa na Staire” de bhrí nach bhfuil na doiciméid ann chuige, ná an oibiachtúlacht toisc a cheangailte is atá aon tóir dá leithéid le meon creidimh,

fealsúnachta agus a leithéid ó thaobh an duine a dhéanann an cuardach. Ansin, tugtar rabhadh a mheabhrú, in aon tóir dá shaghas, nach ionann “Íosa na Staire” agus “An Fíor-Íosa”. Is fíorbheagán eolais ar féidir teacht air faoi “Íosa na Staire” ó na doiciméid atá againn, ach ní foláir ná gur phearsa charasmatach a bhí san “Fhíor-Íosa” a roghnaigh deisceabail a bhí dílis dó go dtí a bhás agus ina dhiaidh, tiomnaithe dá phearsa agus dá theagasc agus a bhunaigh an ghluaiseacht ar a dtugtar an Chríostaíocht.

Bíodh go bhfuil ceapa tuisle sa bhealach sa chuardach ar “Íosa na Staire” tá móramh de scoláirí san ábhar den tuairim gur féidir sin a dhéanamh leis na doiciméid cuí a aimsiú agus úsáid thuisceanach, oibiachtúil, a bhaint astu. Is í an aidhm a bheadh ag an togra léinn seo ná teacht ar na foinsí stairiúla agus iniúchadh géar a dhéanamh orthu de réir an mhodh stairiúil a bheadh inghlactha ag creidmheach nó díchreidmheach, Caitliceach, Protastúnach, Giúdach nó agnóisí, grúpa díobh a thiocthadh le chéile chuige sin le doiciméid chomhaontaithe a chur le chéile. Ní oirfeadh toradh coiste dá leithéid do thuairimí gach duine de na baill ach is comhthuiscint a bheadh ann mar phointe tosaigh d’agallamh idir Críostaithe agus Giúdaigh, idir Críostaithe de shainaicmí éagsúla, idir creidmhigh agus díchreidmhigh, agus cuireadh, b’fhéidir, do staraithe agus diagairí a thuilleadh taighde a dhéanamh.

5. Foinsí neamh-bhíobalta

Sa bhrainte seo tá dhá shaghas foinsí i gceist - an Bíobla (Tiomna Nua, na Soiscéil ach go háirithe) and foinsí neamhbhíobalta, Giúdacha agus Rómhánacha. Is fearr trácht ar na cinn neamhbhíobalta ar dtús.

Flavius Josephus

Rugadh Josephus sa bhliain AD. 37/37 in Iarúsailéim. Bhí oideachas maith air sa léann Giúdach agus eile. Fuair sé bás sa Róimh thart ar AD 100. Ghlac sé páirt san éirí amach Giúdach i gcoinne na Róimhe agus bhí sé i gceannas mar

oifigeach sa Ghailíl mar ar ghéill sé do na Rómhánaigh faoi Vespasianus agus dhearbhaigh go raibh tairngreacht Ghiúdach ann go mbeadh Vespasianus ina impire ar an Róimh. D’fhéach na Giúdaigh air mar fhealltóir ach bhí sé faoi mheas ag Vespasianus agus an ríshliocht Flaiviánach (Vespasianus, Titus, Domitianus). Scríobh Josephus dhá leabhar a bhaineann lenár n-ábhar: *Cogadh Giúdach* (ca. AD 75) agus *Ársaíochtaí na nGiúdach* (AD 93-94). Críostaithe, seachas Giúdaigh, a rinne iad a sheachadadh.

Josephus ar Eoin Baiste. Ní foláir nó go raibh eolas cuíosach maith ag Josephus ar an ngluaiseacht nua Chríostaí. Ag trácht ar réimeas Hearóid Antipas, tá cur síos aige sna *Ársaíochtaí* (18,117-119) ar Eoin Baiste (“Eoin ar a dtugtar an Baisteach”), ar a sheanmóireacht agus an baisteadh a bhí á chleachtadh aige, agus faoi mar ar chuir Hearóid chun báis go héagórach é. Níl aon trácht aige faoi aon tagairt a bheith ag Eoin do ré nua le teacht ó Dhia. Glactar leis gur cuid dhílis de na *Ársaíochtaí*, agus nach idirshliocht, téacs seo Josephus faoi Eoin Baiste.

Josephus ar Shéamas bráthair Íosa Críost. Tá cur síos chomh maith ag Josephus ar bhás Shéamais, bráthair Íosa ar a dtugtar Críost (*Ársaíochtaí* 20, 200) le linn dó bhheith ag cur síos ar bhás an ghobharnóra Festus (AD 62), a raibh Albinus le teacht mar chomharba air. Idir an dá linn ghabh an tArdsagart Ananus, mac Ananuis (an tAnnas a luaitear i dtriail Íosa) an deis an Sanhedrin a tabhairt le chéile agus “bráthair Íosa ar a dtugtar Críost” (*...ton adelphon Iêsou tou legomenou Christou*), Séamas ab ainm dó”, agus daoine eile a ghlaoch os a gcomhair agus a dhaoradh chun báis. Glactar leis de ghnáth gur cuid dhílis de scríbhinn Josephus é seo. “Bráthair an Tiarna” (Galataigh 1:19), seachas “bráthair Íosa”, a thugtar ar Shéamas sa Tiomna Nua.

Ní hábhar iontais gur thug Josephus an teideal “Críost” ar Íosa. Ag scríobh dó sa Róimh thart ar an mbliain AD 97 ainm dílis a bhí in “Críost”, mar atá ag Tacitus, gan aon fhochiall ann do “An Críost”, Meisias na nGiúdach.

Josephus ar Íosa Críost? Is léir ó thagairt Josephus do Shéamas bráthair Íosa “ar a dtugtar Críost” go raibh eolas aige faoi Íosa. Ceist ann ná an bhfuil cur síos ag Josephus faoi Chríost sna *Ársaíochtaí*. Sa scríbhinn sin, faoi mar atá sé sa téacs Gréagach, a seachadadh ag Críostaithe, tá trácht ar Chríost ag Josephus (*Fianaise Flavius, Testimonium Flavianum* mar a thugtar air) san áit ina bhfuil sé ag cur síos ar réimeas Phointias Píoláit (*Ársaíochtaí* VIII,63-64), ina bhfuil ráitis áirithe nach bhféadfadh teacht ó pheann Giúdaigh, mar shampla: (“Tharla thart ar an am seo fear eagnaí) **más ceadaithe dáiríre fear a thabhairt air..**”. Agus arís, tar éis trácht ar chéasadh ar an gcrois: “iad sin a thug grá dó ó thús níor staonadar sin a dhéanamh) **mar thaispeáin sé é féin dóibh ar an tríú lá, mar gur thairngir na fáithe diaga na rudaí sin roimh ré agus deich míle rud eile iontach faoi**”.

Tá trí thuairim éagsula ann maidir le téacs seo na *nÁrsaíochtaí*. Glacann grúpa amháin go hiomlán leis mar chuid de shaothar Josephus, rud nach dócha. Séanann scoláirí eile é, á thógaint mar idirshliocht Críostaí. Glacann formhór na scoláirí le bunús an téacs mar chuid dhílis de shaothar Josephus, ag fágaint ar lár na gíotaí a bhfuil cuma Chríostaí orthu. Is mar seo an téacs bunaidh de réir an scoláire iomrátaigh Ghiúdaigh Geza Vermes:⁴

Thart ar an am seo mhair Íosa, saoi, ... Mar ba dhuine é a rinne gníomhartha paradocsúla agus ba mhúinteoir é do dhaoine a ghlacann leis an bhfírinne go fonnmhar. Ghnóthaigh sé chuige féin a lán Giúdach [agus a lán Gréagach?]. Ba é Críost [an t-ainm a tugadh air]. [He was [called] the Christ.] Nuair a chuala Píoláit go raibh sé cúisithe ag na daoine is airde céim inár measc, dhaor sé chun báis ar an gcrois é, ach iad sin a bhí tar éis grá a thabhairt dó ó thús níor

⁴ Geza Vermes, “Jesus in the Eyes of Josephus”, *Standpoint*, Issue 19 (January/February 2010). Scríobhann Vermes: “Once the Christian supplements are removed, the original notice is reduced to the description of Jesus as ‘wise man’, and ‘performer of paradoxical deeds’, the epithet ‘Christ’ attached to the name of Jesus, the crediting of death sentence to Pilate, and the mention of the existence of the followers of Jesus at the time of the writing of the Testimonium in the 90s CE”. Bheadh amhras ar scoláirí eile glacadh le “Críost” [=Messiah] mar chuid de théacs bunaidh Josephus: “a clearly Christian profession of faith”, J. Meier, *A Marginal Jew. Rethinking the Historical Jesus*, New York, lgh. 60-61.

thréigeadar a ngrá dó ... Agus treibh na gCríostaithe, a bhfuil an t-ainm sin orthu uaidh, níor imíodar den fhód go dtí an lá atá inniu ann”.

An Staráí Rómhánach Tacitus agus Críost

Rugadh an staraí agus an seanadóir Rómhánach Tacitus sa bhliain 56/57 agus fuair sé bás thart an an mbliain 118. D’fhoilsigh sé a shaothar iomráiteach, na *hAnnála*, thart ar an mbliain 116. Ag cur síos sa saothar dó ar dhóiteán mór na Róimhe sa bhliain 64 faoi réimeas an Impire Néaró luaigh sé gur mhian leis an impire ceap milleáin, sceilpín gabhair, a dhéanamh de na Críostaithe, a bhí de réir dealraimh líonmhar go maith agus so-aitheanta sa chathair an tráth sin, agus aitheanta mar bhuíon neamhspleách ó na Giúdaigh. Bhí amhras ar mhuintir na Róimhe gur thosaigh Néaró an dóiteán é féin, agus chun deireadh a chur leis na ráflaí rinne an tImpire géarleanúint ar na Críostaithe. Mar a deir téacs Tacitus (*Annála XV,44*) :

Dá bhrí sin, le fáil réidh leis an tuairisc bhrostaigh Néaró leis an gciontacht a leagan ar aicme a raibh fuath orthu de bharr a míghníomhartha thar a bheith náireach, ar a dtugann an pobal Críostaithe, agus d’imir sé an céasadh ba mheasa le rá orthu. Críost, údar na haicme sin, d’fhulaing sé pionós an bháis i réimeas Tiberius ón bprócadóir Pointias Píoláit, agus mar sin cuireadh cosc leis an mbaothchreideamh iomlatach sin ar feadh tamaill, ach thosaigh sé arís ní hamháin in Iúdáia, chéad tobar an oilc, ach fiú sa Róimh áit a fhaigheann gach rud urghránna agus náireach as gach ceard den domhan a lárionad agus meas an phobail. Mar sin nuair a gabhadh roinnt daoine agus gur phléigh siad ciontach, ansin ón eolas a fuarthas uathu sin gabhadh slua mór agus daoradh iad, ní chomh mór de bharr an chathair a chur trí thine ach fuath acu don chine daonna.

Tá ardmheas ar Tacitus mar staraí ionraic, agus is féidir an sliocht sin a mheas mar fhianaise faoi Chríost ón mbliain AD 64, seachas 116, dáta foilsithe na *nAnnála* féin. Déanann an téacs tagairt do “Críost”, seachas “Íosa”. B’ainm

dílis Críost faoin am seo. Ní fios cad iad na foinsí a bhí ag Tacitus don bhliain áirithe sin, ach mar annáilí ionraic bhí air bheith deimhin de go raibh foinsí iontaofa aige dá shaothar do réimeas Néaró agus eile.

Foinsí Bíobalta

Is iad na foinsí bíobalta a bheadh i gceist ar ndóigh ná an Tiomna Nua, go mór mór na Soiscéil. Agus maidir leis na Ceithre Soiscéil is iad na trí céad chinn, na Sionoptaigh, is tábhachtaí. Tá de nós ag Eoin béim a bheith aige ar shiombalachas agus aithisc Chríost faoina ghaol leis an Athair. D’fhéadfadh sé go bhfuil tuairiscí staire ársa aige faoi bhaint na chéad deisceabal le hÍosa ag an Iordáin ag Baisteadh Eoin.

I staidéar dá chuid cuireann an scoláire ar an ábhar, E.P. Sanders (“Protastúnach iar-Liobrálach”), an cheist: “An féidir ‘bunchloch’/dúshraith a aimsiú ar *a mbeadh scoláirí d’aon ghuth*, bunchloch, ar ndóigh, a thabharfadh daoine gan brú orthu teacht go tátail, conclúidí, tábhachtacha faoi Íosa?”. Measann sé gur féidir. Tá, a deir sé, roinnt mhaith fíricí faoi bheatha agus ghairm Íosa agus a iarmhairt (a d’eascair as) gur féidir linn bheith cinnte fúthu gan amhras réasúnta ar bith. Tugann sé na fíricí sin mar seo a leanas:

1. Tá nasc éigin idir an ghluaiseacht a thosaigh Íosa agus gluaiseacht Eoin Baiste
2. Ba Ghailíleach é Íosa a rinne seanmóireacht agus leigheas
3. Ghlaigh Íosa deisceabail chuige, dháréag is dóichí
4. Choimeád Íosa a ghníomhaíocht teoranta d’Iosrael amháin
5. Ghlac Íosa páirt in aighneas maidir leis an Teampall
6. Céasadh Íosa taobh amuigh de Iarúsailéim ag údaráis na Róimhe
7. Tar éis a bháis, lean lucht leanúna Íosa ar aghaidh mar ghluaiseacht sho-aitheanta

8. Rinne roinnt Giúdach ar a laghad géarleanúint ar an ngluaiseacht nua agus dealraíonn sé gur lean an ghéarleanúint ar aghaidh ar feadh tamaill go ham éigin thart ar dheireadh mhinistreacht Phóil

Leis an bhfianaise a chíoradh faoi Íosa na staire seachas faoi chúrsaí diagachta amhail a ghaol leis an Athair baintear úsáid as critéir, slata tomhais éagsúla, critéir a thabharfadh le tuiscint nach ón luatheaglais an t-ábhar i gceist. Tá a lán taighde déanta faoi na critéir sin. Ní tabharfaidh mé ach cúpla sampla de na príomhchritéir anseo.

Critéar an aiféaltais, ráiteas nó gníomh nárb dócha go gcumfadh an eaglais, mar shampla baiste Íosa ag Eoin, ráiteas ó Íosa nárbh eol dó rudaí áirithe den todhchaí, agus, b'fhéidir an cosc iomlán ar cholscaradh, a rinne deacracht don Eaglais ó thús.

Critéar an neamhleanúnachais. Cuireann sé seo béim ar ráitis nó ghníomhartha Íosa nach bhféadfadh teacht ó shaol an Ghiúdachais i saol Íosa nó ón luatheaglais (arís cosc iomlán ar cholscaradh, agus b'fhéidir maithiúnas gan teorainn).

Critéar de dhearbhuí iomadúil, is é sin le rá, ráiteas ní gníomh Íosa a bhfuil fianaise faoi i níos mó ná áit amháin sna foinsí, mar shampla i Soiscéal Mharcais, i foinse Q, i scríbhinní Phóil (faoin gcosc ar cholscaradh mar shampla).

Critéar an chomhleanúnachais. Baintear feidhm as seo i bpáirt leis na cinn a ghabh roimhe seo, faoi ráiteas nó gníomh a théann lena bhfuil ar eolas againn faoi ó théacsanna eile.

Mar aon le critéir a meastar a bheith príomha tá critéir thánaiste ann chomh maith, nach cás dúinn dul isteach iontu anseo.

Íosa na Staire agus Críost an Chreidimh

Níl aon chontrárthacht idir taighde in Íosa na Staire agus Críost an Chreidimh. Níl siad ag teacht salach ar a chéile. A mhalairt ar fad. Cuireann na

Soiscéalaithe in iúl gurb ionann an tÍosa a d'aiséirigh ó na mairbh agus an té a shiúil leo sa Ghailíl. Ach níorbh ionann i rúndiamhair Dé. Íosa ar dheaslámh Dé a sheol uaidh an Spiorad Naomh. Is eisean ceann na hEaglaise. B'fhéidir go bhfuil tagairt ag Pól in 2 Corantaigh 5:16 d'"Íosa na Staire", Íosa ina chrot daonna roimh a ghlóiriú go deaslámh Dé agus bronntanas an Spioraid uaidh i dtéacs gur deacair brí bheacht a bhaint as, agus gur gnách athleagan, parafrása, seachas aistriú lom a dhéanamh de. Seo aistriúchán lom Uí Dhomhnaill/de Siúnta:

Ar an adhbhar sin, ní aithnighmíd aon duine feasta do réir na colna: má's fíor féin go raibh aithne againn ar Chríost de réir na colna, ní fhuil aithne againn air ar an gcuma sin anois.

Ansin lean Pól ar aghaidh: "Ar an adhbhar sin, má tá aoinneach i gCríost is duine úr-nua é; tá deireadh leis na sean-neithibh; atáid déanta as an nua". Bheadh seo ag teacht lena ndúirt Chríost de réir Naomh Eoin (7:38-39) faoin Spiorad, an t-uisce beo, a bheadh ag teacht nuair a bheadh sé glóirithe, i réim an Spioraid seachas i réim na colainne:

Lá mór deireanach na féile sheas Íosa agus ghlaigh in ard a ghutha: 'Má tá tart ar aon duine,' ar sé, 'tagadh sé chugamsa agus óladh sé! An té a chreideann ionamsa, faoi mar a deir an scríoptúr, rithfidh as a chroí istigh sruthanna d'uisce beo.' Dúirt sé an chaint sin ag tagairt don Spiorad a bhí le glacadh acu siúd a chreid ann. Óir ní raibh an Spiorad [bronnta] fós mar go raibh Íosa fós gan glóiriú (Eoin 7:38-39).

Lean an luatheaglais uirthi ag fógairt oidhreacht Íosa na Staire, mar a tuigeadh sin le creideamh in Íosa aiséirithe, Íosa an chreidimh. Níor scríobh Íosa aon rud. D'fhógair sé an dea-scéal in Aramais sa Ghailíl agus in Iarúsailéim. In Iarúsailéim, agus in áiteanna eile is dócha rinneadh bailiúchán dá chuid ráiteas agus gníomhartha, míorúiltí agus leigheasanna. Cuireadh in oiriúint iad do thoscaí úra san eaglais, rud a chuir forás ar na parabail agus na míorúiltí. Tá

dianstaidéar á dhéanamh ar an bhforbairt sin le blianta anois, ar an machnamh ar Íosa, a phearsa agus a mhisean mar atá sna naíonscéalta ag Matha agus Lúcas. Ach ábhar do shaothar eile a bheadh anseo.

Inspioráid an Scrioptúir

4. Láithreachta Dé sa Bhíobla – Inspioráid an Scrioptúir

Meabhraíonn Comhairle na Vatacáine dúinn sa Bhunreacht ar an Liotúirge (Liotúirge alt. 7) na slite éagsúla ina bhfuil Dia i láthair san Eaglais sna briathra beo: “Lena shaothar chomh mór sin [saothar ár slánaithe] tá Críost i láthair i gcónaí san Eaglais, go mór mór i ngníomhartha an liotúirge. Tá sé i láthair in íobairt an Aifrinn pé acu is i bpearsa an mhinistir, ‘an Té atá ag ofráil anois trí mhinistreachta na sagart, a rinne é féin a ofráil ar an gcrois’ (Trionta), ach go háirithe sna gnéithe eocairisteacha. Trína chumhacht tá sé i láthair sna sacraimintí sa tslí gur cuma cé a bhaistean is é Críost féin a bhaistean. *Tá sé i láthair ina bhriathar de bhrí gurbh é féin a labhraíonn nuair a léitear an scrioptúr naofa ins an eaglais.* Agus ar deireadh tá sé i láthair nuair a dhéanann an eaglais urnaí nó canadh mar gur gheall sé “Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m’ainmse, bím féin ansin ina measc” (Matha 18:20). (In *Caiticiosma*, alt 1088)

Meabhraíonn *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí* (§105) dúinn, le téacs ón mBunreacht ar an bhFoilsíú Diaga (*Dei Verbum* §11), tuiscint na hEaglaise faoi inspioráid an Scrioptúir Naofa mar seo:

Measann ár Naomh-Mháthair an Eaglais, de bhua an chreidimh a fuair sí ó na haspail, leabhair uile an tSean-Tiomna agus an Tiomna Nua a bheith sácháilte canónta, mar aon lena gcodanna go léir, mar gur faoi inspioráid an Spioraid Naomh a ceapadh iad agus dá bhrí sin gurb é Dia is údar dóibh, agus gurb amhlaidh sin a seachadadh chuig an Eaglais féin iad.

Agus leanann téacs an *Chaiticiosma* (§106) ar aghaidh le sliocht eile as Bunreacht céanna na hEaglaise mar seo:

Is é Dia a thug an inspioráid d'údair dhaonna na leabhar sáchráilte. 'D'fhonn na leabhair sáchráilte seo a cheapadh, roghnaigh Dia daoine a ndeachaigh sé ar a n-iontaoibh agus a gcuid acmhainní agus deiseanna á n-úsaid go hiomlán acu, i gcaoi go gcuiridís síos i scríbhinn ina bhfíorúdair dóibh, ach eisean a bheith ag gníomhú iontu agus tríothu, gach a raibh i gcomhréir lena mhian, agus an méid sin amháin'.

Measaim nach mór dúinn lárphointe theagaisc seo na Eaglaise faoi inspioráid an Bhíobla a thuiscint sula ndéanfar cíoradh ar ghnéithe eile de. Is é an lárphointe sin ná go bhfuil gach a bhfuil sa Bhíobla ann (agus ní codanna de amháin) faoi inspioráid an Spioraid Naoimh agus de bhrí gur toil le Dia é a bheith ann. Tá stair fhada taobh thiar den fhoirmiú sin, cuid de bharr ionchur na hEaglaise i gcoinne tuairimí ar mhian leo inspioráid an Bhíobla agus Dia mar údar dó a theorannú do mhíreanna dearfacha an Bhíobla, ag fágaint a bhfuil diúltach ann ar lár. Ach tá laige ag baint leis mar théacs toisc gur cuireadh le chéile é nuair nach raibh tuiscint an lae inniu ann ar chumadh an Bhíobla. Déantar tagairt ann do "údair": "údair dhaonna na leabhar sáchráilte", agus ba ghnách tráth amharc ar leabhair an Bhíobla mar shaothair údar aonraic, Maois mar údar an Pheintiteoch, Íseáia údar an leabhair iomlán atá faoi a ainm, ó chaibideal 1 go 66; mar an gcéanna le Leabhar Irimia, Ámós, Míceá agus eile

Tá a fhios againn anois nach amhlaidh a bhí. Maidir leis an bPeintiteoch comhdhéanamh é de dhiagachtaí, cóid dli éagsúla, traidisiúin faoin díle mar a bhí sa Mheaspataim. Sa tuairisc faoin imeacht ón Éigipt agus an seal san fhásach tá foinsí éagsúla curtha le chéile ann. Agus maidir leis na fáithe de baineann an chuid is mó de Leabhar Hóisé leis an bhfáidh féin, ach is ó fáithe anaithnide, gan ainm, an chuid is mó den fháidheadóireacht atá againn.

Traidisiún beo, faoi stiúir an Spioraid a bhí in Iosrael, in agallamh leis féin, leis an ré a bhí thart agus fós le teacht.

Ba chuid de ré stair phobal Iosrael an foréigean agus an cogadh. Tá cur síos forleathan faoi seo sna leabhair staire (na Brethiúna agus eile). Ba chuid den saol é. Ba chuid den saol sin chomh maith an díoltas, súil ar son súile, cor in aghaidh an chaim. Tá sé sa Bhiobla mar chuid den taifead.

Rudaí diúltacha iad sin. Ach bhí ábhar dearfach gan áiremh san oidhreacht, go mór mór láithreacht Dé i slite iomadúla, fianaise go raibh Dia ag díriú a phobail. Bhí sin ann sa Dlí trí Mhaois. Ach thar aon ní eile glóir Iosrael na bhfáithe agus an fháidheadóireacht. I dtraidisiún Iosrael thosaigh sé leis an mbeirt fháidh Éilias agus Eilíseá, a raibh laigí ag baint leo beirt chomh maith. Mharaigh Éilias ceithre chéad caogadh d'fháithe Bhál ag an ngleann Ciseon (1 Ríthe 18:22, 40) agus ba chúis Eilíseá le cogadh fuilteach (2 Ríthe 9-10).

Is í sin an oidhreacht a bhí ag Íosa, pobal Iosrael faoi stiúir Dé, a Athair, ó Abrahám síos trí Mhaois agus na fáithe, gluaiseacht naofa sin na staire gan aon sonraí bheith luaite, bíodh gur cuid di na heachtraí diúltacha. D'Íosa bhí áit faoi leith ag Éilias agus Eilíseá san oidhreacht sin. I Nazarat luann sé an bheirt fháidh sin agus a gcaidreamh le gintlithe (Lúcás 9:57-62). Bhíodar aige, chomh maith, mar eiseamláir do ghlaoch a dheisceabal féin, ón dtaobh dearfach de. Ach ní hionann sin agus a rá gur aontaigh sé le gníomhartha diúltacha díobh. Ghlaoigh Éilias tine anuas ó neamh agus scrios sé fear agus caoga eile a bhí leis (2 Ríthe 1:9-10).

Bhí sin in aigne na n-aspal Séamas agus Eoin, is dócha, an tráth ar dhiúltaigh baile Samárach glacadh leo ar a slí go hIarúsailéim, agus gur iarradar ar Íosa: “A Thiarna, arbh áil leat go n-ordóimis tine a theacht anuas ó neamh agus iad a scriosadh?”. Thug Íosa casaoid dóibh (Lúcás 9:51-56). Níorbh eiseamláir i gcónaí an bheirt fháidh sin. Maithiúnas seachas díoltas teachtaireacht Íosa. Rinne Íosa sin soiléir sa tSeanmóir ar an Sliabh, agus in áiteanna eile chomh maith:

Chuala sibh go ndúradh: ‘Súil ar shúil, fiacail ar fhiacail.’ ³⁹Ach is é a deirimse libh gan seasamh in aghaidh an drochdhuine: ina ionad sin, an té a thugann buille sa leiceann dheas duit, iompaigh chuige an leiceann eile freisin” (Matha 5:38-39).

Agus arís: “Chuala sibh go ndúradh: ‘Bíodh grá agat do do chomharsa agus fuath agat do do namhaid.’ Ach is é a deirimse libh, bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí; sin mar a bheidh sibh in bhur gclann ag bhur nAthair atá ar neamh, a chuireann faoi deara dá ghrian éirí ar olc agus ar mhaith, agus a fhearann báisteach ar chóir agus ar mhíchóir. Óir, má thugann sibh grá dóibh seo a thugann grá daoibh, cad é an tuarastal atá ag dul daoibh? Nach ndéanann na poibleacánaigh féin an rud céanna? Agus mura mbeannaíonn sibh ach do bhur mbráithre amháin, an ndéanann sibh aon ní thar na bearta? Nach ndéanann na págánaigh féin an rud céanna? Bígí foirfe, dá bhrí sin, faoi mar atá bhur nAthair neamhaí foirfe” (Matha 5:43-48).

Ní leanúnachas leis an oidhreacht a bhí anseo ach a mhalairt, codarsnacht, contrárthacht.

An méid sin ráite is féidir filleadh ar cheist inspioráid an Bhíobla agus Dia mar údar air. Níl foréigean ná drochghníomhartha eile sa Bhíobla neamhréireach leis an inspioráid ó Dhia. Ní hionann iad a bheith faoi anáil na hinspioráide agus a bheith normatach. Bíodh gur measadh sa tsean ré gur údair aonair a bhí taobh thiar de gach leabhar agus cuid de sa téacs sáchráilte. seachas iliomad údar agus atheagar agus a leithéid mar is eol anois, ní thagann sin salach ar thuiscint lárnach na hEaglaise faoin ábhar: “D’fhonn na leabhair sáchráilte seo a cheapadh, roghnaigh Dia daoine a ndeachaigh sé ar a n-iontaoibh agus a gcuid acmhainní agus deiseanna á n-úsaid go hiomlán acu, i gcaoi go gcuiridís síos i scríbhinn ina bhfíorúdair dóibh, ach eisean a bheith ag gníomhú iontu agus tríothu, gach a raibh i gcomhréir lena mhian, agus an méid sin amháin’.

Focal Scoir ar Inspioráid agus Fhírinne an Bhíobla. Má tá tráchtas iomlán faoi inspioráid agus fhírinne an Bhíobla á dhéanamh ní mór aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a ardaítear inniu faoi Dhia sa Bhíobla, go háirithe sa Seantiomna, ceisteanna faoi fhoréigean agus an gríosadh chun foréigin agus an bhaint a bhí aige le Dia agus ag Dia leis, trácht ar fhoréigean agus ar thrócaire Dé beagnach taobh le taobh. Scríobh comhghleacaí liom, Juan Arias, aiste faoin teideal “An Dia nach gcreidim ann”, a foilsíodh in Iodáilis níos déanaí mar leabhar, agus a aistríodh go Béarla faoin teideal *The God I Don't Believe in* sa bhliain 1973, agus go lear mór teangacha eile. D’fhéadfaí cuid de na fadhbanna sin a chíoradh i dtráchtas an an inspioráid.

BUNÁIT CHEILTEACH COIS NA DANÓIBE

Micheál Ó Meachair, MSC, RIP

Cine ba ea na Ceiltigh a raibh de thailte ar an taobh thuaidh de na hAilp faoina smacht acu ar feadh na gcéadta blian; ach is ceann de chora aite an tsaoil é nach óna dteanga dhílis féin a tháinig an t-ainm ‘Ceilteach’ ach, is ó theanga iasachta é, .i. ón nGréigis. Herodotus (c. 450 R.Ch.), ‘athair na staraithe’ mar a thugtar air, an chéad scríbhneoir de chuid na Gréige a dhein tagairt do na Ceiltigh. Seo mar a scríobh sé agus é ag cur síos ar abhainn na Danóibe ar ar thug sé ‘An Ister’:

I ndúiche na gCeilteach in aice le cathair Pyréné, is ann atá foinse na habhann seo agus ritheann trí lár na hEorpa á roinnt ina dhá leath. Cónaíonn na Ceiltigh taobh thall de Cholúin Earcail (Caolas Ghiobráltar) fan teorann na gCinéisiach (áitritheoirí na Portaingéile, de réir dealraimh) a bhuil cónaí orthu ag an bpointe is sia siar den Eoraip. ... Mar go ritheann an Ister trí dhúiche ar fad na gCeilteach — an náisiún is sia siar de náisiúin go léir na hEorpa — agus mar sin trasna na hiltíre go léir go dtí go sroicheann sí Sítia (ar an taobh thuaidh agus oirthuaidh den Mhuir Dhubh).

Ós rud é gur cheap Herodotus, de réir dealraimh, go bhfuil foinse na Danóibe sna Piréiní, tugann sé sin le fios dúinn nach raibh aige ach breaceolas ar thíreolaíocht iarthar na hEorpa; mar sin níor chóir dúinn brath air siúd amháin faoinár n-eolas mar gheall ar áitritheoirí ghleann na Danóibe agus go háirithe, mar gheall ar na Ceiltigh. Ach, mar atá an scéal, deimhníonn na fionnachtana is déanaí a bhfuil ráite aige faoi lonnú na gCeilteach i ngleann na Danóibe, ach, tuigtear ó na fionnachtana céanna gurbh í an Danóib Uachtarach, tír dhúchais an chine seo; agus léirítear gur chine cumhachtach, tábhachtach iad faoin am a raibh Herodotus ag scríobh fúthu.

Dún Ríúil

Geábh gearr dár thugas ar an nGearmáin le linn an tsamhraidh, d'éirigh liom cuairt a thabhairt ar bhunáit Cheilteach a bhí faoi réim chois na Danóibe sa chúigiú agus sa séú haois R. Ch. Timpeall caoga míle ar an taobh thoir theas de chathair Ulm is abhainn bheag fós í, an Danóib agus í ag sní a slí roimpi thar thailte aolchloiche. Is san ionad sin atá an Heuneburg. Dún ar chnoc é seo a bhí, tráth, ina lárphointe cumhachta ag móorthaoisigh na gCeilteach. Ba shuíomh ollmhór é seo; timpeall ocht n-acra ar fad atá ann. Na mílte slí faoi réim radhairc óna mhullach ar gach taobh ar mhachaire mór leathan. Rud eile dhe, bhí áth taobh leis an suíomh a dhein éascaíocht dul thar abhainn. Chomh maith leis sin arís, cuireann na seandálaithe in iúl dúinn go raibh bóthar fan ghleann na habhann le linn réim na gCeilteach. Na céadta bliain níos déanaí ba cheann de mhórbhóithre de chuid Impireacht na Róimhe an bóthar seo. Toisc gur shuíomh straitéiseach geografach é seo, ní haon ionadh gur deineadh daingean docht den Heuneburg ag an teaghlach a raibh an chumhacht agus an saibhreas aige chuige agus ar mhian leis greim a choimeád orthu araon. Ós rud é go raibh smacht ar thrácht bóthair is abhann ag an Heuneburg, bhí i ndán de a bheith ina láthair mhór tráchtála a bhí ina fhoinse maoinne a bhain clú amach dá áitritheoirí.

Na Tochtaltáin

Tá suim ag seandálaithe san Heuneburg le níos mó ná céad is fiche bliain agus dá thoradh sin is ceann de na suímh Cheilteacha is fearr tochtailte sa Ghearmáin é. Cheana féin, sa bhliain 1876 deineadh dhá charn sa suíomh a thochailt agus aimsíodh roinnt déantúsán a bhí, de réir mar a thuigtear sa lá atá inniu ann, ina sárshamplaí de cheardaíocht Cheilteach. Ar na rudaí a fionnadh bhí bónaí d'ór ornáidithe, creasanna muinchille, cuacha cré-umha, claimhte agus miodóga, úmacha ornáideacha capaill agus iarsmaí carbaid ceithre roth. Is rian iad na hiarsmaí uile seo gurbh aicme shaibhir chumhachtach iad siúd a bhí ag lonnú sa

Heuneburg an tráth úd; tugtar le fios dúinn gur dhaoine iad a raibh sáreolas acu ar chúrsaí teicneolaíochta sa saol mar a bhí an uair úd. Na tochtaltáin a rinneadh idir na blianta 1950 agus 1977 tugann siad le fios gur lonnaigh clanna uaisle cumhachtacha san Heuneburg idir an gcúigiú agus an séú aois R.Ch. agus gur dheineadar den mhullach sin, dún daingean a raibh smacht aige ar an dúiche thart timpeall.

Na fallaí cosantachta a bhí timpeall an daingin seo i dtosach ré na gCeilteach, tógadh agus atógadh ar a laghad cúig huaire iad. Is de réir stíl na haimsire sin i dtuaisceart na hEorpa, a tógadh ceithre cinn de na fallaí, is é sin le rá gur baineadh feidhm as adhmaid, cloch agus cré i dteannta a chéile. Ábhar ionaidh é, nach de réir nós na dúiche timpeall a tógadh na fallaí nuair a deineadh atógáil sa chéad leath den séú haois, ach is de réir stíle a bhí comónta i dtíortha na Meánmhara a tógadh iad. Leagadh síos ar dtús bunfhalla a bhí trí mhéadar ar leithead agus leath méadair ar airde de chlocha garbhshnoite. Anuas as sin, tógadh falla a bhí timpeall a trí nó a cheathair de mhéadair ar airde; falla de bhrící lathaí a triomaíodh faoin ngrian ba ea é seo. D'úsáidtí a leithéid de bhrící i dtógáil foirgneamh sa Mheaspatáim agus i gceantair timpeall na Meánmhara, áiteanna ina raibh an aeráid te agus tirim. Ach, ní raibh brící lathaí oiriúnach d'atmaisféar tais lár na hEorpa. Pé scéal é, is é a dhein áitritheoirí an Heuneburg, na fallaí brící sin a phlástráil le brat tiubh aoil a choimeád slán ón doineann iad. Sin mar a mhair sé go dtí gur scriosadh an foirgneamh ar fad ag dóiteán millteach.

Bhí túir chosanta nó urdhúnta suite anseo agus ansiúd fan an fhalla; bhíodar timpeall a sé nó a hocht de mhéadair ar airde. Bhí príomhdhoras an chlóis timpeall trí mhéadar ar leithead agus a aghaidh leis an Danóib agus áisiúil go maith chun an átha trasna na habhann agus chun an bhóthair taobh thall di.

Is dóigh gur chuaigh na fallaí ollmhóra seo timpeall na bunáite go léir agus go raibh timpeall sé chéad méadar iontu ar fad. Ní mór a rá ná gur thionscnamh

abhalmhór é seo a raibh an-eagar ag baint leis agus uimhir mhór ceardaithe oilte chomh maith lena oibrithe neamhoilte ag gabháil dó. Ní fios arb amhlaidh ón Iodáil nó nach ea, a tháinig na saoir a thóg, nó arbh iad muintir na háite a d'fhoghlaim an cheird san Iodáil, a thóg. Bhí suas le caoga ceileagram de mheáchan i gcuid de na clocha a bhí sa dúshraith fhairsing. Tógadh na clocha ó chairéal aolchloiche timpeall sé chiliméadar ón gclós. Ba mhór an costas a bhí ag gabháil le déanamh de mhílte móra brící do na fallaí seo. Ní féidir ach sochaí shaibhir dhea-eagraithe tabhairt faoina leithéid de thionscnamh.

An Saghas Saoil a bhí sa Daingean

Dar leis na saineolaithe, mhair na mocháitritheoirí Ceilteacha ina ngrúpaí clainne ar an Heuneburg; gach clann istigh i gcomhshuíomh agus fála á scaradh óna chéile. Is féidir go raibh istigh sna comhsuímh seo ní hamháin tithe cónaithe ach sciobóil agus ceardlanna ina raibh obair adhmaid, cré-umha, olla agus leathair ar siúl ag ceardaithe oilte. Níos déanaí tógadh foirgnimh de réir plean agus caighdeán áirithe; bhíodh na tithe ina réanna agus sráideanna cúnga á scaradh óna chéile. Bhí córas draenála ann trína ritheadh an t-uisce báistí i sistéil nó amach faoin bhfalla ar an talamh amuigh.

De réir dealraimh go raibh a gcuid ceardlanna ag na hoibrithe miotail ag an gcúinne thoir theas den daingean mar go bhfuarthas san áit sin blúirí de mhiotail éagsúla chomh maith le hiarsmaí de shimnéithe de dhéantús ar leith. Mar a bheadh duine ag súil leis, tógadh na tithe go léir as adhmaid. I gcuid de na tithe tá rianta ann a thabharfadh le fios gur as brící lathaí a rinneadh na hurláir, nó na tinteáin amháin, nó b'fhéidir, an dá cheann le chéile. D'úsáidtí bíomaí tiubha darach mar cholúin sna tithe móra agus d'úsáidtí chomh maith iad mar thaca don díon. Feicimid ón obair shnasta atá sna tithe móra sin go raibh ar chumas shiúinéiri an Heuneburg na huirlisí simplí a bhí ar fáil lena linn a úsáid go healaíonta cliste.

Anuas go dtí seo, pé scéal é, níor fionnadh mórán déantúsán taobh istigh den bhábhún féin a thabarfadh mórán eolais dúinn faoi gnáthshaol laethúil mhuintir Cheiltigh Heuneburg. Táthar tar éis teacht ar smiongar cré-earraí, babhlaí, miasa, potaí agus searróga, nithe a bhí ina gcuid den ghnáthshaol. Bhí roinnt de na cré-earraí maisithe go hornáideach le fíoracha geoiméadracha, cuid acu dearg, cuid acu dubh. Ina measc siúd, fuarthas, chomh maith, roinnt mhór smionagair cré-earraí a tháinig thar tír isteach. Tháinig an chuid is mó de na hearraí seo ón Iodáil nó ó dheisceart na Fraince. Ábhar suime is ea píosaí de shearróga de dhéantús na Gréige, timpeall seachtó ar fad, a táirgeadh idir 540 agus 480 R.Ch. Cúis iontais, freisin, potaí móra anall ón nGréig agus deisceart na Fraince ar baineadh úsáid astu, de réir cosúlachta, chun fion d’iompar ó na ceantair sin. Is cruthú cinnte é, na hiarsmaí seo ón iasacht go raibh trádáil is gnó ar siúl idir Ceiltigh na Danóibe agus tíortha i gcéin; go raibh meas acu ar oibreacha ealaíonta nach raibh acu féin agus go raibh claonadh acu chun deochanna agus biotáillí seachas a mbeoir féin.

De bhrí gur éirigh leis na seandálaithe na píosaí den smiongar a fionnadh a chur le chéile, tá a fhios againn cén saghas soithí a bhí in úsáid ag áitritheoirí an daingin. Tá a lán de na hearraí athdhéanta seo le feiscint san iarsmalann áitiúil; cuireann siad in iúl don chuirteoir cén saghas iad na gréithe éagsúla a bhí in úsáid ar an Heuneburg sa saol fadó.

Is soiléir ó na ceardlanna, a bhfuil tagairt déanta againn dóibh cheana, gur bhain ceardaithe an Heuneburg feidhm as cré-umha agus iarann agus as ór, fiú. Ní mór a rá, ámh, nach mór é méid na ndéantúsán a fionnadh agus a deineadh as na hábhair seo. Níor tháinig chun solais ach cúpla ní ornáidithe mar bhróistí agus biorán gruaige. Nuair a scriosadh an suíomh sa deireadh thiar, creachadh ina dhiadh sin é, nó b’fhéidir, gurbh amhlaidh gur thóg na háitritheoirí deireanacha a bhí ann a raibh de mhaoin is d’earraí a bhí acu in éineacht leo.

Na Cairn Riúla

Bhain áitritheoirí an Heuneburg leis an uasalaicme, le clanna ríúla agus a gcairde agus nach raibh mórán caidrimh acu leis na ‘giollaí brosna agus uisce’. Ó thaobh maitheasaí an tsaoil, ghabh rath is rachmas leo; agus ar an dea-uair dúinne, d’ardaíodar go dtí an uaigh leo cuid dá n-earraí luachmhara. Sea, ní mór a rá gur fearrde sin an nós sin acu mar is faoi na cairn a tógadh ar a n-uaigheanna a d’fhionn na seandálaithe cuid de na déantáin is luachmhaire atá againn ó aimsir na gCeilteach. Sa tírdhreach timpeall ar an Heuneburg feictear roinnt mhaith de na cairn seo agus iontusan fionnadh taisce shaibhir déantúsán. Taobh istigh de cheann acu bhí seomra mar uaimheanna d’adhmaid ina raibh taisí fir agus mná a cuireadh ann. Ceaptar gur choirp thaoisigh agus a chéile atá anseo agus a cuireadh san am céanna; is féidir gur cuireadh an bhean chun báis nuair a fuair a céile bás. Sa seomra uaimhe sin fuarthas iarsmaí de charbad mórshiúlach ceithre rotha, coirí cré-umha agus soithí eile, cuid acu aneas ón Iodáil. Ceaptar gurbh ann do na nithe seo chun cabhair a thabhairt do na mairbh ar a slí don saol eile. Tá iarmhais de chuile shórt le fáil i gcairn ríúla eile sa cheantar, mar atá, soithí cré-umha, cré-earraí maisithe, bandaí muiníl agus toirc óir, claimhte, miodóga, bróistí agus araile, agus iad go léir maisithe go hálainn. Is finnétithe iad na hiarsmaí sin uile de shaoithiúlacht na n-uasal a mhair san Heuneburg sa chianaimsir.

An Heuneburg sa lá atá inniu ann

Tuigtear go maith do Roinn na Seandachtaí áitiúla tábhacht an Heuneburg, lárionad chumhacht ríshleachta na gCeilteach. D’oibrigh feidhmeannaigh na Roinne sin chun suim an phobail a mhúscailt agus le cuairteoirí a mhealladh chun an tsuímh stairiúil seo. Le tamall de bhlianta anuas tá na húdaráis ag tógáil iarsmalainne nó ‘músaem faoin aer’; táthar ag gabháil don obair sin go fóill. B’fhéidir gurb aisteach linn an téarma ‘músaem faoin aer’, ach, is é atá i gceist ná atógáil na bhfallaí timpeall an tsuímh chomh maith le cuid de na

seanfhoirgnimh agus iad a dhéanamh díreach mar bhíodar in aimsir na gCeilteach. Tá seandálaithe, staraithe, innealtóirí agus speisialtóirí faoi thógáil seanfhoirgneamh ag comhoibriú i dtreo go mbeidh an atógáil seo chomh cosúil agus is féidir leis na bunstruchtúir. Rud suntasach, mar shampla, nach mbaintear feidhm as tairní iarainn sna tithe móra adhmaid seo atá á dtógáil. Díonta giolcach atá ar na tithe nua seo, díreach mar a bhíodh in Éirinn go dtí anuas le déanaí. Ábhar iontais don chuariteoir a ealaíonta is a dhéanadh ceardaithe a gcuid oibre sa chianaimsir — níos mó ná dhá mhíle bliain ó shin.

Cúpla ciliméadar ar shiúl ón Heuneburg tá sráidbhaile beag go dtugtar Hundersingen air, agus tá ar taispeáint ann cuid mhaith de na déantúsáin a fionnadh san Heuneburg agus sna cairn timpeall. Feictear ann earraí cré, óir, iarainn agus cré-umha, finnéithe iad uile den seansaol nuair a bhí taoisigh Cheilteacha faoi réim cois na Danóibe. Insíonn grianghraif den scoth an scéal dúinn mar gheall ar na tochtáin go léir a deineadh; tá fógraí in airde a thugann eolas dúinn ar na déantúsáin éagsúla a fionnadh ann. Bhí atheagar á chur ar an iarsmalann le linn mo chuairte ann agus dúradh liom go mbeidh ar chumas an chuairteora scéal sean-Heuneburg a fheiscint ar an video nuair a bheidh críoch curtha leis an obair

AN BHRÍ SPIORADÁLTA I SEANCHAS CHOLMCILLE

Philip Baxter, O.Carm.

Réamhrá

Tá trí chuspóir agam san léacht seo. Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom mo dhearcadh féin a léiriú díbh ar an seanchas faoi Cholmcille agus a eachtraí anso in Éirinn agus in Albain. Sa dara áit déanfaidh mé iarracht achoimre a dhéanamh ar na scéalta faoina shaol mar a tháinig siad anuas chugainn ó na foinsí atá ar fáil in go léor áiteanna. Agus ansin inseoidh mé díbh an bhrí spioradálta a bhainimse féin as na traidisiúin faoi Cholmcille, mar tá teagasc Críostaí le fáil iontu a bhaineann le saol an lae inniu chomh maith leis na cianta atá caite.

Cé go bhfuil suim agam i gcúrsaí staire de ghnáth, tá dearcadh eile agam sa léacht seo. Ní féidir linn anois anáilís chriticúil a dhéanamh ar na scéalta go léir a thagann chugainn ón mbéaloideas, agus cúntas “stairiúl” a fhí nó a shníomh astu. Agus ag breathnú ar sheanchas Cholmcille ina iomláine ní “stair” atá i gceist againn, fé mar a thuigtear an focal “stair” inniu. Tá sé níos fearr glacadh leis na scéalta mar finscéalta cráifeacha. Nílimse ag iarraidh amhras a chaitheamh ar na scéalta ná ar an traidisiún scéalaíochta as a dtagann siad. Bíodh gur finscéalta iad, ní h-ionann sin is a rá nach bhfuil léargas críonna iontu, mar tá gaois agus fírinne folaithe sna scéalta seo agus sna siombailí a úsáidtear iontu, siombailí atá préamhaitha inár noidhreacht Chríostaí. Bhí (agus tá) cuspóir faoi leith ag scéalta dá leithéid san, seachas na fírící, “facts” – an fhírinne lom (má tá a leithéid ann!) – a aithris; – Just the facts, ma’am – tá siad ag iarraidh brí spioradálta beatha Cholmcille a thabhairt chun solais. Agus má ligfimid dosna finscéalta soilsíú orainn, is féidir linn éifeacht agus inspioráid a bhaint astu, chun tairbhe dúinne ar ár n-aistear féin. Agus ansin tuigfimid nach “his-story” amháin a scéal-sa, ach “our-story” chomh maith.

Agus an cúlra sin leagtha amach agam, bogaimís ar aghaidh agus éistimís le h-aithris an scéil faoi shaol agus faoi eachtraí Cholmcille.

Achoimre ar na scéalta

Duine ildánach ab ea Colmcille. Bhi clú agus cáil air mar cheannaire, mar fhear léinn, mar thaidhleóir agus mar naomh. De réir na tuairiscí a tháinig anuas chugainn, bhí cuma an údaráis air; bhí sé árd, dubh agus dáthúil. Ceannaire cumasach ab ea é, ó thaobh na polaitíochta de agus ó thaobh na seirbhísí tréadacha de, agus bhí tionchar mór aige ar chursaí reatha na tíre lena linn.

Rugadh é i nGartan, i gCo. Dún na nGall, de shliocht Uí Néill, an clann ab uaisle i measc na n-uasal, — de réir a dtuairime féin ar aon nos, mar leis na céadta bhí éileamh acu ar an Ardríocht. Maítear go forleathan gur mac gharpháiste (iarua mic) le Niall Naoigiallach ab ea Colmcille, — b’shin an Rí pagánach a d’fhuadaigh Naomh Pádraig agus a thug go hÉirinn ina sclábhaí é. Sé an rud atá intuigthe as an scéal seo ná go raibh Colmcille ag scaradh gabhail ar dhá shaol: an saol pagánach ar thaobh amháin agus an saol Críostaí ar an dtaobh eile. Agus ina chroí istigh tháinig tréithe le chéile nárbh fhurasta aontú lena chéile in iomlán amháin. B’uasal an dream as a dtáinig sé, agus bhí meon árdaiqeantach, mórálach, díomasach aige, mar ba dhual dó. Ach ar an dtaobh eile, bhí sé cineálta, lách agus carthanach, agus bhí sé tugtha don léinn agus do sheirbhís Dé.

Tugadh an t-ainm “Crimhthann” (sé sin, “Sionnach”) air nuair a baisteadh é. Nuair a bhí sé ina ghasúr, de réir nosanna agus cleachtas na haoise sin, cuireadh mar mhac altrama é go dtí duine naofa darbh ainm Cruithneachan. Sar i bhfad aithníodh gur duine cráifeach é, agus gur maith leis tréimhse fada a chaitheamh ag guí agus ag machnamh. Ba ghairid gur thug a chomhaoisigh leasainm air: “Colmcille”, ’sé sin, an colm a mhaireann sa chill.

Agus é fós ina ógánach, thaistil Colmcille ó áit go h-áit agus cíochras léinn air, ag caitheamh tréimhse ina phrintíseach faoi mháistreacha éagsúla den chéad

scoth, ag foghlaim go díograiseach gach ní arbh fhéidir leis teacht air. Chuir sé tús lena chuid siúlta nuair a chuir sé chun bóthair chun seal a chaitheamh i gcuideachta Naoimh Finian, a bhí ina Ab i gceannas ar mhainistir a bhí lonnaithe in aice le Maigh Bhile Íochtarach ar Loch Cuan (i gContae an Dúin). Ina dhiaidh sin bhuail Colmcille ó dheas go Cúige Laighin agus chaith sé tréimhse ag foghlaim na healaíona uaisle faoi chúram an fhile cháiliúil Gemman. Ar fhágáil slán ag Gemman dó, bhuail sé chun bóthair arís agus chaith sé tréimhse i Mainistir Chluain Iorairdi gContae na Mí, mar a raibh scoil cháiliúil á stiuradh ag an Naomh oirirc Finian. (Níorbh é sin an duine céanna a bhí ina Ab i Maigh bhile, ach Finian eile.) Faoi dheire, dhírigh Colmcille a chosa i dtreo Naomh Mobhi agus an scoil a bhí lonnaithe i nGlas Naíon. Ach b'éigean dó an áit sin a thréigint nuair a bhuail ráig den phlá an ceantar.

Um an dtaca sin bhí Colmcille ag caitheamh i ndiaidh a dhúchais agus d'fill sé abhaile. Cuireadh fearadh na fáilte roimhe. Bhí a ghaolta tuillteanach na h-acmhainní riachtanacha a chur ar fáil dó chun mainistir dá chuid féin a bhunú. Le beannachtaí a mhuintire roghnaigh sé Doire Calgach – áit ar bhruach an Abhainn Faille – mar shuíomh a mhainistreach. Ó shin i leith bhí (agus tá) ainm Cholmcille nascaithe le Doire.

Tar éis dó seal a chaitheamh i mbun oibre ag tógáil na mainistreach nua, ní hábhar iontais é gur chuir Colmcille chun bóthair arís, ní hea an babhta seo ina macléinn, ach mar eagraí aibí i seirbhís Phobal Dé. Thaistil se i bhfad is i ngar ag cur teampall agus mainistreacha ar bun, mar shampla i Maoine i gCo. Cill Dara, san Sord i gCo. Baile Átha Cliath, agus i mBoirinn i gCo. an Chláir. Pé áit a ndeaca sé, d'fag sé a rian ann, agus is mór an t-iomrá atá air sna cheantair sin go dtí an lá inniu. Is mar sin a chaith sé a shaol go dtí gur raibh dathad bliain caite aige.

Ach ansin, thárla eachtra a chur bac ar na pleananna a bhí beartaithe aige. Phleásc aighneas nimhneach idir Cholmcille agus a iarmheantóir Finian, Ab

Mhaigh Bhile. Fuair Colmcille leabhar na Salm ar iasacht ó Fhinian, agus gan chead a fháil ná a iarraidh uaidh, rinne sé macasamhail de. Las Finian le fearg in aghaidh Cholmcille agus d'éiligh sé air, ní h-amháin an bunleagan a thabhairt ar ais dó, ach an macasamhail freisin. Dhiúltaigh Colmcille é sin a dhéanamh, agus le teann stuaice, chuaigh Finian go Tara, mar a raibh conaí ar an Ard-Rí, Diarmuid Mac Carbhail, chun cúiseanna coiriúla a chur in aghaidh Cholmcille.

Ghlac Diarmuid páirt Fhinian, agus d'fhógair sé a bhreith ar an gcás: “Le gach bhoín a lao, agus le gach leabhar a leabhrán”. Chuir an bhreith sin síolta an drochamhrais idir an Ard-Rí agus Colmcille. Chuaigh an scéal in olcas nuair a mharaigh Diarmuid fear óg a bhí faoi choimirce Cholmcille. Ghabh taom millteanach faitís Colmcille agus tharraing sé siar go Dún na nGall chun didean agus cabhair a lorg óna ghaolta in éadán an Ard-Rí. Shocraigh an clann uile díoltas a bhaint amach agus d'fhógair siad cogadh ar Dhiarmuid. Chas an dá airm ar a chéile i gCúl Dreimhne (Sligeach). Le linn don chath a bheith ar siúl, bhí Colmcille ar a dhá ghlúin ag guí ar son a mhuintire féin. Tar éis chatha fhuiltigh, fuair lucht taca Cholmcille mórbhua ar a naimhde, agus bhí tri mhíle saighdiúr d’airm an Ard-Rí sínte ar an macaire catha.

Leath tuarisc an chatha sin ar fuaid na tíre agus chuir an sceal sin déistin ar na manaigh go léir, agus bhí caitheamh is cáineadh acu ar Cholmcille. Cuireadh ina leith go raibh sé uaibhreach, sotalach, agus díomasach. Chuaigh cáineadh géar na manach go croí ann, agus tuigeadh dó gurbh é féin ba chúis leis an aighneas agus go raibh sé ciontach insan ár scannalach a tharla. Ar feadh tamaill fhada ina dhiaidh sin, bhí sé ciaptha ina chroí istigh ag an gciontacht, go dti gur bheartaigh sé dul ar déoraíocht go hOilean Í (Iona), ina oilithreach Críostaí in éiric a pheachaí. D’imigh, agus bhain sé an t-oileán amach slán.

Tar éis a tharla dhó, bhí athrú meoin tagtha ar Cholmcille, agus as sin amach bhí umhlaíocht croí agus intinne le feiscint ina iompar os comhair na mbráithre agus gach éinne. Ach an chéad rud a bhí de dhíth air agus na bráithre a

bhí ina theannta, ná áit chónaithe. Mar sin, thosaigh siad ag leagadh síos dúshraith mhainistreach nua ar Iona. Ar dtús ní raibh ann ach foirgneamh an-shimplí déanta de chaolach agus cré. Ach sul i bhfad bhí stratéis idir lámha acu chun forbairt agus fás na mainistreach a chur chun tosaigh. Cé gurbh é Colmcille féin a bhí ina stiúrtheoir ar an obair forbartha, níor dhein sé faillí ina chuid freagrachtaí eile. Bhí air a scileanna a chleachtadh mar mhaisitheoir leabhar an Bhíobla. Comh maith le sin thuill sé clú agus cáil mar dhuine carthanach, comhbhách. Cuireadh sé béim laidir ar chúram dá bhráithre agus ar thacaíocht chuí a thabhairt dos na bochtáin agus na díbearthaigh a bhí sa cheantar.

Ní nach ionadh, bhi iomaí deis aige chun a scileanna taidhleóireachta a chleachtadh, mar bhi na ceannairí áitiúla in Eirinn agus in Albain de shíor i ngleic lena chéile. Mar adeir an seanfhocal: “ní dual don diabhal bheith díomhaoin”. Os rud é go raibh muinín acu as Colmcille, ba mhinic é a bheith ina idirghabhálaí, chun an tsíocháin a athbhunú agus comhaontú a chothú idir na céilí comhraic.

Bhi saol fada ag Colmcille. Mhair sé ar Iona go dtí an bhliain 597, nuair a fuair sé bas le linn Aifreann an Mheán-Oiche um Cháisc. Bhí 75 bliana slánaithe aige. Agus ag deireadh a shaoil d’fhág sé na focail seo ag a lucht leanúna:

“A chlann liom, fágaim agaibh na focail deireannacha seo uaimse: coimeadaigí eadraibh féin an tsíocháin agus grá gan cur-i-gcéill”.

Agus b’shin a theastas spioradálta dá lucht leanúna, agus dúinne.

Brí spioradálta

Is féidir linn saol Cholmcille a dheighilt i dtrí chuid, agus tá “oilithreach” (nó turas) de shaghas ag baint le gach cuid acu.

Thosaigh an chéad turas agus é ina ógánach, nuair a bhuail sé chun bóthair agus cíocras léinn air, ag taisteal na tíre agus ag foghlaim i mainistreacha

éagsúla. Cuireadh críoch leis an tréimhse sin dá shaol nuair a bhris an aicíd amach í gceantar na mainistreach ina raibh Naomh Mobhi ina Ab, agus d'fhill Colmcille abhaile.

Ar an dara turas a thóg sé ar féin, thaistil sé anso is ansúd ag cur teampall agus mainistreacha ar bun. Ach cuireadh deireadh leis an obair sin nuair a thosaigh an t-aighneas idir é féin agus Finian agus an Ard-Rí.

Thosaigh an tríú turas, nuair a chuir sé chun farraige faoi choimirce Dé, go dtí gur bhain sé Oileán Í amach. Agus b'shin an t-oilithreach, an turas deireannach.

Nuair a dhéanaim machnamh ar aistear Cholmcille ó thaobh na síceolaíochta agus spioradáltachta de, feictear dom go bhfuil comhchoibhneas súntasach idir na turasanna sin agus na céimeanna a thógann daoine ar bhóthar na haibíochta, sé sin an turas a thógaimíd orainn féin agus sinn ag dul in aois agus in eagna inár bhforbairt phearsanta. Tá trí chéim ann go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo, agus tá trí chlaochló ar foláir do dhuine dul tríothu, chun an chéad chéim eile ar aghaidh a thógaint agus chun aibíocht spioradálta a bhaint amach. Aithnítear na céimeanna éagsúla i saol daoine ar mhian leo Críost a leanúint mar dheisceabail.

Seachtó bliain ó shoin, scríobh an file Gréagach, Nikos Kazantzakis na línte seo:

Is bogha i do láimh mé, a Thiarna:
 tarraing mé, nó rachaidh mé ó rath ort.
 Ná ró tharraing mé, a Thiarna,
 tá baol ann go mbrisfear mé.
 Ró tharraing mé a Thiarna,
 Is cuma má bhrisfear mé.

Sna línte seo cuireann Kazantzakis os ár gcomhair trí shaghas anamacha go bhfuil meon éagsúil agus cineál cráifeachta faoi leith ag gabháil le gach ceann acu. Ach léiríonn siad freisin na céimeanna ar bhóthar na spioradáltachta.

Is bogha i do láimh mé, a Thiarna:
tarraing mé, nó rachaidh mé ó rath ort

Tá fuinneamh agus fonn le clos san line seo. Tá an duine réidh chun dul i seirbhís an Tiarna. Deir sé: “Bain usáid asam, nó ní bheidh maitheas ionam”. Muna chuirtear bogha faoi theannas ní feidir aon rud a dhéanamh leis. Mar sin, “Tarraing go teann mé, a Thiarna agus bain usáid asam”.

B’shin an meon a bhí ag Abrám nuair d’fhág sé a áit dúchais agus a mhuintir chun dul ar thuras narbh eol dó a threoir ná a chríoch. Mar an gcéanna, thug Peadar agus Aindrias agus Séamas agus Eoin cúl don iascaireacht chun Íosa a leanúint. Tá an meon céanna le h-aithint sna Saim: “Seo ag teacht mé ... go ndéanfainn do thoilse!” (Salm 40:8,9)

Agus b’shin an meon a bhí ag Colmcille freisin nuair d’fhág sé slán lena mhuintir agus chuaigh sé ag taisteal na tíre go mainistreacha éagsúla ina phrintíseach chun aithne agus taithí a chur ar Dhia agus ar léinn na Críostaíochta.

Ná ró tharraing mé, a Thiarna, tá baol
ann go mbrisfear mé.

’Sé sin, “ná tarraing ró-theann mé, ar eagla go mbrisfí mé ag an teannas”. Mar sin a bhíonn an scéal nuair a bhraitheann duine go bhfuil sé á thriailiú thar a chumas, amhail is dá mbéadh ualach mór ag brú anuas air. Mar adeir Ieremía fáidh:

Níl lá nach mbíonn siad ag gáire fúm,
is ceap magaidh mé ag gach aon duine...
Tá briathar an Tiarna tar éis éirí ina mhasla domsa
agus ina ábhar magaidh ar feadh an lae.
Deirinn: “Ní smaioineoidh mé air,
ní labhróidh mise níos mó ina ainm (Jeremia 20:7b-9a)

Cé go bhfuil fonn ar dhuine an ceart a dhéanamh, cé go bhfuil sé lán tuilteanach Íosa a leanúint, níl cinnteacht ar bith go mbeidh bealach mín amach roimhe, agus nách n-éiríodh bacanna nó deacrachtaí chun misneach agus fuinneamh a chloí ann. Uaireanta ‘siad rudaí a thagann chuige ón dtaobh amuigh a ghoilleann ar an

duine. Uaireanta eile 'sé an duine féin is cúis leis an teannas agus leis an bhfaiíos agus leis an droch-mhisneach: mianta a chroí, a smaointe casta, na cathuithe a ghéill sé leo, nó b'fhéidir an meathlú agus an laige a thagann le haois.

I gcás Pheadair naofa, nuair a gabhadh Íosa, b'shin an rud a chur as a bhealach é. Nuair a chuireadh ina leith go raibh sé ina chomrádaí ag Íosa, shéan sé é le mionn: "Níl aithne agam ar an duine".

Is minic a thagann an dorchadas anuas ar dhuine agus leath a chúrsa caite aige. Na rudaí a bhí rí-shoiléir dó ina óige, níl siad ró-shoiléir anois. An fíis a bhí ós a chomhair ár dtús agus a spreag chun siúl é, is deacair é thabhairt chun chuimhne anois. Thug Dante cúntas ar an gcás:

Nel mezzo del cammin di nostra vita
mi ritrovai per una selva oscura
ché la diritta via era smarrita.

I lár chúrsa an tsaoil seo tháinig mé chugham féin i bhforais dorcha mar bhíos ar seachrán ón mbealach cheart.

Nuair a chailleann duine eolas ar an tslí, lí, is deacair dul ar aghaidh. Ach uaireanta eile, cuireann an duine laincisí ar féin toisc nach féidir leis géilleadh do spreagadh an ghrásta agus dul ar aghaidh níos faide ar an mbóthar spioradálta. Tá an iomarca múinine aige as féin, agus tá sé sáite i bpoll atá déanta aige dó féin, agus níl dul as aige. Tá sceilín ann ón traidisiún Búdaíoch a léiríonn an cás seo go simplí:

Uair amhain thug ollamh ollscoile chuairt ar mhaistir spiorodálta, darbh ainm dó Nan-in. D'ullmhaigh Nan-in tae don chuairteoir. Dhoirt sé an tae isteach sa chupán and nuair a bhí sé lán le tae lean sé ar aghaidh ag doirteadh. Breathnaigh an t-ollamh ar an gcupán agus ar an tae ag dul thar maoil. D'fhan sé in a thost ar feadh tamaill, go dtí narbh fhéidir leis srian a chur ar a chuid iontais níos faide. "Ta sé ag dul thar maoil" a dúirt sé, "ní féidir níos mó a chur isteach. D'freagair Nan-in dó, a rá: "Is iontach an chosúlacht atá idir tú féin agus an

cupán seo. Tá do thuairimí agus do bhreithiúnais ag dul thar maoil. Nílim in ann tada a mhúineadh dhuit go dtí go scarann tú ón intinn docht plódaithe, as a mhaireann tú”.

Agus b’fhéidir gur mar an gcéanna an scéal ag Colmcille nuair a thárla an taighneas idir é féin agus Finian agus an Ard-Rí. Bhí dathad bliain caite aige ag an am sin. Bhí clú agus cáil bainte amach aige mar duine léanta, éirimiúil. Bhí mainistreacha bunaithe aige i go leor áiteanna. Ach go doimhin ina chroí istigh bhí an éirí-in-áirde agus an ceandánacht agus an díomas ba dhual dó mar phlanda de phór rí-uasal Uí Néill. Mar a dúras ar dtús, de réir dealraimh bhí Colmcille (maraon lena lán daoine dá linn-san) ag scaradh gabhail ar dhá shaol, dhá chultúr — an Chríostaíocht ar thaobh amháin agus an cultúr ceilteach ar an dtaobh eile. Agus má’s fíor gur mac gharpháiste le Niall ab ea é, ní fada ón gcrann a thit an t-úll, agus ní féidir an dúchas a cheilt. Agus b’iad na tréithe a fuair sé óna oidhreacht árd-uasal ríoga a chuir ar bhóthar a aimhleasa é, agus b’iad san ba chúis leis an sléacht scannalach a thárla i gCúl Dreibhne.

Ina dhiaidh sin, fágadh Colmcille ciaptha ina chroí istigh ag an gciontacht, gan treoir, cráite le h-aithrí, mar tuigtear dó sa deireadh cad a bhí déanta aige.

Mar an gcéanna le Peadar:

D’iompáigh an Tiarna agus bhreathnaigh ar Pheadar. Chuimhnigh Peadar ansin ar bhriathar an Tiarna, mar a dúirt sé leis: ‘Roimh ghlaoch don choileach inniu, séanfaidh tú mé faoi thrí.’ Agus chuaigh sé amach agus ghoil go goirt (Lúcás 22:61–62).

Agus is dócha gur chaith Colmcille go leor oíche ar a ghlúin ag silleadh na ndeor freisin le h-aithrí.

Ach ní féidir le duine fanacht mar sin, sínte ar lár gan fuinneamh, gan brí. Ní mór dó an bac seo a shárú sula bhféadfaidh sé chéim ar aghaidh a thógaint ar an mbóthar spioradálta. Rinne mé trácht tamall o shin ar na trí chlaochló ar foláir do dhuine dul tríothu, chun céim ar aghaidh a thógaint ar an turas spioradálta

agus aibíocht spioradálta a bhaint amach. 'Sé tá i gceist i ngach cás ná athrú meoin, — nó metanoia, a scaoilfidh an duine saor ósna laincísí atá curtha aige air féin, agus an bealach ar aghaidh a chur ar leathadh roimhe. Agus anois tagaimíd chun an líne deireannach ó pheann Kazantzakis:

Ró tharraing mé a Thiarna, Is cuma má bhrisfear mé.

'Sé sin, “tarraing mé chomh teann agus is mian leat, a Thiarna, agus má bhrisfear mé tá múinín agam asat, go gcuirfidh tú le chéile mé arís – má’s mian leat. Ach ar aon nos, go ndéantar do thoilse!”

Is fíor-thábhachtach an chéim seo san turas spioradálta. An fhaid is a bhíonn an duine ag braith ar féin, agus ar a achmhainní féin, agus a neart féin, agus ar a fhíréantacht féin (ar nos an Fairisínigh sa Teampall) — ní féidir leis dul ar aghaidh. Tá sé cosúil le duine ar muin rothar acláiochta thuas ar seastán agus é ag bainnt ceoil as na troitheáin: cé go bhfuil na rothaí ag casadh faoi lánluas, ní bhogfaidh an rothar ar aghaidh ar chor a bith, mar níl na rothaí ag seasamh ar an dtalamh.

Ach nuair a chuireann duine é féin faoi choimirce Dé agus lán-mhúinín a bheith aige as, ansin tá talamh daingean faoina chosa aige. Tá an teagasc sin á chur romhainn arís agus arís eile sna Scriptúir:

Bíodh muinín agat as an Tiarna, agus ná bíodh iontaoibh agat as do thuiscint féin. (Seanfhocail 3:5);

Mura seasann sibhse liomsa, níl seasamh i ndán daoibh (Isaía 7:9);

Ach ligigí uaibh bhúr gcuid scéimeanna; ligigí uaibh bhúr gcuid airm; agus ansin braithfidh sibh cumhacht an Tiarna bhúr Slánaitheoir ag teacht i gcabhair oraibh (cf. Salm 46:10).

Nuair is léir dúinn ár laige, is ansin a bhraithimid cumhacht ár dTiarna istigh ionainn agus thart orainn agus taobh linn. Mar a deir Pól naofa:

Is é a dúirt an Tiarna liom: “Is leor duit mo ghrásta, mar is tríd an laige a thagann an neart chun foirfeachta.” Is móide is fonn liom dá bhrí sin a bheith ag maíomh as mo laigí le hionchas go luífeadh cumhacht Chríost orm. ... Nuair a bhím lag, sin í an uair a bhím láidir (2 Corantaigh 12:9–10).

Thóg Colmcille an chéim sin nuair a d'fhág sé slán lena thír dhúchais, a mhuintir, agus Doire, an áit ab ansa leis thar aon áit eile. Thug sé faoin fharraige mór i gcurrach gan ach beirt chompánach déag in éineacht leis. Bhí éachtaí a óige, agus an clú a bhí bainte amach aige taobh thiar de; agus seo anois é ina olithreach bhocht lom. Agus ansin a tháinig an t-athrú.

Ag deireadh an fhómhair téann péistín beag suarach i bhfolach agus déanann clúdach dó féin, ar a dtugtar “criosaláid” (chrysalis). I rith an ghéimhridh tagann athrú ar an bpéistín sin agus é ina shuan san dorchadas. Agus ar theacht don Earrach, scoiltear plaosc na criosaláide, agus tagann an creatúir amach ina pheidhleachán ghléigheal. Mar an gcéanna an t-athrú a tháinig ar Cholmcille. De réir mar a ndéaca sé i dtaithe níos doimhne ar Dhia, chuaigh sé i dtaithe níos doimhne ar féin. Ghlac sé leis an bhfírinne, go raibh sé ina chréatúr lag, ach go raibh sé i gcónaí faoi choimirce Dé. Sna blianta a bhí roimhe, bhain sé clú agus cáil amach, ní de bharr a chuid léinn, ach de bharr an ghrá a thaispeáin sé dá bhráithre, a chomh-mhanaigh, agus do gach éinne.

[I dtús a shaoil, bhí Colmcille ina dheisceabal ag Íosa i slí “bhunúsach”, é ag iarraidh Íosa a leanúint agus eolas a fháil trí léinn. Sa dara thréimhse dá shaol, bhí ‘leanúint’ eile á chleachtadh aige, agus é ag gabháil thart anseo is ansiúd ag cur teampall agus mainistreacha ar bun. Is féidir leanúint “torthúil” a chur ar sin, agus ba mhaith an rud é. Ach sa thréimhse deireannach dá shaol is ea a d’aistrigh sé ina dheisceabal foirfe, radacach, préamhaithe go daingean i ngrá an Tiarna, agus Spiorad an Tiarna á mhunlú óna chroí amach.]

Inniu tugtar urraim agus ómós do Cholmcille ní h-amháin anso in Eirinn agus thall in Albain, ach san Oirthear chomh maith, san Eaglais Cheartchreidmheach, ina aithnítear é mar eiseamláir den bhfíorchráifeacht: den chreideamh, den dóchas agus den ngrá, agus cuirtear ós ár gcomhair é mar shampla chun go ndéanfaimis aithris air.

Mar a dúras cheana, tá brí spioradálta ag baint le chúrsa a shaoil agus is féidir linn éifeacht agus inspioráid a bhaint as na scéalta, chun tairbhe dúinne ar ár n-aistear féin. Agus má dhéanfaimíd amhlaidh tuigfimid nach “his-story” amháin a scéal-sa, ach “our-story” chomh maith

